# Contents Page

**An Contae seo Againne**

**Ráiteas an Chathaoirligh**

**Ráiteas an Bhainisteora Chontae**

**Toghcheantair agus Ionadaithe Tofa**

**Comhdhálacha ag a raibh Ionadaithe Tofa**

**Fáiltithe Cathrach/An Chathaoirligh**

**Plean Corparáideach**

**Foireann Bhainistíochta**

**Inrochtaineacht**

**Scéim na dTeangacha Oifigiúla**

## Pleanáil, Forbairt Eacnamaíoch, Gnóthaí Corparáideacha, Pobal agus Fiontar agus Comhairle Baile An Chabháin

**Pleanáil, Forbairt Eacnamaíoch**

- Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíoch
- Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha
- Oidhreacht agus Caomhnú
- Forfheidhmiú Géilliúlacht Fhorbartha agus Rialú Foirgníochta
- Coiste um Bheartas Straitéiseach, Pleanáil is Eacnamaíocht Tuaithe

**Gnóthaí Corparáideacha agus Daonacmhainní**

- Earcú Foirne
- Táscairí Seirbhíse
- Córas Bainistíochta is Forbairt Feidhmíochta (PMDS)
- Saoráil Faisnéise
- Oiliúint agus Forbairt
- Deontais Ardoideachais
- Clár na dToghthóirí

**Pobal agus Fiontar, Cuimsiú Sóisialta**

- Rannóg Phobail agus Fiontair
- Ionad Idirnáisiúnta Gasóga Caisleán Sandarsan
- Clár RAPID
- Grúpa Idiráisínteachtaí Lucht Siúil An Chabháin
- Comhchoiste Póilíneachta
- Ionad Sráid an Droichid
- SÍOCHÁIN III

- Deontais Bheaga
- Comhairle na nÓg
- Comhpháirtíocht Spóirt An Chabháin
- Ionad Cumsiú Sóisialta
- Fóram Pobail agus Deonach
- Scéim Deontas Pobail
- Scéim Gradam an Chathaoirligh
- An Tóstal
- Mórtas Ceantair
- Coiste um Bheartas Straitéiseach, Gnóthaí Pobail, Fiontair agus Sóisialta

**Comhairle Baile An Chabháin**

## Bonneagar, Gnóthaí Cultúrtha agus Tithíocht

**Bonneagar**

- Coiste um Bheartas Straitéiseach, Bóithre agus Iompar

**Gnóthaí Cultúrtha**

- Seirbhísí Leabharlanna
- Oifig Ealaíon
- Músaem Chontae an Chabháin
- Amharclann An Reamhoir

**Tithíocht**

## Seirbhísí Uisce, Dramhaíola, Comhshaoil, Seirbhísí Éigeandála agus Turasóireacht

- Comhshaol
- Seirbhísí Uisce
- Seirbhís Dóiteáin
- Cosaint Shibhialta
- Turasóireacht
- Coiste um Bheartas Straitéiseach, Comhshaol, Uisce is Seirbhísí Sláintíochta

## Seirbhísí Airgeadais agus Eolais

- Airgeadas
- Mótarcháin
- Seirbhísí Eolais
- Coimrú Cuntas 201

**Eagrú agus Riarachán**

Sonraí Teagmhála

**Nóta:** Tá an Tuarascáil Bhliantúil seo ar fáil i bhFormáid Inrochtana. Glaoigh led thoil ar an Rannóg Gnóthaí Corparáideacha ag 049 437 8658 nó 049 437 8652

# An Contae seo Againne

"Tá beocht agus brí dá cuid féin i gContae an Chabháin gan dabht, buanna nar tháinig cuid mhaith de mhuintir na hÉireann fós orthu.  Sa chontae seo againne gheobhaidh tú tírdhreach aoibhinn, cultúr saibhir agus fearadh na fáilte.  Ar sos duit féin, ar saoire teaghlaigh nó i mbun gníomhaíochtaí sláintiúla eile, déanfaidh an áit seo maitheas do chách". www.cavantourism.com

Contae tuaithe is ea An Cabhán don chuid is mó agus  73,183 dhuine ina gcónaí ann.  É sin ráite is fíor go bhfuil méadú suntasach ar an daonra sna ceantair uirbeacha le blianta beaga anuas.  Limistéar droimníneach is mó atá sa chontae ina bhfuil an-chuid locha agus cnoc beaga.  Ceantar sléibhtiúil ar bheagán daonra is ea an Iarthuaisceart agus radharcanna breátha le feiscint ann.  Is ann a chífea láithreacha a mbíonn an-éileamh ag turasóirí orthu mar Uiscebhealach na Sionainne/Éirne agus an Geopháirc Domhanda mar a bhfuil na hUaimheanna Marble Arch.

Maidir le bealaí isteach sa Chontae, buntáiste mór anois is ea an M3 a fhágann nach bhfuil ach turas faoi bhun uair a chloig idir Baile Átha Cliath agus teorainn an chontae ar an dtaobh ó dheas d'Achadh an Iúir.  Tá baile an Chabháin suite go straitéiseach freisin ar an mbóthar díreach go dtí An Tuaisceart.

Tá ceithre Thoghcheantar sa Chontae: Coill an Chollaigh, Baile Shéamais Dhuibh,  Béal Tairbirt agus An Cabhán.  Tá trí Chomhairle Baile, An Cabhán, Béal Tairbirt agus  An Muinchille.  Is Molbhaile é An Cabhán sa Straitéis Spásúil Náisiúnta.

## Ráiteas an Chathaoirligh



Cúis áthais domsa mar Chathaoirleach fáiltiú roimh Thuarascáil Bhliantúil 2012 is í anois foilsithe.

Tá athrú an-mhór ar ról Rialtais Aitiúla ó bhí mise go deireanach san oifig. Ar an gcéad dul síos tá freagrachtaí i bhfad níos leithne ar an Rialtas Aitiúil seachas mar a bhíodh tráth. Bítear ag ple anois le forbairt eacnamaíoch, turasóireacht, cuimsiú sóisialta agus le saol an phobail i gcoitinne.

Bhí Údaráis Áitiúla An Chabháin go mór chun tosaigh maidir leis an gclár nua oibre úd do Rialtais Áitiúla, rud is léir ón réimse leathan gníomhaíochtaí a chlúdaítear go cruirnn sa Tuarascáil Bhliantúil seo. Ina theannta san bhí an Chomhairle an-ghníomhach maidir le haird a dhíriú ar cheisteanna sa tsochaí agus iad ag déileáil le dálaí a théann i bhfeidhm ar cháilíocht beatha na saoránach seo againne.

In ainneoin cúinsí geilleagair a bheith go rí-dheacair, tharla dul chun cinn suntasach dearfach i rith na bliana 2012. Don tríú bliain as a chéile bhí Fleadh Cheoil na hÉireann againn is sinn arís bródúil as mar bhuaicphointe na bliana. De bharr na féile seo tá clú agus cáil ar An gCabhán mar áit bhreá do chuairteoirí agus fearadh na fáilte rompu.

Ar mhórimeachtaí eile na bliana 2012 bhí:


- Nochtaíodh liosta na laoch i mBaile an Chabháin i gcuimhne ar an 700 ón Chabhán a fuair bás sa Chéad Chogadh Domhanda
- Osclaíodh Ionad Idirnáisiúnta Gasóga Caisleán Sandarsan
- Móthionscnaimh ar na Bóithre N55, Seachród Bhéal Tairbirt N3 agus Bóthar Faoisimh Bhéal Átha Chonaill N87
- Osclaíodh Grúpscéim Uisce Ghleann na hÉirne
- Bhí an-rath ar fad ar an bhféile Blas An Chabháin
- Osclaíodh Gáirdín Dealbhadóireachta i bPáirc Fhoraoise Dún an Rí
- Osclaíodh Gáirdín Síochána sa Mhuinchille
- Ócáid stairiúil agus Fleadh 2013 á chur ar aghaidh go cathair Dhoire
- Bronnadh gradam 20 bliain seirbhíse ar fhoireann Seirbhísí Dóiteáin

Ba mhór an onóir dom freisin a bheith i láthair ar son an Chontae in éineacht leis an mBainisteoir Contae ag ócaidí bliantúla de chuid Cumann An Chabháin i Londain agus i Luton. Anois agus an imirce i réim is móran daoine óga ag imeacht thar sáile tá sé rí-thábhachtach a leithéid de naisc a choimeád is a fheabhsú.

Molaim go mór an Bainisteoir Contae, Jack Keyes is gabhaim buíochas leis féin is leis an gcoiste feidhmiúcháin as a gcuid oibre le linn 2012. Ní mór aitheantas a thabhairt don chur chuige nuálach a léirigh an fhoireann agus lear mór tionscadal á gcur chun cinn a thuill creidiúint agus moladh ó chomhlachtaí mar An Cumann Lucht Trachtála agus a leithéid. Tá meas agus buíochas freisin tuillte go maith ag mo chomhbhaill tofa agus iad ag tacú is ag comhoibriú liom ó toghadh mar Chathaoirleach mé.

**An Comhairleoir Paddy O'Reilly,** Cathaoirleach

## Ráiteas an Bhainisteora Contae



Arís d'éirigh thar barr le Comhairle Contae An Chabháin le linn na bliana 2012 cé go raibh an-chuid oibre le cur i gcrích. Is fíor go raibh dúshlán mór romhainn de dheasca cúinsí geilleagair, rud a chruthaigh laghdú ioncaim agus acmhainní foirne. In ainneoin sin go léir chuir Comhairle Contae An Chabháin seirbhísi ardchaighdeáin ar fáil sna réimsí lárnacha do phobail an chontae ar fad.

I rith na bliana díríodh ar thrí mhórthosaíochtaí; nuáil, solúbthacht agus bainistiú acmhainní. Arís d'oibrigh an fhoireann agus na baill tofa le chéile chun na tosaíochtaí a chur i gcrích is chun plé ar bhonn dearfach leis na dúshláin, iad go léir go tiomanta díograiseach mar a bhíonn i gcónaí. Dá bharr san tharla dul chun cinn sna trí réimse tosaíochtaí.

Tá áthas orm a chur in iúl gur éirigh thar barr leis an gComhairle i measc na ndúshlán ar fad a bhí romhainn i mbliana 2012. Léirítear sa tuarascáil seo na gníomhaíochtaí agus na gaiscí, orthusan bhí an méid seo a leanas:

- Obair shuntasach déanta ar cheithre mhórthionscadal bóithre sa chontae agus iad nach mór críochnaithe
- Dul chun cinn sa tionscadal Geopháirce agus tairiscintí anois déanta don obair sa Bhoireann, i mBlaic agus ar thionscnaimh eile um acmhainní nádúrtha
- Straitéis an Chomhpháirtíocht Spóirt curtha i gcrích maraon le hobair leanúnach maidir le míchumas is le cuimsiú sóisialta
- Clár um Athrú Inmheánach bunaithe ar 12 thionscnamh faoi scáth an Chlár Forbartha Eagrúcháin chun tíosacht agus éifeachtúlacht a fheabhsú
- Dul chun cinn ar Sraitéis Cuimsiú Sóisialta agus Frithbhochtanais An Chabháin
- Barr feabhais ar Fhleadh Cheoil na hÉireann 2012 don tríú bliain as a chéile is í aitheanta mar an fhéile ab fhearr riamh.
- Oscailt an Tionscnamh Carúsa Gasóga Uile-Éireann Caisleán Sandarsan ag an Uachtarán Mícheál D Ó hUiginn de bharr tréaniarracht déanta ag an bhfoireann
- Margaíocht An Chabháin agus a cuid buanna le linn Fleadh Cheoil na hÉireann nuair a seoladh branda "Seo An Cabhán" agus béim nua ar Diaspora An Chabháin, san áireamh beidh clár leathan á phleanáil don Chruinniú i 2013
- Rath iontach ar an ócáid ar a tugadh Blas An Chabháin a thug léiriiú iontach ar an bhfiontraíocht áitiúil
- Dul chun cinn déanta go gasta ar mhórthionscnaimh sheirbhísí uisce

Arís aithníodh soláthar seirbhísí den scoth nuair a bronnadh mórghradaim ag leibhéal náisiúnta mar na duaiseanna seo a leanas: achievement of major national awards including:

- Mórtas Ceantair: Gradam Cultúrtha agus Turasóireachta ar son Fleadh Cheoil na hÉireann 2012
- Innealtóirí Éireann: Grúpscéim Uisce Ghleann na hÉirne/Comhairle Contae An Chabháin
- Cumann Lucht Trachtála: 8 dtionscnamh ar an ngearrliosta – níos fearr ná riamh sa chontae
- Innealtóirí Éireann: Creidiúnacht CPD (Forbairt Phroifisiúnta Leanúnach)

Molaim go mór an bhainistíocht agus an fhoireann as comhoibriú, tiomantas agus teacht aniar le linn cúinsí géire geilleagair agus mórathruithe. Is mian liom freisin buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach is leis na baill tofa as a gcuid oibre agus tacaíochta le linn 2012 is iad ag saothrú chun an contae seo againne a fheabhsú. Tá meas is buíochas tuillte leis ag an bpobal is ag na gnóthaí a bhíonn ag comhoibriú leis an gComhairle chun a gceantair fhéin a cur chun cinn ar bhonn inmharthana ó thaobh comhshaoil, geilleagair, cultúir agus cúrsaí sóisialta de.

Is fíor go bhfuil an-chuid dúshlán amach romhainn anso san eagraíocht. Is fíor, áfach, go bhfuil rún daingean againn seirbhís den scoth a sholáthar laistigh de na hacmhainní a bheidh ar fáil agus cloí chomh mhaith lenár ráiteas misin “ barr feabhais a bhaint amach inár saothar”.

**Jack Keyes**, Bainisteoir Contae

## Toghcheantair agus na hIonadaithe

### Ionadaithe Tofa

### Comhairle Contae an Chabháin

**Toghcheantar Choill an Chollaigh**
David Blake
Aidan Boyle
Fergal Curtin
Paddy McDonald
Sean McKiernan
John O'Hare
Niamh Smyth

**Toghcheantar Bhaile Shéamais Dhuibh**
Daniel Brady
Dessie Boylan
Paddy O'Reilly
Shane P. O'Reilly
Paddy Smith
Pauline Tully-McCauley *

**Toghcheantar Bheal Tairbirt**
Damian Brady John
Paul Feeley Maura
Maguire Lynch Peter
McVitty
Sean Smith

**Toghcheantar An Chabháin**
Madeleine Argue
Winston Bennett
Andrew Boylan
Charlie Boylan
Gerry Murray
Val Smith
Patricia Walsh

**Comhairle Baile An Chabháin**
Paddy Conaty
Paddy O'Reilly
Andrew Boylan
Brian McKeown
Terry Argue
Des Cullen
Patricia Walsh
Jacqui Lewis
Michael Sexton

**Comhairle Baile Bhéal Tairbirt**
John Scott **
Raymond Johnston
John McDonald
Seamus Fitzpatrick
Liz McDermott
Tony Gorby
Paddy Brady
Mickey Lee
Peggy Gray

**Comhairle Baile Mhuinchille**
Aidan Boyle
Paddy Halton
Michael McCarey
Sean Igoe
Harry McCabe
John Martin
Vincent McCaul
Don Smith
Damien Kivlehan

** Meitheamh 2011 d'imigh John Scott ar scor is tháinig Barry Wilson ina áit
* In April 2012, Pauline Tully-McCauley retired and was replaced by Grainne Brady

### Cruinnithe an Údaráis Áitiúla i rith 2012

| | Líon |
|---|---|
| Míosúil, Athionóil agus Speisialta | 13 |
| Ollchruinniú Bliantúil | 1 |
| Cruinniú Bliantúil Buiséid | 1 |
| Grúpa Polasaí Corparáideach | 12 |
| Coiste Polasaí Straitéiseach Tithíocht agus Cultúr | 3 |
| Coiste Polasaí Straitéiseach Comhshaol agus Uisce | 4 |
| Coiste Polasaí Straitéiseach Bóithre agus Bonneagar | 3 |
| Coiste Polasaí Straitéiseach Pobal agus Sóisialta | 2 |
| Coiste Polasaí Straitéiseach Geilleagar, Tuaithe agus Pleanáil | 4 |

### Comhdhálacha/Seimineáirs/Ócáidí ag a raibh ionadaithe tofa

| Comhdháil | Láthair | Dáta | Líon na mBall |
|---|---|---|---|
| SForbairt Phroifisiúnta um Mhargaíocht Chliste | Aonach, Tiobrad Árann | 27-29 Eanáir | 1 |
| Seimineár Rialtas Áitiúil TJK | Óstán Patrick Punch, Luimneach | 27-29 Eanáir | 5 |
| Seimineár ICBAN um Phleanáil Spásúil | Óstán Royal, An Chorr Chríochach | 7 Feabhra | 1 |
| Seimineár Earraigh AMAI | Óstán Kilmore, An Cabhán | 10-11 Feabhra | 10 |
| Comhdháil Bhliantúil Údarás Réigiún an Mheániarthair | Inis Díomáin, An Clár | 16-17 Feabhra | 1 |
| Cumann Oidhreachta Ráth Thuaidh Comhdháil Comhshaoil | Meadowlands, Trá Lí | 23-26 Feabhra | 5 |
| Scoil Gheimhridh Cholmcille Dún na nGall | Leitir Ceanainn, | 24-26 Feabhra | 2 |
| Meabharshláinte agus Feasacht Fhéinmharaithe | Óstán na Páirce, Dún Garbhán | 24-26 Feabhra | 4 |
| Seimineár um Thógaint, Ullmhú agus Teacht aniar an Phobail | Óstán Malton, Cill Airne | 9 Márta | 2 |
| Seimineár Earraigh LAMA | ÓstánTower, Port Láirge | 13-14 Aibreán | 15 |
| Clár Polaitiúil agus Comhoibriú Cathartha ICBAN | Óstán Four Seasons, Muineachán | 26 Aibreán | 3 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Mianach Eacnamaíoch i dTurasóireacht Ealaíon is Cultúrtha | Lios Tuathail, Ciarraí | 26-27 Aibreán | 1 |
| Comhdháil um Fhuinneamh Inmharthana BMW | Óstán TF Royal, Caisleán an Bharraigh | 30 Aibreán | 8 |
| Comhdháil Comhairlí Contae agus Cathrach | Óstán Newpark, Cill Chainnigh | 10-11 Bealtaine | 8 |
| Seimineár Forbairt Phroifisiúnta TGR | Óstán Kilurry Lodge, Luimneach | 8-10 Meitheamh | 2 |
| 10ú Comhdháil Turasóireachta Cheatharlach | Óstán Dolmen, Ceatharlach | 21-23 Meitheamh | 1 |
| Scoil Samhraidh Byrne Perry | Leabharlann Ghuaire | 22-24 Meitheamh | 3 |
| Scoil Samhraidh MacGill | Na Gleannta, Dún na nGall | 22-27 Iúil | 14 |
| Scoil Samhraidh Parnell | Avondale, Cill Mhantáin | 12-17 Lúnasa | 11 |
| Comhdháil Bhliantúil AMAI | Óstán Carlton Shearwater, | 13-15 Meán Fómhair Béal Átha na Slua | 1 |
| Cumann Oidhreachta Ráth Thuaidh Comhdháil Comhshaoil | Meadowlands, Trá Lí | 19-22 Meán Fómhair | 2 |
| Seimineár Oidhreachta La Touche Comh Baile Na Clocha Liatha | Na Clocha Liatha, Cill Mhantáin | 28-30 Meán Fómhair | 2 |
| Seimineár Fómhair LAMA | Óstán Mount Errigal, Leitir Ceanainn | 28-29 Meán Fómhair | 13 |
| Cuman Féinmhaireolaíocht na hÉireann | Óstán Mount Wolseley, Ceatharlach | 10-11 Deireadh Fómhair | 2 |
| Comhdháil Dubhghlas de hÍde | Tionól Réigiúnach BMW, Bealach an Doirín | 26 Deireadh Fómhair | 4 |
| Comhdháil ICBAN "Waste not Want Not" | Óstán Westville, Inis Ceithleann | 15 Samhain | 1 |
| Comhdháil Bhliantúil Réigiúin na hÉireann | Óstán Newpark, Cill Chainnigh | 16 Samhain | 4 |
| Seimineár Fiontair Esperanza "Rights of Way" | Óstán Kingsvalley, Gaillimh | 7-8 Nollaig | 2 |
| Seimineár Oiliúna Kadenza "Sláinte & Sabháilteacht" | Óstán Clonmel Park | 14-15 Nollaig | 2 |
| Mórshiúl na Féile Pádraig agus Dinnéar Chumann An Chabháinh | Nua Eabhrac | 14-18 Márta | 1 |
| Dinnéar Chumann An Chabháin | Luton, Sasana | 30 M Fómhair go 2 D Fómhair | 1 |
| Dinnéar Chumann An Chabháin | Londain | 22-24 Deireadh Fómhair | 1 |

## Ionadaíocht ar Udaráis Phoiblí agus Comhlachtaí eile

**Údarás Réigiún na Teorann:**
Comhairleoirí A. Boyle, A. Boylan, V. Smith, P. Smith, S. Smith agus D Brady.

**Coiste Oibrithe an AE:** Comh. P. Smith

**Tionol Réigiún na Teorann, Láir agus an Iarthair:**
Comhairleoirí A. Boyle agus A. Boylan

**Bord Fiontair Chontae An Chabháin:** Comhairleoirí N. Smyth and J. P. Feeley.

**Cumann Comhairlí Contae agus Cathrach:** Comh. P. McVitty, D. Boylan agus J.P. Feeley.

**Cumann Ball Údarás Áitiúla (LAMA):** Comh. M. Maguire Lynch.

**Gréasán Ceantar Lárnach na Teorann (ICBAN):** Comhairleoirí W. Bennett agus F. Curtin.

**Breifne Comhtháite Teo:** Comhairleoirí D. Boylan, S.P. O'Reilly agus G. Brady

**Cumann Comhlachtaí Árachas Poiblí na hÉireann:** Comh. Damien Brady.

**Fóram Sláinte Réigiúnach FSS – Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh:**
Comhairleoirí P. O'Reilly, G. Murray agus P. McDonald.

**Coiste Gairmoideachais Chontae An Chabháin:**
Comhairleoirí M. Argue, D. Blake, S. McKiernan, P. O'Reilly, V. Smith, M. Maguire Lynch, S. P. O'Reilly, P. Walsh agus G. Brady

**Chomhpháirtíocht Spóirt An Chabháin:** Comhairleoirí M. Argue, P. Walsh agus P. McDonald.

**Bord Forbartha Contae An Chabháin:**
Comhairleoirí G. Murray, P. McVitty, M. Argue, P. O'Reilly, C. Boylan agus S. McKiernan

Comhchoiste Póilíneachta Contae An Chabháin: Comhairleoirí Sean Smith, Paddy O'Reilly, Gerry Murray, Paddy Smith, Niamh Smyth, Winston Bennett, Danny Brady, Maura Maguire Lynch, Sean McKiernan, Dessie Boylan, Paddy McDonald, Peter McVitty, Grainne Brady

## Íocaíochtaí le Baill Chomhairle Contae An Chabháin

| | |
|---|---|
| Liúntas Bliantúil Costas<br>(taisteal, cothabháil is ilchineálach m.sh. postas) | €121,283.00 |
| Íocaíochtaí Ionadaíochta | €416,650.00 |
| Liúntas Cathaoirligh/Leas-Chathaoirligh | €27,000.00 |
| Cathaoirligh Coistí Beartas Sraitéiseacha | €30,000.00 |
| Cathaoirleach Bord Forbartha Contae | €6,000.00 |
| Taisteal/Cothabháil do Chomhdhálacha/Seimineáir/Ionadaíocht | €69,657.00 |

**Fáiltithe an Chathaoirligh le linn 2012**

1. Cumann Iar-Óglaigh na hÉireann
2. Tom MacIntyre, File agus Drámadóir
3. Foirne buacha an Chluiche Chuair, Peil na mBan, Mionúir agus Faoi 21

## Plean Corparáideach

### Raiteas Misin: "Bainfear an barr feabhais amach inár saothar"

Díreoimd trí ghníomhú ar fhorbairt inmharthana an chontae agus treoir á tabhairt, cothófar muinín as an dtodhchaí, feabhsófar caighdeán beatha ár saoránach agus cuirfear sochaí cothrom cuimsitheach chun cinn.


**Ár gcuid Prionsabal**

Deirtear san aiseolas agus trín bhfoireann go mbíonn ár gcuid prionsabal mar bhonn faoi shaothar iomlán Údarás Áitiúla an Chabháin. Déanfar iarracht ar iad siúd a léiriú agus sinn ag plé le cách idir pobal is eagraíochtaí nó ag soláthar seirbhísí.

| | |
|---|---|
| **Ionracas** | an fhírinne a insint |
| **Cúirtéis** | béasa is meas ar chách |
| **Cúnamh** | cabhair don chomharsa |
| **Oscailteacht** | fiosracht i leith nuála |

| | |
|---|---|
| **Dul chun cinn** | nuálach agus comhaimseartha |
| **Freagracht** | dáiríre faoinár ndualgas |
| **Iontaofacht** | beart de réir ár mbriathar |
| **Cuimsiú** | fáilte roimh éagsúlacht |

Mairfidh Údaráis Áitiúla An Chabhain trí na prionsabail chéanna sa chaint is sa chaidreamh a bhíonn againn is i dtógáil cinntí. Ar an gcuma san cruthófar eitic a bheidh go hiomlán dearfach i leith páirtithe leasmhara agus úsáideoirí seirbhísí.



## Foireann Bhainistíochta

**Bainisteoir Contae**

**Stiúrthóir Seirbhíse**
Pleanáil, Corparáideach, Daonacmhainní, Pobal & Fiontar, Comhairle Baile an Chabháin

Pleanáil, Forbairt Eacnamaíochta, Rialú Foirgníochta, Forbairt Phobal, Cuimsiú Sóísialta, Oidhreacht, Caomhnú, Caitheamh Aimsire & Spórt, Daonacmhainní, Oiliúint, Seirbhísí, D'IonadaitheTofa, Seirbhís don Chustaiméir, Clár na dToghthóirí agus Pinsin

**Stiúrthóir Seirbhíse**
Bonneagar, Cúrsaí Cultúrtha Tithíocht

Dearadh Bóithre, Foirgníocht Cothabháil, Bainistiú Tráchta,& Sábháilteacht, Soilsiú Poiblí Leabharlanna, Músaem,Amharclann, Ealaíon, Cothabháil Tithíochta, Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS), Iasachtaí, Deontais, Cóiríocht don Lucht Siúil/Daoine gan Dídean

**Stiúrthóir Seirbhíse**
Seirbhísí Uisce, Dramhaíl/Comhshaol Seirbhísí Éigeandála, Turasóireacht

Cosaint Chomhshaol, Bainistiú Dramhaíola, Tine, Seirbhísí Éigeandála, Caomhnú Fuinnimh, Soláthar Uisce & Séarachas, Seirbhísí Uisce & Fuíolluisce, Caomhnú, Bailiú Muirir Uisce, Reiligí, Rialu Madraí

**Bainisteoir Airgeadais**
Airgeadas, Seirbhísí Eolais

Bainistíocht Airgeadais, Mótarchánach, Bailiú Rátaí/NPPR, Iasachtaí Tithíochta, Íoc Sonrasc, Párolla, Pinsin agus Teicneolaíocht an Eolais

## Inrochtaineacht

Le linn na bliana 2012 leanamar de thús áite a thabhairt don inrochtaineacht i gcás seirbhísi a sholáthar.

**Ócáidí Speisialta Leabharlanna do Lucht Míchumais**
I gcaitheamh na bliana d'eagraítí Maidneacha Caifé i Leabharlanna Ceannais Mhic Sheáin agus An Muinchille i gcomhar leis an NCBI (Comhairle na nDall in Éirinn) dóibh siúd a bhfuil bac radhairc orthu.

Tharla stocaireacht ag lucht míchumais chun úsáid teicneolaíocht mhaolaithe agus cúnaimh a fhorbairt i gceithre leabharlann lánaimseartha. Bhí cruinnithe seachtainiúla i leabharlann An Mhuinchille le hInfhostaíocht Mhuineacháin agus iad ag cabhrú le lucht míchumais atá díomhaoin maidir le post a fháil agus a choimeád. (Tharla 36 chruinniú i 2012).

**Ionad Idirnáisiúnta Gasóga Caisleán Sandarsan**
Ba é an tUachtarán Mícheál D Ó hUiginn a d'oscail an áis úd go hoifigiúil 18 Lúnasa 2012. Tá Caisleán Sandarsan anois ainmnithe ar na cúig Ionad Gasóga um Shíocháin Domhanda. Beidh ról lárnach ag an ionad maidir le forbairt an ógra a leathnú trí mheas agus tuiscint acu ar a chéile.



Ionad Idirnáisiúnta Gasóga Caisleán Sandarsan

**Fleadh Cheoil na hÉireann 2012**

Bhí sé i gceist go mbeadh rochtain iomlán ar imeachtaí Fleadh Cheoil na hÉireann 2012 sa Chabhán agus tréaniarracht á dheanamh againn go mbainfeadh cách sult agus pléisiúr aisti. Ainmníodh Dé Máirt 14 Lunasa mar 'Lá Inrochtaineachta' agus eagraíodh scata imeachtaí chun aird a tharraingt ar a mbíonn ar bun ag móran grúpaí agus cumainn sa Chabhán maidir le ceisteanna míchumais agus rochtana.



Lá Inrochtaineachta le linn Fleadh 2012

**Tionscadal Idirbhliana 'Rochtain a Éascú do na Glúnta'**

Tugadh cuireadh do ranganna idirbhliana sa chontae a bheith páirteach sa mhódúil spreagúil nua úd a bunaíodh chun cur le feasacht na mac léinn um cheisteanna lucht míchumais. Bíonn dhá mhír sa mhódúil, ceann amháin is ea módúil e-fhoghlama a léiríonn feasacht agus tuiscint ar an baic idir mheon agus corpartha a bhíonn ar dhaoine faoi mhíchumas. Sa dara mhódúil bhí orthu postaer a chruthú a léireodh an téama 'Rochtain a Éascú do na Glúnta'.

Clár nuálach foghlama é seo a d'fhorbair an Gréasán Oifigeach Rochtana agus é ceadaithe ag na Bainisteoirí Udarás Áitiúla go léir mar áis chun mórchuspóir sa Straitéis Náisiúnta Míchumais a bhaint amach. Bronnadh na Gradaim nuair a seoladh an tSeachtain Náisiúnta Inrochtaineachta in éineacht le Lá Idirnáisiúnta Lucht Míchumais. Bhronn Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath gradaim orthu siúd a bhuaigh ag leibhéal contae agus náisiúnta. Ba é Coláiste Loreto, An Cahbhán an scoil a bhí ann ar son Chontae An Chabháin. Chun tacú leis na hiomaitheoirí thaisteal ionadaithe chuig an ócáid ón nGréasán Oifigeach Rochtana Údarás Aitiúla i dteannta Mac Léinn Idirbhliana, Comhordaitheoirí agus Múinteoirí.

## Scéim na dTeangacha Oifigiúla

Faoi réir Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, tá Scéim na dTeangacha Oifigiúla 2009 – 2012 anois ag Údaráis Áitiúla An Chabháin. Tá rún ag Údaráis Áitiúla An Chabháin an scéim úd a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach.

## Pleanáil, Forbairt Eacnamaíoch, Gnóthaí Corparáideacha, Pobal agus Fiontar agus Comhairle Baile An Chabháin

Tá an Roinn Pleanála freagrach as na hAchtanna um Phleanáil agus Forbairt 2000 – 2010 agus na Rialacháin um Phleanáil agus Forbairt 2001 – 2007 a chur i bhfeidhm. Tá ceithre réimse oibre ag an Roinn Pleanála:

- Rialú Cúrsaí Forbartha
- Rialú Géilliúlachta, Forfheidhmiú, Cúrsaí Foirgníochta
- Pleanáil ar Aghaidh agus Oidhreachta
- Forbairt Eacnamaíoch

I dteannta a chéile treoraíonn na ceithre réimsí an fhorbairt fhisiciúil agus eacnamaíoch don chontae san am i láthair agsu sa todhchaí.

Bíonn Rialú Forbartha ag plé le hiarratais phleanála in aghaidh an lae. Pléann Rialú Géilliúlachta agus Forfheidhmithe le coinníollacha iarratas agus le ceisteanna forfheidhmithe go ginearálta, baineann pleanáil ar aghaidh leis an bPlean Forbartha Contae a ullmhú.

I bPlean Forbartha Contae An Chabháin 2008-2014, tá leagan amach pleanála agus forbartha don limistéar cuí go ceann sé bliana. Mar a éilítear faoin reachtaíocht, go díreach 4 bliana tar éis a ghlactha, tosaíodh ar athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Contae 2008-2014 ar 10 Deireadh Fómhair 2012. Ar dtús tharla comhairliúchán poiblí agus ansin chun plé a spreagadh d'fhoilsigh an tÚdarás Pleanála Páipéar Ceisteanna Straitéiseacha. Tharla ceardlanna um Chomhairliúchán Poiblí i ngach ceann de na ceithre thoghcheantar Mí na Samhna 2012.

### Iarratais Phleanála

Ar aon dul nach mór leis an mbliain 2011 fuarthas 335 Iarratas nua Pleanála i 2012. Don chuid is mó baineadh le forbairtí beaga mar shínte, garáisti tí nó le hiarratais ar struchtúr a choimeád mar atá. Tá athrú an-mhór ar obair na ranna anois agus an bhéim ar ghéilliúlacht do choinníollacha pleanála, go háirithe maidir le hairgeadas. Tháinig méadú an-mhór arís i mbliana ar an líon iarratas chuig an Roinn Pleanála a lorgaíonn síneadh ama mar gheall ar an Acht Pleanála 2010. Anois is féidir suas le cúig bliana a cheadú ar iarratas pleanála má chomhlíontar critéir áirithe faoin Acht céanna.

### Scannáil Comhad Pleanála

Tá scannáil déanta ar fhormhór na gcomhad pleanála stairiúla agus iad le feiscint ar an suíomh pleanála. Deintear scannáil leis ar iarratais nua de réir mar a fhaightear iad agus cuirtear leis an eolas de réir a chéile ionas gur féidir le gach éinne sa phobal agus le gníomhairí dul ag féachaint orthu ar líne.

**Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha**

Ghlac an Chomhairle le leasú ar an Scéim do Ranníocaíochtaí Forbartha 1 Samhain 2008. Faoin scéim seo is féidir le Comhairle Contae an Chabháin, faoi réir Alt 34 den Acht um Phleanáil agus Forbairt, coinníollacha a chur le cead pleanála d'fhonn ranníocaíocht a éileamh mar a leagtar síos sa scéim. Dáiltear an ioncam a bhailítear ón scéim seo ar áiseanna agus ar bhonneagar poiblí chun leas forbartha an Chontae nó ar son na Comhairle. Ar an iomlán bailíodh €824,000 mar ranníocaíochtaí forbartha i 2012. Déanfar athbhreithniú arís ar an scéim i 2013.

**Oidhreacht**

Tá réimse leathan dualgas ar an Oifig Oidhreachta maidir le gnéithe éagsúla na hOidhreachta i gContae an Chabháin. San áireamh tá leachtanna, nithe seandálaíochta agus oidhreachta, oidhreacht ailtireachta, fásra, ainmhithe, gnáthóga fiadhúlra, tírdhreacha, geolaíocht, gáirdíní oidhreachta, faichí poiblí agus uiscebhealaí intíre.



Bronnadh ar Bheistrí Tofa Chill Mhór, Buaiteoirí Gradam An Mhíle Órga 2012

**Tá Oifig Oidhreachta Comhairle Contae An Chabháin freagrach as**

- Oidhreacht Chontae an Chabháin a bhainistiú agus a chaomhnú
- Éagsúlacht agus saibhreas ár n-oidhreachta a chaomhnú inniu agus sa todhchaí
- Meas an phobail ar a n-oidhreacht a éascú
- Eolas ar ghnó a bhaineann le hoidhreacht a scaipeadh ar na hearnála go léir

Maoirsíonn an Oifig Oidhreachta bainistiú na Struchúr Cosanta sa Chontae. Chuige sin coimeádtar is stiúraítear an taifead atá déanta orthu sa Chontae, cinntítear go gcosnaítear is go mbainistítear oidhreacht ailtireachta an Chontae ar bhonn inmharthana. I 2012 fuarthas €15,000 ón Roinn Comshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ón gCiste Struchtúr i mBaol. Dá bharr san bhíothas in ann airgead a chaitheamh ar struchtúir thábhachtacha ailtireachta sa chontae a bhí i mbaol. Caitheadh €7,500 an ceann mar chuid den chostas ar oibreacha a raibh gá leo chun cosc a chur ar an meath a bhí ag tarlú. B'shin clár oibreacha ar dhíon Eaglais Mhuire, Crois ar Loch is ar Eaglais na hÉireann, Baile An Chabháin.

Gach bliain faoi stiúir Fóram Oidhreacht Chontae An Chabháin, bíonn tionscnaimh áirithe oidhreachta ar bun ag an Oifig Oidhreachta. Faightear 75% den mhaoiniú chucu ón gComhairle Oidhreachta. Tharla trí thionscnaimh i 2012, mar a leanas

1. Míle Órga An Chabháin
2. Plean Caomhnaithe is Bainistíochta d'Uaimheanna Blaic (Geopháirc)
3. Comhdháil le linn an Fleadh Ceoil faoi imirce agus deoraíocht.



Lá Fiadhúlra i bPairc Con Mac Gabhann le linn Fleadh 2012

Ina theannta san bíonn ról tábhachtach ag an Oifig Oidhreachta maidir le bolscaireacht ar fud an Chontae. I 2012, eagraíodh sraith imeachtaí chun meas ar an oidhreacht a chur chun cinn m.sh. Lá an Domhain, Lá Bithéagsúlachta, Lá Fiadhúlra, Imeachtaí Fleadh ar an Imeall agus an tSeachtain Oidhreachta.



An tUas. Jimmy Deenihan, Aire Ealaion, Oidhreachta agus na Gaeltachta ag oscailt oifigiúil an Chomhdháil Leáite (Lúnasa 2012).
Cór Crónú an Lae le linn Féile Siúlóide An Chabháin 2012

**Rialú Géilliúlachta, Forfheidhmiú agus Cúrsaí Foirgníochta**
Sa chuid seo den Roinn Pleanála atá freagrach as Géilliúlacht, Forfheidhmiú agus Rialú Foirgníochta leanadh den mhonatóireacht agus den chigireacht chun a chinntiú go gcloítear leis na Rialacháin Fhoirgníochta agus Coinníollacha Pleanála.

Sa rannóg úd Rialú Foirgníochta cuirtear dea-chleachtas chun cinn maidir le dearadh agus le foirgníocht chun leas an phobail, dírítear go háirithe ar chaomhnú fuinnimh agus ar áiseanna cóiríochta do lucht míchumais.

Sa Rannóg Fhorfheidhmithe scrúdaíodh 52 chás i 2012 agus socraíodh 15 díobh siúd tar éis comhráití. Eisíodh Fógraí Rabhaidh do 24 chinn agus Fógraí Forfheidhmithe do chúig cinn díobh, táthar fós ag plé le seacht gcinn eile. Ina dteannta san go léir eisíodh aon Fhógra amháin um Struchtúr Cosanta.

Le linn 2012 fuarthas 162 Fhógra Tosach Feidhme sa Roinn Pleanála. Bítear ag plé go gníomhach le heastáit tithíochta agus ag bualadh le forbróirí ar fud an chontae maidir leis na caighdeáin fhorbartha a éilítear d’eastáit chríochnaithe.

**Coiste um Bheartas Straitéiseach agus Forbairt Eacnamaíoch Tuaithe:**
Is iad seo a leanas baill an choiste:

Comh. Gerry Murray (Cathaoirleach), Comhairle Contae an Chabháin
Winston Bennett, Comhairle Contae an Chabháin
David Blake, Comhairle Contae an Chabháin
Damien Brady, Comhairle Contae an Chabháin
Fergal Curtin, Comhairle Contae an Chabháin
Des Cullen, Comhairle Contae an Chabháin
John Foy, Lucht Gnó
Thomas Cooney, Cumann Feirmeoirí na hÉireann
Madeleine Ní Mhéalóid, Pobal agus Fiontar
Fintan Mc Cabe, Lucht Comhshaoil

Tharla ceithre chruinniú le linn 2012 agus pléadh Polasaí Comharthaíochta, Cairéil, Eastáit gan Chríochnú, an Páipéar Ceisteanna Straitéiseacha um Athbhreithniú ar Phlean Forbartha Contae is Baile an Chabháin, Dréacht-Threoracha Deartha do Thithíocht Aonair agus Ranníocaíochtaí Forbartha.

## Seirbhísí Corparáideacha agus Daonacmhainní

**Earcaíocht agus Leas Foirne**
Tá an Rannóg Daonacmhainní freagrach as gach aon ghné den tseirbhís a bhaineann le daonacmhainní. San áireamh tá earcaíocht, roghnú agus eagrú foirne, oiliúint agus forbairt, leas foirne, caidreamh tionsclaíoch, an córas bainistíochta agus forbartha feidhmíochta, comhpháirtíocht sa láthair oibre, comhionannas is éagsúlacht agus pinsin.

Toisc bac leanúnach a bheith ar earcaíocht laghdaítear an líon foirne in aghaidh na bliana ar fud na heagraíochta. Caithfear cead speisialta a fháil ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Aitiúil chun post a líonadh. Faoi dheireadh na bliana 2012 bhí 404 bhall foirne fostaithe ag an gComhairle. Is mar seo a leanas líon na foirne lárnaigh de réir catagóirí:

| Foireann | Líon |
|---|---|
| Banistíocht | 5 |
| Cléireachas/Riarachán | 172 |
| Gairmiúil/Teicniúill | 66 |
| Lasmuigh | 144 |
| An Scéim Sos Gairme | 3 |
| Conradh/Tionscnamh | 12 |
| Sealadach/Séasúir | 2 |
| Iomlán | 404 |

I 2012, tharla 4 chomórtas agus earcaíodh 6 bhall nua foirne:

- Feighlí Fuíolluisce
- Comhraiceoir Tine Páirtaimseartha Béal Tairbeart
- Comhraiceoir Tine Páirtaimseartha Baile Shéamais Dhuibh
- Printíseach Pluiméara
- Comhordaitheoir Tionscnaimh, Cultúr An Chabháin

D'imigh 26 bhall ar scor i rith na bliana.

Le linn 2012 bhí an tÚdarás Áitiúil páirteach sa tionscadal JobBridge agus í mar aidhm ag an scéim taithí oibre a thabhairt do chéimithe a bheidh mar bhuntáiste is iad ag lorg post buan. Bhí taithí naoi mí ag 15 Chéimí i rith na bliana.

**Leas Foirne**

Tuigeann Comhairle Contae an Chabháin go gcaithfidh cothromaíocht a bheith ann idir saol na hoibre agus saol an teaghlaigh, dá bhrí sin tá scéimeanna mar shaoire tuismitheoirí, saoire force majeure, postroinnt, saoire téarma scoile, bliain oibre giorraithe agus sosanna gairme.

**Táscairí Seirbhíse**

% laethanta amú de dheasca tinnis:

| | **Tinneas le Teastas** | **Tinneas gan Teastas** |
|---|---|---|
| 2007 | 3.08% | 0.43% |
| 2008 | 3.75% | 0.39% |
| 2009 | 4.38% | 0.24% |
| 2010 | 4.19% | 0.34% |
| 2011 | 4.17% | 0.25% |
| 2012 | 3.14% | 0.39% |

## Páirtíocht/Córas Bainistíochta Forbartha Feidhmíochta (PMDS)

Athbhunaíodh PMDS ar fud na heagraíochta i 2012. Mar ullmhúchán chuige tharla cúrsa feasachta don bhfoireann go léir. Oileadh na bainisteoirí líne freisin sna scileanna a bheadh riachtanach chun an córas PMDS a chur i bhfeidhm ar bhonn sásúil, san áireamh bheadh Pleananna um Fhobairt Phearsanta trí chomhráití le baill fhoirne.

Trí PMDS bíonn modh struchtúrtha chun díriú ar oiliúint um riachtanais ghnó na heagraíochta agus riachtanais fhorbartha an duine. Is é PMDS an modh bunúsach chun riachtanais idir fhoghlama is forbartha a aithint.

Is ar bhonn rannpháirtíochta a fheidhmíonn PMDS agus baineann an eagraíocht agus an ball aonair foirne araon leas as an gcóras.

## Oiliúint agus Forbairt

Trín oiliúint i rith na bliana 2012, leanadh den rún atá againn lucht oibre solúbtha agus sároilte a fhorbairt. Díríodh trí réimsí leathan deiseanna oiliúna ar fhorbairt is ar fheabhsú feidhmíochta maraon le plé ar dhúshlán a shárú agus ceannaireacht a léiriú laistigh den eagraíocht. Le bliain anuas bhí béim speisialta ar shláinte agus sábháilteacht, teicneolaíocht an eolais, sainscileanna proifisiúnta agus teicniúla, oiliúint oibríochta, feasacht PMDS, forbairt chumais, reachtaíocht, seimineáir, comhdhálacha agus ceardlanna. Soláthraíodh oiliúint freisin do na hIonadaithe Tofa ar fad.

Mar chuid den dtacaíocht leanúnach a thugaimid dóibh siúd a bhíonn ag iarraidh dul ar aghaidh sa ghairm beatha agus i bhforbairt phearsanta, cabhraíodh leo siúd a bhí ag gabháil do chláir oideachais bhreise. Treaslaímid leo siúd go léir a bhain amach cáilíochtaí.

Tháinig deireadh leis an dtionscadal "Forbairt Eagraíochta – Athnuachan trí Chomhoibriú"

i 2012 agus d'éirigh go maith leis sin maidir le comhoibriú, deiseanna athruithe a aithint i dtreo próiseas agus feabhas indéanta ar mhórán slite chun leas na heagraíochta.

Is maith an rud é gur éirigh le Comhairle Contae an Chabháin an stádas "Fostóir Creidiúnaithe CPD" a fháil arís ó Innealtóirí Éireann go ceann dhá bhliain eile.

Infheistíodh in oiliúint na foirne le linn 2012 de réir riail náisiúnta a leagann síos 3% den chostas párolla.

## Saoráil Faisnéise (FOI)

Tá an tAcht um Shaoráil Faisnéise i bhfeidhm ón 21 Aibreán, 1998. Tá sé de cheart ag an bpobal:

- Teacht ar thaifeadaí oifigiúla atá ag comhlachtaí poiblí
- A leithéid d'eolas pearsanta ag na comhlachtaí úd a cheartu agus a uasdátú nuair is gá
- Eolas a fháil ar fháthanna aon chinneadh uathusan a théann i bhfeidhm orthu féin

2012 Staitisticí do Chomhairle Contae an Chabháin:

| | |
|---|---|
| • Cásanna fágtha ó 2011 | 1 |
| • Líon Iarratas Nua Faighte: | 16 |
| • Líon Iarratas Deonaithe go hiomlán: | 11 |
| • Líon Iarratas Deonaithe go pointe: | 4 |
| • Líon Iarratas Diúltaithe: | 1 |
| • Tarraingthe siar/réitithe lasmuigh de FOI: | 0 |
| • Líon atá fós beo 31 Nollaig 2012 | 1 |

## Deontais Ardoideachais

Chomh maith le hÚdaráis Áitiúla eile agus Coistí Gairmoideachais na tíre, stiúraigh Comhairle Contae an Chabháin an scéim Iarratas ar Dheontais Ardoideachais don uair dheireanach don bhliain acadúil 2011/2012.

Don bhliain acadúil 2012/2013 bunaíodh córas nua um iarratas mac léinn ar dheontas is é sin ar líne amháin. Níor mhór gach aon iarratas a dhéanamh chuig údarás amháin bronnta ar a dtugtar SUSI (Tacaíocht Uilíoch Mac Léinn Éireann) ar an suíomh www.studentfinance.ie. Aonad de chuid Choiste Ghairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath is ea an t-údarás úd

Dá bhrí sin ó Mheán Fómhair 2012 ar aghaidh níor phléigh Comhairle Contae an Chabháin ach le hathnuachana. Bhain na hiarratais úd le mic léinn a raibh deontas cheana féin acu ó Chomhairle Contae an Chabháin is iad ag dul ar aghaidh go dtí an chéad bhliain eile sa chúrsa céanna.

Ar an iomlán bronnadh deontas ar 628 Mac Léinn idir Nua agus Leanúnach don bhliain acadúil 2012/2013 was 628.

Faoi 31 Nollaig 2012 bhíothas tar éis 389 iarratas ar dheontas athnuachana a fháil don bhliain acadúil 2012/2013. Orthusan:

| Deontas Bronnta | Diúltaithe | Ar ceal/ Tharraing siar | Fós ar siúl/Gá le Breis Doiciméad |
|---|---|---|---|
| 361 | 7 | 4 | 17 |

Íoctar **Deontas Speisalta Cothabhála** do mhic léinn faoi choinníollacha áirithe mar shampla teaghlach ar ioncam íseal. Faoi 31 Nollaig 2012 bhíothas tar éis 89 deontas Forlíontach dá leithéid a bhronnadh don bhliain acadúil 2012/2013.

## Clár na dToghthóirí

Tá Comhairle Contae an Chabháin freagrach as an nDréachtchlár is as an gClár Beo Toghthóirí a chur le chéile maraon leis an bhForlíonadh. Foilsítear an Clár in aghaidh na bliana ar an 1 Feabhra le teacht i bhfeidhm ar an 15 Feabhra dar gcionn.

Tá na catagóirí seo a leanas sa Chlar Toghthóirí: toghthóirí na hUachtaránachta, na Dála, Eorpacha agus Rialtais Áitiúla. Braitheann an catagóir agus an saghas toghcháin a bhaineann leo le saoránacht an duine mar a mhinítear anso thíos.

**Chun gur féidir clárú mar thoghthóir, caithfidh an duine a bheith:**

@ Ar a laghad 18 mbliana ar an 15 Feabhra i mbliain fheidhmithe an Chláir.
@ Lonnaithe de ghnáth i gceann amháin de na ceithre thoghcheantar ar an 1 Meán Fómhair sa bhliain díreach roimh bhliain fheidhmithe an Chláir.

Má bhogtar go dtí áitreabh nua, féadfar an duine a chur ar an bhForlíonadh faoin seoladh nua ach amháin má bhíonn an duine sin cláraithe mar thoghthóir ag seoladh éigin eile nó má shocraíonn siad ar an ainm faoin seoladh eile a bhaint den chlár.

Ba é lion na dToghthóirí i gContae an Chabháin de reir Clár na dToghthóirí 2012/2013 ná 55,476 is iad roinnte ar na toghcheantair mar a leanas:

| Toghcheantar Áitiúil | Líon na dToghthóirí |
|---|---|
| Coill an Chollaigh | 15,432 |
| Baile Shéamais Dhuibh | 14,534 |
| Béal Tairbeart | 10,494 |
| An Cabhán | 15,016 |
| Iomlán | 55,476 |

Tharla an Pobalbhreith um Chonradh Fisceach 31 May 2012 agus Reifreann na Leanaí 10 November 2012.

## Pobal agus Fiontar, Cuimsiú Sóisialta

Tacaíonn an Roinn Pobail agus Fiontair leis an mBord Forbartha Contae agus monatóireacht ar siúl acu ar an straitéis deich mbliana agus leis na fochoistí Forbairt Gheilleagair, Talmhaíochta agus Beartas um Chuimsiú Sóisialta.

Bhí cúig chruinniú ag an mBord Forbartha Contae le linn 2012 agus tharla dul chun cinn ar cheisteanna mar an tIonad Idirnáisiúnta Gasóga Caisleán Sandarsan á oscailt mí Lúnasa 2012 agus tús á chur leis an bhféile Blas An Chabháin mí na Samhna 2012.

Tá an Roinn Pobail agus Fiontair freagrach as Tionscnamh Carúsa Gasóga Uile-Éireann, an Clár RAPID (Athnuachan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt), Plean Síochána agus Athmhuintearais an Chabháin, Caisleán Sandarsan, Comhpháirtíocht Spóirt An Chabháin, Tionscnaimh Taighde, Cuimsiú Sóisialta, Comhairle na nÓg agus an Scéim Deontas Pobail .

**Oscailt Ionad Idirnáisúnta Gasóga Caisleán Sandarsan ar €3.7m**
Ba é an tUachtarán Mícheál D Ó hUiginn a d'oscail Ionad Caisleán Sandarsan go hoifigiúil 18 Lúnasa 2012. Tá Ionad Idirnáisiúnta Gasóga Caisleán Sandarsan anois ainmnithe ar na cúig Ionad Gasóga um Shíocháin Domhanda. Beidh ról lárnach ag an ionad maidir le freastal ar Eagraíochtaí Gasóga ar fud an domhain ach freisin mar áis turasóireachta sa cheantar, sa chontae is fiú sa réigiún. Fuarathas maoiniú chuige seo ón gComhlacht AE um Chláir Speisialta
World.



President of Ireland Michael D Higgins with (Left to right) Pat Colgan, Chief Executive, Special EU Uachtarán na hÉireann, Mícheál D Ó Uiginn agus (ó chlé) Pat Colgan, Príomhfheidhmeannach Clár Speisialta AE , Michael John Shinnick, Príomh-Ghasóg Gasóga Éireann agus Jack Keyes, Bainisteoir Contae an Chabháin ag oscailt oifigiúil Ionad Idirnáisiúnta Chaisleán Sandarsan

**Clár RAPID**

Bunaíodh clár RAPID Programme (Athnuachan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt), chun míbhuntáiste agus imeallachas a laghdú do dhaoine áirithe i mbaile an Chabháin. Cabhraítear le grúpaí chun maoiniú a lorg d'fhorbairt phobail, maisiú eastát, oideachas, obair óige agus seirbhísí um thacaíocht teaghlach. D'oibrigh an Comhordaitheoir RAPID le grúpaí chun comhordú agus cuimsiú a chinntiú i measc na n-áisínteachtaí go léir agus na cumainn deonacha.

Bhronn An Roinn Comhshaoil buiséad €5,000 ar Fhoireann Fheidhmithe RAPID Ceantar an Chabháin chun tacú le 14 thionscnamh i mBaile An Chabháin. Orthusan bhí an ceathrú Campa Samhraidh Sacair, Tionscnamh Feabhas don Óige Tulach Mongáin, tionscnamh cuimsiú sóisialta Bunscoileanna Naomh Clár agus Naomh Feilim, Bileoga Eolais MABS an Chabháin 7rl.

Tacaíonn Údaráis Áitiúla An Chabháin agus An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige leis an Ócáid ar a dtugtar Seachtain Náisiúnta Fóillíochta. Thacaigh Comhairle Contae an Chabháin le 10 gcinn d'imeachtaí fóillíochta i rith na seachtaine.

**Grúpa Idiráisínteachtaí Lucht Siúil an Chabháin**

Faoi chúram an Bhord Forbartha Contae fuair an Grúpa Idiráisinteachtaí Lucht Siúil An Chabháin maoiniú €2,000 i 2012 ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. D'oibrigh Comhairle Contae an Chabháin agus Breifne Comhtháite ar thionscnamh le leanaí óga ó Chnoc Naomh Proinsias chun capsúl ama ar shaol is cultúr Lucht Siúil sa Chabhan a chruthú. Bhí ceithre chruinniú ag an nGrúpa Idiráisínteachtaí i rith 2012.

Chuir Comhairle Contae an Chabháin maoiniú ar fáil freisin do Ghluaiseacht Lucht Siúil na hÉireann i dtreo Oibrí Forbairt Phobail a fhostú a chabhródh leis an bPobal Siúil is bheadh ag obair ina dteannta.

**Comhchoiste Póilíneachta Contae an Chabhain**

Tá sé mar aidhm ag an gComhchoiste Póilíneachta a bheith mar fhóram comhairliúcháin, plé agus moltaí maidir le póilíneacht i gceantar riaracháin an Údaráis Áitiúla.

Bhí trí chruinniú ag Comhchoiste Póilíneachta An Chabháin le linn 2012. Mar chuid den gclár oibre d'aithin an Coiste go raibh gá le feasacht an phobail ar Scéimeanna Rabhaidh Pobail agus le líon na scéimeanna úd a mhéadú sa Chabhán.

**Ionad Sráid an Droichid**

Áis acmhainní pobail i mBaile an Chabháin is ea Ionad Sráid an Droichid a bhíonn ar fáil ag cumainn áitritheoirí, tacaíocht teaghlaigh is ag grúpaí pobail agus óige sa chontae. Ar na gníomhaíochtaí a tharla le linn 2012 bhí an méid sseo a leanas:

- Bíonn cruinnithe seachtainúla/míosúla ag scata grúpaí tacaíochta mar an Grúpa Tacaíochta Alzheimer, Leigheas ar Bhriseadh Croí (clár dóibh siúd a chaill céile/páirtí trí scarúint/colscaradh nó bás. Grúpa láidir a chleachtann Téarnamh12-chéim is ea CoDA (Comh-Chleithiúnaigh gan Ainm dóibh siúd ag a mbíonn deacrachtaí caidrimh nó mothúchán) agus Grow (Eagraíocht Mheabharshláinte a chabhraíonn leo siúd ag a mbíonn fadhbanna meabharshláinte)

- Cuireann Ionad Eolais agus Deiseanna an Chabháin eolas ar fáil do lucht dífhostaithe i mBaile an Chabháin agus sa dúthaigh máguaird, san áireamh bíonn seirbhísí clóscríofa do churaclaim vitae nó litreacha, fótachóipeail agus faics. Eagraítear roinnt cúrsaí oiliúna freisin san Ionad mar Chuntais, Párolla agus ECDL.

- Tá seirbhís nua anois ann, Fostú Tacaithe an Chabháin, a chabhraíonn le lucht míchumais is fostú oiriúnach á lorg acu.



Bíonn an-éileamh go deo ar an nGrúpa Tuismitheoirí is Páistí Beaga agus scata maith i láthair i gcónaí maidin De Máirt.

Tá breis eolais faoin ionad ar an suíomh www.bridgestreetcentre.ie

**Plean Gníomh an Chabháin um Shíocháin agus Athmhuintearas: Síocháin III**
D'fhorbair Páirtíocht an Chabháin um Shíocháin agus Athmhuintearas Plean cuimsitheach Gnímh a dhíríonn ar chaidreamh dearfach áitiuil. Cheadaigh an Chomhlacht AE um Chláir Speisialta (SEUPB) an plean úd. Do Chéim II den chlár (2011 – 2013), bhronn SEUPB €3,127,807 ar Chontae an Chabháin a ligeann do ghrúpaí a bheith ag obair ar bhearta síochána is athmhuintearais sa chontae.

Clár trí bliana atá ann agus is iad na páirtithe ná Comhairle Contae an Chabháin (Gréasáin, Dea-chaidreamh,Oidhreacht agus Cláir Óige), Coiste Gairmoideachais Contae an Chabháin (Ógtheagmháil) agus Acmhainní Teaghlaigh an Chabháin (Idirghabháil agus Réiteach Aighnis).

**Liosta na Laoch Síocháin III**

Ar an 1 Iúil  2012, sheol Páirtíocht Shíocháin an Chabháin Liosta Laoch lucht an Chabháin a fuair bás sa Chéad Chogadh Domhanda.   Bhí slua mór ann agus i láthair bhí an tAire Stáit Fearghus Ó Dubhda, Ambasadóirí agus uaisle ó Stáit Aontaithe Mheiriceá, An Ríocht Aontaithe, An Ghearmáin, An Bheilg,  An Nua Shéalainn  maraon le gaolta na 652 marbh a bhí á gcomóradh.  Bhí an-rath ar an ócáid úd a reachtáladh  d'aonghnó cothrom céad lá Cath na Somme.



Mórshiúl chuig dealbhadóireacht an Chabháin i gcuimhne ar an gCéad Chogadh Domhanda; 'Faugh a Ballagh', faoi stiúir Banna An Chéad Chatha agus Cór Club Rugbaí an Chabháin

**Eireannaigh Óga**
Ghlac 25 dhuine óg idir 17 agus 25 bliana páirt i Seimineár an Uachtarán Uí hUiginn i Muineachán 'Éireannaigh Óga' 22 Meán Fómhair 2012.

| Grúpa | Tionscnamh |
|---|---|
| CClub Rugbaí an Chabháin | CLUB - Naisc a Chruthú Baic a Bhaint |
| Club Rámhaíochta Bhéal Tairbeart | Dragúin Phobail Trasteorann |
| CLG an Chabháin<br>Lóiste Óráiste An Bhrúscaigh | Féile Cuimsiú Sóisialta/Cuimsiú CLG<br>Céimeanna Fáiltithe |
| Cumann Forbartha Achadh an Iúir | Achadh an Iúir 400 |
| Ionad Pobail Dhún an Rí | Traidisiúin á mBreith le Chéile |
| Cumann Feirmeoirí Éireann | Ná téigh thar an Líne |
| Fóram Pobal an Chabháin | Caidreamh Sibhialta agus Sóisialta |
| Eaglais Phreispitéireach na Tríonóide | Tríonóid 2012 |
| Breifne Comhtháite Teo. | Gréasán Ilchultúrtha a Fheabhsú is a Chur chun Cinn |
| Ógtheagmháil Dhún an Rí | An Bhreis in Aghaidh |
| Cumann Drámaíochta Bhéal Tairbirt | Tionscnamh Drámaíochta An Cabhán go dtí An Chorr Chríochach |
| Ionad Acmhainní Tulach Mhongáin | Ionscnamh Óige Trasteorann Tulach Mhongán/Cill na Leice |
| VEC an Chabháin | Gile ar an nDreach Mór |
| Ionad Eachrach Droimnín | Feabhas ar Chúrsa Trastíre Ionad Eachrach Droimnín |
| Tionscnamh Óige Pobal an Chabháin | Is Mise (AIM) An Cabhán |

**Eireannaigh Óga**
Ghlac 25 dhuine óg idir 17 agus 25 bliana páirt i Seimineár an Uachtarán Uí hUiginn i Muineachán 'Éireannaigh Óga' 22 Meán Fómhair 2012.

**Comhairle Na nÓg**
Fóram is ea Comhairle na nÓg a ligeann do leanai agus do dhaoine óga ceisteanna a bhaineann leo a phlé idir áitiúil is náisiúnta. Déantar ionadaithe a thoghadh ó na ceantair áiriúla don ócáid bhliantúil Dáil na nÓg agus anois sa Chabhán tá 35 ionadaí ón 10 meánscoil sa chontae. D'éirigh leis an gComhairle €20,000 a fháil ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige chun imeachtaí ealaíona, teangacha agus ceoil dá gcuid féin a reachtaíl. D'eagraigh siad breis is 50 ócaid don bhFleadh Cheoil 2012 agus orthusan bhí:

- Thaisteal 17 idir bhaill is treoraithe go Páirc an Chrócaigh 9 Samhain 2012 chun páirt a glacadh i dTaispeántas Náisiúnta Comhairle na nÓg. Mhol An Taoiseach Éanna Ó Cionnaith seastán An Chabháin de bharr 'caidreamh cruthaitheach leis an óige ó náisiúin éagsula trí cheol is na healaíona'
- Ceolfhoireann Ógra Trasphobail: bhí breis is 20 deagóir ón dá thraidisiún thuaidh is theas i mbanna bosca ceoil is fliúite chun fuaim uathúil gan teorainn a chruthú
- Céilí Ógra: Céilí ar an nós Gaeltachta do leanaí agus daoine óga
- The Fyoosh: Seisiún ilchineálach idir thraidisiúnta, snagcheoil agus dúchais
- 'Rap as Gaeilge' ceardlanna agus léirithe
- Feachtas 'Labhair Gaeilge Liom'
- Léirithe sráide as Gaeilge
- Péinteáladh 10 gcinn de mhúrmhaisithe geala beomhara ar son 10 náisiúntacht is cultúr difriúla
- Mórshiúl Sráide: bhí breis is 160 daoine óga ó 12 ghrúpa óíge ag seinm ceoil is ag aisteoireacht ar shráideanna bhaile an Chabháin.

**Comhpháirtíocht Spóirt An Chabháin**
Fostruchtúr den Bhord Forbartha Contae is ea Comhpháirtíocht Spóirt an Chabháin agus tacaíonn Comhairle Spóirt na hÉireann leis. Tá sé mar aidhm ag an gcomhphairtiocht spóirt an rannpháirtíocht sa sport agus gníomhaíochtai fisiciúla a mhéadú do mhuintir uilig an Cahabháin.

Ar na himeachtaí dá leithéid a bhí faoi chúram Comhpháirtíocht Spóirt An Chabháin i rith na bliana bhí an méid seo a leanas:

- Cuimsiú Spóirt
- Pobail Ghníomhacha
- Mná sa Spórt
- Bí Gníomhach i gCónaí 50 + (os cionn 50 bliain d'aois )
- Scéim Deontas do Chlubanna Spóirt

Ar na tionscadail a bhí mar thosaíochtaí ag Bord Chomhpháirtíocht Spóirt An Chabháin le linn 2012 bhí:

- **Fitwise:** clár nua ocht seachtaine gníomhaíochtaí fisiciúla agus bia folláine a tharla i gcúig ionad agus 175 páirteach ann ar fad idir fhir is mná
- **Spórt na mBan:** tacaíonn i gcónaí leis an eagraíocht náisiúnta Spórt na mBan is iad ag iarraidh cur leis an líon ban a ghlacann páirt go rialta i spórt is i gcleachtadh coirp

- **Cuimsiú Spóirt:** leanadh den chlár seo do lucht míchumais le linn 2012. Tionscadal nua is ea Campachumais a thugann deis do leanaí faoi mhíchumas is dá muintir cluichí a imirt a bhíonn oiriúnach dóibh i gcampaí le linn saoire na Cásca, an tSamhraidh is na Samhna
- **Up 4 It:** oibríonn i bpáirt is tacaíonn le CAWT (Comhoibriú sa tSaothar). Tionscnamh é seo a bunaíodh chun déileáil le géarchéim raimhre i measc teaghlach óg i gCabhán is i Muineachán
- **Seachtain Rothaíochta:** mar chuid de Sheachtain Náisiúnta Rothaíochta 2012, reachtáladh ocht gcinn d'imeachtaí ar fud an chontae a chuir le feasacht ar an rothaíocht mar mhodh inmharthana iompair
- **Féile Siúlóide An Chabháin:** leathnaíodh an fhéile úd chun gach aon cheantar sa Chabhán a chlúdach le linn Saoire na Bealtaine.



Ag dreapadh ar Chuilceach le linn Feile Siúlóide an Chabháin

**Aonad Cuimsiú Sóisialta**
I 2012, d'fhorbair an tAonad Cuimsiú Sóisialta Straitéis Tacaoise Contae an Chabháin trín gCónaidhm Tacaoise. Seoladh an Chónaidhm go hoifigiúil ag ócáid mhór mí Aibreáin.

D'oibrigh an tAonad leis an Oifig Ealaíon, le Leabharlanna, an Músaem agus eagraíochtaí do dhaoine scothaostra le linn féile na Bealtaine. Ar na grúpaí a bhí páirteach bhí Aois Dearfach, Cumann Cathaoir Rotha na hÉireann maraon le tithe cúraim agus áiseanna cúram lae.

Tharla breis is 40 ócáid mar chuid de Sheachtain Cuimsiú Sóisialta mí Dheireadh Fómhair, bhí Bliain Eorpach Aois Ghníomach is Dlúthchomhar na nGlúnta mar théama. Bhí turais inrochtana go hEiceapháirc Glas Loch, taispeántais, ceardlanna maraon le himeachtai le mórán grúpaí idir phríosúnaithe, lucht míchumais, an óige, lucht scothaosta, ilchultúrtha agus Lucht Siúil.

Bhí baint ag an Aonad le Gréasán IDEAL (Cuimsiú, Éagsúlacht, Comhionannas agus Tacaois) a bhunú, dream a bheidh ag déileáil le ceisteanna cuimsiú sóisialta, éagsúlachta agus Tacaoise ar fud Ranna na Comhairle.

Bhí an tAonad ag obair leis an Oifig Ealaíon, le Gréasán Ilchultúrtha an Chabháin is le grúpaí eile agus d'éirigh leo maoiniú a fháil ón gComhairle Ealaíon do thionscnaimh éagsúlachta. Beidh nasc idir ealaíontóirí in Éirinn agus páirtithe náisiuntachtaí eile le linn tréimhse cónaithe i 2013. Bainfidh pobail áitiúla leas an an bhfoghlaim a bheidh déanta ag an ealaíontóir.

**Fóram Pobal agus Deonach an Chabháin**

Tacaíonn an Roinn Pobail agus Deonach le saothar Fóraim Phobail agus Deonaigh an Chabháin a fheidhmíonn mar ionadaíocht ar son na hearnála pobail agus deonaigh sa chontae. I gceist san obair úd bíonn gréasáin, bolscaireacht, comhairle agus ionadaíocht. Ar an gCoiste tá 35 ionadaithe tofa pobail ó 457 gcinn de ghrúpaí pobail atá cláraithe sa Chabhán. Bíonn cruinniú acu gach re mí agus toghcháin uair sa bhliain.

Ar na gaiscí a tharla i 2012 bhí:

- Éascaíodh ceiliúradh do Lá Náisiún Aontaithe i gcoinne Idirdhealú i gcomhar le mórán grúpaí is gréasáin
- Feistíodh stiúideo inrochtana chun ócáidí pobail is agallaimh a éascú is a thaifeadadh
- Foilsiodh "Tuairisc Powerdownt", tuairisc inmhartha bunaithe ar chomhairliúchán poiblí deich seachtaine sa Chabhán
- Bhí Taispeántas Pobail an-mhaith mar chuid de Thaispeántas Achadh an Iúir
- I gcomhar leis An Roinn Pleanála éascaíodh comhairliúcháin ar fud an chontae mar chuid den bhforbairt ar phlean nua contae
- Bronnadh maoiniú Síocháin III chun Seónna Bóthair a eagrú: Blaic, Dun an Rí, Cill na Leice agus na nEach
- Bunaíodh oifigí nua inrochtana i dTeach Cana mar a bhfuil spás d'oiliúint rialta, cruinnithe 7rl.
- Foilsíodh sé nuachtlitir Fóram Pobail
- Foilsíodh 12 e-ráiteas Malairt Pobail agus Fuinnimh
- Ceapadh Comhordaitheoir nua don bhFóram

**Scéim Deontas Pobail**

Trín scéim deontas pobail spreagtar eagraíochtaí agus grúpaí chun tionscnaimh a bhunú a fheabhsóidh caighdeán na beatha do mhuintir na háite. Tugtar beagán maoiniú faoi bhun €1 000 do thionscnaimh nach bhfaigheadh a leithéid in aon slí eile. Tacaíodh le 20 grúpa pobail trín scéim deontas i 2012.

**Scéim Gradam an Chathaoirligh**

Tharla Scéim Gradam Cathaoirleach na Comhairle Contae san Óstan Kilmore mí an Mheithimh 2012 agus an-oíche a bhí ann do ghrúpaí pobail an chontae. Trín scéim úd ceiliúrtar iad siúd sa chontae a chuir le leas an phobail trí shaorálaíocht ina measc, obair dheonach is trín bhfís a bhíonn acu. Bhí breis is 220 i láthair Oíche na nGradam agus ag seo buaiteoirí na gcatagóirí don bhliain 2012:

- Ceire Smith, Club Dornálaíochta — An Óige
- Saorálaigh na Maidine Maith — Cuimsiú Sóisialta
- J.J. Reilly, Gaeil An Chabháin GFC — Spórt
- Ned Duffy, Taispeántas Achadh an Iúir — Pobal
- Ann Campbell, Seirbhísí Chill na Leice — Aois Ghníomhach

Roghnaíodh Ned Duffy mar bhuaiteoir iomlán Gradam an Chathaoirligh agus fuair sé duais €1 000 do Chumann Taispeántas Talmhaíochta Achadh an Iúir.

**An Cruinniú**

Bhí breis is 60 iarratas istigh i 2012 ar Chiste Pobal Áitiúil na Cruinnithe agus d'éirigh le 47 maoiniú a fháil idir €500 agus €2 000, ba é €30 000 an t-iomlán. Bronnadh maoiniú freisin ar dha mhórócáid don bhliain seo chugainn, Féile The Life of Reilly agus Féile na bPuimcíní Achadh an Iúir €10 000.

**Comórtas Uile-Éireann Mórtas Ceantair 2012 Gradam an Chabháin do Thurasóireacht Chultúrtha**

Sa Chomórtas Mórtas Ceantair aithnítear an leas don sochaí a thagann as páirtíochtaí i measc an phobail. Dírítear ar dhaoine ag cur le chéile chun sult a bhaint as a bhfuil de mhaitheas thart timpeall orthu. Aithnítear an méid a bhíonn ar bun ag pobail áitúla maidir le múnlú is le hathrú i measc an phobail is le hathbheatha idir thuaithe is uirbeach.

I gcomhar le Comhaltas Bhaile an Chabháin, bhuaigh Comhairle Contae an Chabháin ardghradam Mórtas Ceantair sa chatagóir Turasóireacht Chultúrtha toisc fáiltiú roimh Fleadh Cheoil na hÉireann trí bliana i ndiaidh a chéile, 2010, 2011 agus 2012. Bronnadh an gradam ag an Searmanas Bronnta Mórtas Ceantair i Luimneach mí na Samhna 2012.



Ó chlé: Conor Craven, Comhairle Contae an Chabháin,Ted Sweeney, Leaschathaoirleach Bord Contae an Chabháin Comhaltas Ceoltóirí Éireann, Kevin Smith Coiste Feidhmíochta, Marian Smith, Coiste Feidhmíochta, Tom Dowling, Cathaoirleach Mórtas Ceantair, Christopher Moran, Cathaoirleach Comhoibriú Éireann, Comhairleoir George Jones, Cathaoirleach IPB agus Jan O'Sullivan TD.

**Coiste Polasaí Straitéiseach**

Is iad seo a leanas baill an Choiste Polasaí Straitéiseach:

Comh Paddy O'Reilly, Cathaoirleach, Comhairle Contae an Chabháin
Comh Shane P. O'Reilly, Comhairle Contae an Chabháin
Comh Peggy Gray, Comhairle Contae an Chabháin
Comh Sean McKiernan, Comhairle Contae an Chabháin
Comh Niamh Smyth, Comhairle Contae an Chabháin
Comh Val Smith, Comhairle Contae an Chabháin
Jerry Fitzpatrick, Fóram Pobail agus Deonach
Steven Shannon, Fóram Pobail agus Deonach
Peter Crosby, Comhdháil na gCeardchumann
Agnieszka Adamska, An Cumann Pólannach

Bhí trí chruinniú ag an gCoiste Polasaí Straitéiseach i 2012.

| Táscairí Seirbhíse | 2011 | 2012 |
|---|---|---|
| Céatadán scoileanna agus grúpaí óige i scéim áitiúil Comhairle Óige/Comhairle na nÓg | 65.51% | 65.51% |
| Líon grúpaí cláraithe leis an bhFóram Pobail agus Deonach | 452 | 457 |
| Líon clós súgartha de chuid an Údaráis Áitiúla | 0 | 0 |
| Líon clós súgartha éascaithe ag an Údarás Áitiúil | 0 | 0 |

## Comhairle Baile An Chabháin

**Town Mayor:** DMéara an Bhaile: Des Cullen (Lucht Oibre)
**Baill Tofa:** Paddy O' Reilly (FG), Brian McKeown, (SF), Jacqui Lewis (FG), Terry Argue (FG), Andrew Boylan (FG) Paddy Conaty, (FF) Patricia Walsh (FF), Michael Sexton (FF)

**Bainisteoir Baile:** Ger Finn
**Cléireach Baile:** Brian Hora
**Innealtóir Baile:** Alan Lyons

Tá Comhairle Baile an Chabháin freagrach as Baile an Chabháin a fhorbairt agus an bonneagar is comhshaol idir shoisialta agus cultúrtha a chosaint agus a fhorbairt. Maraon le mórán údarás áitiúla eile, bhí ar Chomhairle Baile an Chabháin cur suas le laghdú ar mhaoiniú rialtais is ar fhoinsí eile ioncaim. É sin ráite, áfach, mar sin féin bliain rathúil a bhí againn i 2012 agus cuireadh an-chuid tionscnamh i gcrích.

**Tithíocht agus Foirgníocht**
Clár Tithíochta: Faoi Chlár Tithíochta na Comhairle Baile cuireadh cóiríocht ar fáil do 40 teaghlach le linn 2012. Cé go raibh laghdú suntasach ar Dháileadh Caipitiúil Tithíochta na Comhairle, fuarthas sé áitreabh a bhí folamh le fada ar ais i stoc na comhairle faoin gclár gClár Feidhmiú Fuinnimh. Críochnaíodh áitreabh nua amháin i 2012 agus rinneadh oibreacha ar cheithre aonad eile faoin scéim Deontas do Lucht Míchumais. Tá 530 áitreabh ar cíos anois ag an gComhairle mar stoc iomlán tithíochta.

**Gradaim Eastát**
Bhí níos mó eastát ná riamh páirteach sa Scéim Gradam agus Deontas a bhíonn ag Comhairle Baile an Chabháin. An uair seo bhí Taispeántas faoi le linn Seachtain Cumsiú Sóisialta mí Dheireadh Fómhair. Bronnadh Gradaim agus Deontais €25 000 i rith na bliana chun tacú le pobail áitiúla is chun iad a spreagadh san obair seo.

**Bóithre agus Iompair**
D'ullmhaigh an Comhairle Baile clár iomlán Oibreacha Bóithre don bhliain 2012. Orthusan a críochnaíodh bhí na feabhsúcháin seo a leanas:

- Ardán Naomh Pádraig
- An Príomh -Shráid
- Sráid na Mainistreach
- Bóthar Chnoc an Choiligh
- Ascaill Eoin Pól
- Sráid an Droichid

Feabhsaíodh na cosáin ar Ardán Armóine, Bóthar an Linn Snámha agus Sráid na hEaglaise. Meán Fómhair 2012 glacadh le Fodhlíthe chun Staid Tacsaithe a rialú.

**Pleanáil agus Forbairt**
I 2012 rinne Comhairle Baile an Chabháin próiseas ar iarratais nua phleanála. Bhí ról lárnach againn maidir le himeachtaí Nascadh Bailte i rith na bliana. Don cheathrú bliain as a chéile bhí Baile an Chabháin pairteach sa "Foire aux Vins" ar an mBaile Nasctha Jaunay Clan agus fáiltíodh roimh baill Choiste Nasctha Jaunay Clan.

**Cosaint Chomhshaoil**
Choimeád Comhairle Baile an Chabháin an Stádas mar Bhaile Saor ó Bhruscar sa Léig a d'eagraigh Lucht Gnó in aghaidh an Bhruscair i 2012 agus fuarthas an Dara háit sa Léig.

**Caitheamh Aimsire agus Conláistí**
Don seachtú bliain as a chéile chuir Baile an Chabháin feabhas ar na marcanna sa Chomórtas Bailte Slachtmhara agus Gradam an Chontae acu don Chúigiú bliain as a chéile. B'shin an chéad uair don bhaile Bonn Cré-umha a bhaint amach.

**Ar bhuaicphointí eile i 2012 bhí an méid seo a leanas:**
I rith 2012 bhí Comhairle Baile an Chabháin ar an ngearrliosta do na Gradaim seo a leanas;

**Gradaim Fheabhais in Údarás Áitiúil ag Cumann Lucht Tráchtála**
- Comhshaol Inmharthana do Cheantar Dúlra Loch Glas
- Tíosacht Eacnamaíoch don Charrchlós Ilstór
- Faichí agus Caitheamh Aimsire do Cheantar Conláistí Faiche an Aonaigh
- Páirtíocht le Lucht Gnó don Scéim Mhaisiúchán Bláthanna

**Gradaim Chumann Ball Údarás Áitiúla**
- Tionscadal Eiceolaíoch is fearr do Cheantar Dúlra Loch Glas
- Tíosacht Eacnamaíoch don Charrchlós Ilstór
- An tÚdarás Áitiúil Glas is Fearr

**Críochnaíodh na tionscnaimh seo a leanas i 2012**
- Coimisiúnaíodh agus foilsíodh leabhar go speisialta is é bunaithe ar shraith léachtaí i gcuimhne ar Chothrom 401 Bhliain ó shíníodh Cairt an Bhaile
- Tairiscint Pháirceála Lá Nollag
- Maoiníodh Scéim Ahfhorbartha agus Tírdhreach do Chnoc Faiche an Aonaigh faoin gCiste Pobal Inmharthana
- Uasghrádú ar na Faichí Sacair i dTulach Mhongáin maraon le seomraí nua gléasta faoin gCiste Pobal Inmharthana agus dromchla nua fóinteach don uile aimsir is tuilshoilsiú faoin gClár Caipitiúil Spóirt
- Tacaíocht Theicniúil do Choiste an Chabháin na mBailte Slachtmhara chun Ceantar Dúlra Loch Glas a Fhorbairt
- Feabhas ar áiseanna Rothaíochta agus bothanna rothair in áiteanna éagsúla ar fud Bhaile an Chabháin

## Bonneagar, Gnóthaí Cultúrtha agus Tithíocht

### Bonneagar

Tá Comhairle Contae an Chabháin freagrach as bóithre sa Chontae idir Phríomhbhealaí, Bealaí Tánaisteacha, Réigiúnacha agus Áitiúla. Tugann An tÚdarás um Bhóithre Náisiúnta (NRA) maoiniú i leith Bóithre Náisiúnta. Maoiníonn An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (DTTS) an gréasán Réigiúnach agus Áitiúil. Tacaíonn an NRA leo sa réimse úd ar bhonn riaracháin. Tagann cuid mhaith den dáileadh don Ghréasán Réigiúnach agus Áitiúil ó Chomhairle Contae an Chabháin.

| Catagóir Bóthair | Fad (km) | Maint. Costs 2012 (€) | Maint. Costs 2011 (€) | Maint. Costs 2010 (€) |
|---|---|---|---|---|
| Príomh-bhealaí | 67 | 429,233 | 465,211 | 481,000 |
| Bealaí Tánaist-eacha | 62 | 283,570 | 229,454 | 269,700 |
| Réigiún-acha | 399 | 1,126,715 | 1,211,499 | 1,141,166 |
| Áitiúla | 2470 | 1,759,356 | 2,511,031 | 2,445,834 |
| Iomlán | 2998 | 3,598,974 | 4,471,195 | 4,607,700 |

Chaith Comhairle Contae an Chabháin €1.56m as a stuaim féin go speisialta ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. Go príomha bhain an chothabháil le draenáil agus athchóiriú dromchlaí. Ar an iomlán bíonn Comhairle Contae an Chabháin freagrach as beagnach 3,000cm (1,880 míle) de bhóithre poiblí in aghaidh na bliana.

### Clár Bliantúil Oibreacha Bóthair

Bhí buiséad beagnach €40 milliún ann do chothabháil agus feabhsú bóithre, roinnte mar a leanas:

| | |
|---|---|
| Príomhbhealaí Náisiúnta | € 16,693,628 |
| Réigiúnach, Áitiúil agus Uirbeach | € 11,162,955 |
| Rochtan Lár Bhaile an Chabháin (maoiniú ERDF) | € 1,400,000 |
| Bealaí Tánaisteacha Náisiúnta | € 8,249,342 |
| Acmhainní na Comhairle | € 1,560,380 |

Is ón Rialtas Lárnach trí áisínteachtaí éagsúla a thagann an maoiniú don chuid is mó. Is iad seo a leanas na príomháisínteachtaí:

- An tÚdarás um Bhóithre Náisiúnta (NRA) a mhaoinionn gach bóthar naisiúnta
- An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt do na Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla is Scéimeanna Feabhsúchán Áitiúla ach le cúnamh teicniúil agus riaracháin ón NRA. Thug An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maoiniú €675,000 faoin gClár Taisteal Cliste Taisteal Gníomhach i mBailte 2012/2013 do lánaí rothar i mBaile an Chabháin. Chuige sin cuireadh tús le pleanáil agus dearadh i 2012 le súil lena bheith críochnaithe i 2013.
- Thug Ciste Forbartha Réigiúnach na hEorpa maoiniú €1.4m don Bhóthar Rochtan i mBaile an Chabháin Thoir, tarraingíodh €620,923 den mhéid sin i 2012.

## Cothabháil Gheimhridh

Dáileadh €241,093 do Chothabháil Gheimhridh ar Bhóithre Reigiúnacha agus Áitiúla i gContae an Chabháin.

## Dualgais Rialachais a Chur i bhFeidhm

Tá Fodhlíthe Páirceála i bhfeidhm i gCoill an Chollaigh, Béal Átha Chonaill, Béal Tairbirt, An Muinchille agus Achadh an Iúir.   Bíonn teora ama i gceist i lár an bhaile chun tráchtáil a éascú ach amháin i mBéal Átha Chonaill.

## Bóithre Náisiúnta

TIs iad an N3 Baile Átha Cliath/Inis Ceithleann/Béal Átha Seanaidh agua an N3 iSligeach/Inis Ceithleann atá sa ghréasán Priomhbhealaí.

Bronnadh an Conradh Dearadh agus Tógáil don N3 Droichead an Bhuitléaraigh go Béal Tairbirt ar Ferrovial Agroman Ireland Limited agus  PT McWilliams mar Chomhfhiontar mí Aibreáin  2011.  San áireamh beidh an dearadh a fhorbairt agus an tógáil a chur i gcrích. Beidh an bóthar úd  7.15cm ar fhad is é mar cheangal idir Seachród An Chabháin agus Staghall ag Timpeallán An tEanach.  Áis mhor a bheidh ann don sábháilteacht is don ghluaiseacht tráchta i mBéal Tairbirt agus osclófar bealach amach go dtí an Iarthuaisceart.

Mar chuid den dtionscnamh seo 7.15cm beidh dhá dhroichead; Droichead Mhór “Extrados” thar an Éirne agus ceann 200m thar phortaigh Aghnaguig atá thar a bheith leochaileach ó thaobh comhshaoil de.

Maoiníodh dhá scéim cosán i 2012 ar an N3 agus N16.  Tá an Scéim N3 Béal Tairbirt go Aghalane  2,550 méadar ar fhad agus an Scéim Corr an Mhathain go Kiltomulty 3,200m. Rinneadh athchoiriú in áiteanna de réir gá, neartú agus dromchla chomh maith le comharthaí tráchta agus marcáil bhóithre le súil go mairfidís  20 bliain.



Droichead nua á thógáil thar an Éirne i mBéal Tairbirt

Chosnaigh an dá thonscnamh  €1,487,787 ar an iomlán.

Fuarthas maoiniú €25,536  d’obair leanúnach ar chúrsa a roghnú do Sheachród N3 Edenburt go dtí An Cabhán.

**Bóithre Tánaisteacha**
Is iad an N54 An Cabhán/Muineachán idir Droichead an Bhuitléaraigh agus Teorainn an Chontae ag Log Uí Cheallaigh, an N55 An Cabhán/Áth Luain agus an N87 ó Thimpeallán Staghall, Béal Tairbirt go dti an teorainn ag An Muileann Iarainn atá sa ghréasán bóithre tánaisteacha.

**N87 Bóthar Faoisimh Baile Átha Chonaill Laistigh**
Bronnadh an Conradh Tógála don N87 Bóthar Faoisimh Béal Átha Chonaill ar Gibson Bros. (Ireland) Ltd. Mí Bealtaine 2011. Beidh sé seo 1.1cm ar fhad mar nasc idir an N87 ó dheas ó Béal Átha Chonaill agus an R207 Bóthar Derrylin agus beidh droichead thar Chanáil Áth na Coille. D'oscail an Chathaoirleach, Comh Paddy O'Reilly, an bóthar úd go hoifigiúil mí Lúnasa.

**N55 Athailíniú Dundavan Mullach Ódhráin**
Fuarthas maoiniú €4,600,000 don scéim seo agus bronnadh an conradh ar P. Clarke and Sons Limited mí Bealtaine, tosaíodh ar an dtógáil mí an Mheithimh 2012.


N55 Athailíniú Dundavan go Mullach Odhráin

**N55 Corr Dubh go Killydoon ó Dheas**
Fuarthas maoiniú €500,000 don scéim seo chun leanúint den chéim deartha is pleanála le linn 2012. Beidh sé seo 6cm ar fhad agus feabhsúcháin ar an N55 ag Garrymore san áireamh.

**N55 Scéim Athailínithe Corr Dubh go Béal Átha Trost** Bronnadh an Conradh seo ar Whitemountain Quarries Ltd. a thosaigh ar an dtógáil mí Eanáir, bhí an scéim críochnaithe acu faoi dheireadh Lúnasa 2012.

**N54-N55 Uachtair**
Maoiníodh dhá mhorscéim uachtar cosán ar an N54 agus N55. Bhí an scéim N54 Droim Chaiside go N54 go Caonaigh 1,300 méadar ar fhad agus an N55 Shannow go Béal Átha na nEach 2.266cm in length. Rinneadh athchóiriú in áiteanna de réir gá, neartú agus uachtar chomh maith le comharthaí tráchta agus marcáil bhóithre le súil go mairfidís 20 bliain.

Chosnaigh an dá thonscnamh €1,487,787 ar an iomlán €1,201,430.



N55 Athailíniú ag Corr Dubh, Béal Atha na nEach



Uachtar idir Droim Chaiside agus Caonaigh

## Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla

Tá athnuachan nach beag déanta ar an ngréasán réigiúnach le deich mbliana faoin gClár Athnuachan Bóithre. De ghnáth is sraith mhacadam agus uachtar anuas uirthi a bhíonn i gceist. Tugadh tús áite don mharcáil agus don líniú bóthair.

Dáileadh €12,544,963 do Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. Dá bharr san d'éirigh leis an Roinn Bóithre i gComhairle Contae an Chabháin an-chuid Feabhsúchán agus Athchóirithe a chur i gcrích.

- Dáileadh €3,723,000 d'Oibreacha Cothabhála. Caitheadh €1,939,000 ar dhromchlaí a chóiriú, rud atá fiorthábhachtach ar ndóigh.

- **Dáileadh €5,539,340 d'Oibreacha Cothabhála.** Úsáideadh an Deontas Feabhsúcháin agus Athbhunaithe do thosaíochtaí chun an gréasán a choimeád go réasúnta maith.

- **Dáileadh €1,000,000 mar Dheontais d'Fheabhsúcháin Áirithe**
  Is do thionscnaimh atá tábhachtach ó thaobh eacnamaíochta agus fostaíochta de atá na deontais d'Fheabhsúcháin Áirithe. Bhí trí scéim i gceist: R200 Droichead Charraig Dubh; R212 Timpeallán Bóthar Bhaile Átha Cliath agus R165 Beckscourt go Curchais.

- **Dáileadh €600,00 ar Scéim Straitéiseach do Bhóithre nach Bóithre Náisiúnta iad** (scéimeanna iad seo a éascaíonn An Straitéis Spásúil Náisiúnta).
- Fuarthas €600,000 ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt don chéim deartha faoin Sceim Feabhsúcháin ar an Slí Straitéiseach An Cabhán go Dún Dealgan. Ceapadh Roughan and O'Donovan Aecom Alliance mar innealtóirí comhairlitheach don scéim. Leanadh den réamhobair deartha ar an scéim úd 75cm le linn 2012.

Bunaíodh an Clár Oibreacha Bóithre 2012 ar an gClár Oibreacha Bóithre Ilbhliantúil 2011-2013 a cheadaigh an Chomhairle Contae mí Meán Fómhair 2010.

Athbhunóidh An Bealach Anoir Isteach an rochtan ar an dtaobh san de Bhaile an Chabháin agus béarfar an ceantar úd isteach go lár an bhaile. Feabhsófar cúrsaí tráchta Lár an Bhaile go háirithe ar Shráid an Choláiste agus Sráid Fhearnáin. Táthar ag cuimhneamh go háirithe ar rothaithe, coisithe agus orthu siúd a bheadh faoi bhac éigin gluaiseachta.

## Sábháilteacht, Rialú agus Pobal

### Sábháilteacht ar na Bóithre

Dírítear go speisialta ar shábháilteacht do lucht úsáide bóithre agus do choisithe. Aithnítear áiteanna an-bhaolacha agus leagtar síos Scéimeanna Sábháilteachta ar Chostas Íseal.

Tá sé i gceist ag Comhairle Contae an Chabháin an líon timpistí a laghdú trí Oideachas, bearta Forfheidhmithe agus Innealtóireacht de réir Straitéis atá ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.

1. **Oideachas:** Cuireann an tOifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre cúrsaí chun cinn i measc an phobail agus neartaíonn an Fheasacht uirthi sna Scoileanna.

2. **Forfheidhmiú:** Clár um Sheachaint Timpistí: Innealtóirí agus Gardaí ag obair as lámh a chéile. Is iad na Maoir Tráchta a chuireann na Fodhlíthe Tráchta i bhfeidhm.

3. **Innealtóireacht:** Is í an Fhoireann Innealtóirí Bóithre a dhearann Scéimeanna Sábháilteachta ar Chostas Íseal agus Ceansú Tráchta. Ar an iomlán dáileadh €169,500 do na Scéimeanna úd mar a leanas:

- Sráidbhaile Cros Domhnaigh; Crosaire An Leacht; Scoil Mhuire, Béal Átha hÉis; Bóthar Charraig Mhachaire Rúis, Dun an Rí; Cora An Ladhar; Gabhal Leitir, Coill an Chollaigh; Scoil Mhuire, Achadh an Iúir; Crosaire Uí Bhaíolláin, Muintir Chonnacht; Clonloaghan agus Mullach an Chaisleáin
- Rinneadh oibreacha ar an N3 faoin scéim do Phríomhbhealaí Náisiúnta ar Chostas Íseal ar chostas iomlán €419,965
- Rinneadh oibreacha ar an N55 agus N87 faoin scéim do Bhealaí Tánaisteacha ar Chostas Íseal ar chostas iomlán €877,954
- Ar son Sábháilteacht na Tráchta, leagadh síos Luasteorannacha Sealadacha le linn na n-oibreacha a bhí ar siúl faoin gClár Bóithre.

## Dualgais Rialachais a chur i bhfeidhm

Tá Fodhlíthe Páirceála i bhfeidhm i gCoill an Chollaigh, Béal Átha Chonaill, Béal Tairbirt, Muinchille agus Achadh an Iúir. Bíonn teora ama i gceist i lár an bhaile chun tráchtáil a éascú ach amháin i mBéal Átha Chonaill. Ar son Sábháilteacht na Tráchta, leagadh síos Luasteorannacha Sealadacha le linn na n-oibreacha a bhí ar siúl faoin gClár Bóithre.

## Páirtíocht leis an bPobal

Bíonn an Roinn Bóithre agus Iompair sa Chomhairle Contae de shíor ag dul i gComhairle leis an bPobal maidir le feabhsúcháin ar bhóithre nach bóithre náisiúnta iad (Bóithre Áitiúla agus Réigiúnacha) agus ar lánaí príobháideacha.

### Scéimeanna Pobail Comhfhiontair

Tharla sé Scéim nua i 2012 ar chostas €200,000.

### Scéimeanna Feabhsúchán Áitiúla

Ní raibh aon dháileadh ón Roinn Iompair i 2012 do Scéimeanna Feabhsúchán Áitiúla. Bhí Comhairle Contae an Chabhain, áfach, in ann €80,000 dá gcuid féin a chaitheamh ar chóiriú dromchlaí na Scéimeanna 2011 chun a raibh déanta a chaomhnú.

## Táscairí Seirbhíse

Caithfear an leas is fearr a bhaint as acmhainní sa Roinn Bóithre agus Iompair. Is féidir an scéal a mheas go hoibiachtúil trí na Táscairí Seirbhíse. Is iad seo a leanas na Táscairí Seirbhíse do Bhealaí Réigiúnacha agus Áitiúla don bhliain 2012:

| Fad ciliméadar bóithre idir áitiúil is réigiúnach a feabhsaíodh agus a cothaíodh faoin gClár um Athchóiriú Bóithre in aghaidh bliana | Km |
|---|---|
| Bóithre Áitiúla | 210.05 |
| Bóithre Réigiúnacha | 26.27 |
| **Iomlán** | 236.32 |
| Fad ciliméadar bóithre idir áitiúil is réigiúnach a tógadh faoin Scéim Deontas um Fheabhsúcháin ar leith in aghadh bliana | Km |
| Bóithre Áitiúla (Cm) ** | 0.00 |
| Bóithre Réigiúnacha (Cm) | 0.65 |
| **Iomlán (Cm)** | 0.65 |

**Nóta: I gceist ansiúd bhí timpeallán agus oibreacha ar dhroichead.

## Coistí Beartas Straitéiseach

Ar mhórchuspóirí Feabhas ar Rialtas Áitiúil bhí an Daonlathas Áitiúil a fheabhsú agus chuige sin bunaíodh Coistí Polasaí Straitéiseach. Fóram is ead iad siúd mar a mbíonn Baill Tofa na Comhairle agus Ionadaithe ó Eagraíochtaí Stáit is Pobail ag comhoibriú faoi pholasaithe a athbhreithniú is a fhorbairt. Bíonn Ball na Comhairle mar Chathaoirleach agus Stiúrthóir Seirbhísí acu chun cúnamh riaracháin.

**Coiste Beartas Straitéiseach um Bhóithre 2012 - Baill**

Comh. Paddy Smith, Cathaoirleach
Comh. Peter McVitty
Comh. Sean Smith
Comh. Paddy McDonald
Comh. John O'Hare
Comh. Paddy Reilly, Comhairle Baile an Chabháin
An tUas. Jim Maguire, Fóram Pobail agus Deonach**
An tUas. Michael McCarey, Lucht Gnó
An tUas. Francis Smith, Cónaidhm Tionscal Foirgníochta
** Tháinig in ionad Kathleen Duffy Uas.

Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste i 2012

**Ár na hAbhair Phléite bhí:** Clár Oibreacha Bóithre, Drochaimsir, Maoiniú, Muirear Teaghlaigh, Feiliúnacht Feithichlí Tráchtala, Sábháilteacht ar Bhóithre, Soilsiú Poiblí, Fodhlíthe Páirceála, Luasteorannacha, Bonneagar Turasóireachta, Gearradh Fál Sceach, Scéimeanna Comhairle Pobail agus Scéimeanna Feabhsúchán Áitiúla.

# Gnóthaí Cultúrtha

**Seirbhísí Leabharlanna: dlúthchuid de shaol laethúil an Chabhain** Díríodh i 2012 ar spriocanna náisiúnta agus áitiúla a shroichint maidir le sochaí agus geilleagar an eolais, cuimsiú sóisialta , saoránacht ghníomhach agus páirtíocht daonlathach. Rinneadh dul chun cinn a bhí suntasach toisc gearradh siar tromchúiseach ar leibhéal foirne go luath sa bhliain 2012. Athdháileadh an acmhainn is mó atá agnn, an fhoireann leabharlainne, chun an tionchar a laghdú is de dheasca athruithe ar uaireanta oscailte ar fud an chontae. In ainneoin laghdú 3% orthusan i 2012, méadaíodh ar ghnó na leabharlainne. Thug beagnach **6,000** duine cuairt seachtainiúil ar an leabharlann áitiúil i gCabhán le linn 2012. Is léir gur mór ag muintir an Chabháin seirbhísí ardchaighdeáin mar chuid den saol laethúil.

## Teicneolaíocht an Eolais


Eanáir: Seoladh www.cavanlibrary.ie agus Méáin Sóisialta

Bhí torthaí gan dabht ar ár dtiomantas don bhonneagar Teicneolaíocht an Eolais a uasdátú. Seoladh go hoifigiúil Suíomh Gréasáin agus Meán Sóisialta na Leabharlainne mí Eanáir agus faoin am san bhíothas tar éis 91 000 cuairt a thabhairt ar an suíomh, d'fhanadh a t-úsáideoir cúig nóiméad ar an meán. Ní haon ionadh gur ábhar spéise é an leathanach staidéar áitiúil. **Feabhsaíodh na seirbhísí ar líne**, tá Aip Leabharlann an Chabháin agus anois is féidir leabhar a athnuachan ar líne. Mí na Samhna, le tacaíocht ó na Foirne Teicneolaíocht an Eolais agus Fuinnimh, bhí Leabharlann Cheannais Mhic Sheáin **ar an gcéad seirbhís leabharlainne in Éirinn** a rinne uasghrádú ar an ngréasan Ríomhairí Poiblí nuair a fuarthas an réimse is déanaí PC beaga ar bhonn eiceolaíoch ar a dtugtar spóil. Dá réir sin beidh Comhairle Contae an Chabhain an-ghar don laghdú reachtúil in úsáid fuinnimh mar a bheidh 33% don bhliain 2020.

## Bonneagar Leabharlainne


Mi na Samhna: Peadar Smith, Jim McQuaid, Padraic Gaffney, Teresa Treacy agus Martina Rooney i bpáirt chun tionscnamh éiceolaíoch Teicneolaíocht Eolais a chur i láthair

Critical **departmental funding of € 250,000 for Belturbet Library** was pursued and was finally secured in October for shelving, furniture, information technology, fittings and stock. This 100% grant, spent in the last quarter of 2012, will help us to deliver a great library space for the people of Belturbet and environs.

Quality library services can help transform lives, so the goal of delivering them is fundamentally important.

Léiríonn an **Tionscadal Léitheoireachta Aon Scríbhneoir Amháin sa Chabhán** go bhfuil rún againn dul i bpáirt le háisínteachtaí eile madir lenár n- acmhainní daonna agus airgeadais a roinnt ar bhonn éifeachtach i dtreo spriocanna comónta a bhaint amach. Bhí sraith léachtaí mar chuid den tionscadal úd chomh maith le comórtas scríbhneoireachta, bronnadh na gradaim Oíche Chultúrtha mí Meán Fómhair.

Cuis áthais dúinn a bheith páirteach i dTionscadal Léitheoireachta de chuid an Chiste Idirnáisiúnta d'Éirinn (IFI ) mí Eanáir ar a tugadh **"Agallaimh trí Litríocht"**. Sa tionscnamh seo nascadh grúpaí idir Bhéarla agus Gaeilge sna contaethe An Cabhán, Liatroim, Fear Manach agus Tír Eoghain. Mí na Samhna d'eagraigh An Cabhán sraith imeachtaí don grúpaí léitheoireachta "As Gaeilge" ar fad a bhí páirteach. Buaicphointe eile a bhain leis an dTionscadal úd ab ea cuairt an scríbhneora Jennifer Johnson a bhuaigh Gradam Leabhar na hÉireann 2012 ar Leabharlann Cheannais Mhic Sheáin.

I gcomhar le hIonad Scríbhneoirí na hÉireann rug Seirbhís Leabharlainne An Chabháin cúigear mórscríbhneoirí go dtí an contae mí na Márta agus Mí Deireadh Fómhair mar chuid den léamh Peregrine.

Gan dabht ar bith is í **an tSeirbhís um Staidéar Áitiúil** an acmhainn is tábhachtaí dá bhfuil ann do stair, seandálaíocht, litríocht agus cultur an Chabháin. Le linn na bliana 2012, cuireadh breis ábhar de gach formáid sa Bhailiúchán is gach rud ar fáil i dtimpeallacht sábhailte rialaithe. Bíonn an fhoireann staidéir áitiúla ag soláthar seirbhísí proifisiúnta is iad ag plé le ceisteanna stairiúla is ginealaigh. Ina theannta san bíonn turas thart ar an seirbhís agus tacaítear le taighdeoirí idir áitiúil is náisiúnta. Bhí an-éileamh i 2012 ar léachtaí, seoltaí leabhar agus taispeántais. Buaicphointe i rith na bliana ab ea seoladh "Peter Paul Galligan: ar na fir is dainséaraí i ngluaiseacht na n-óglach".

Bhí an **tSeirbhís Chartlainne Contae** ar fáil ar bhonn teoranta le linn uaireanta áirithe i 2012, níor mhór coinne a dhéanamh chuicisin. Cuireadh breis ábhar suntasach ansiúd freisin. Is fíor, afach, go gcaithfear an tseirbhís seo a rith ar bhonn teoranta ceal post mar chartlannaí a bheith againn.

Bhí foireann na leabharlainne níos gnóthaí ná riamh le linn **Fleadh 2012**, reachtáladh taispeántas, turais, léachtaí, seisiúin laethúla ag an seastán banna agus go háirithe, olldíolachán leabhar a bhí go hiontach ar fad. Chuir foireann leabharlainne le comhdháil a d'fhiosraigh téamaí imirce, deoraíocht agus áit dúchais. Bhain breis is 500 duine sult as siúlóidí thart ar bhaile an Chabháin. Bhíomar i bpáirt le Glór Bhreifne agus le cainteoirí eile Gaeilge chun clár iomlán imeachtaí a chur le chéile. Le Fleadh 2012 tháinig deireadh le trí bliana iontacha maidir le teanga is le litríocht na Gaeilge. Leanfar ar an gcuma céanna go ceann **Bliain na Gaeilge 2013** agus ina dhiaidh.

Foilsíodh ár nuachtlitir míosúil **"The Bookmark"** go rialta le linn 2012. Bíonn an-éileamh uirthi idir an chóip crua agus ar líne agus is tríthi a scaiptear eolas ar an gclár bliantúil imeachtaí do 2012. Ar na Féiltí a tharla bhí Seachtain na Gaeilge, Oíche Chultúrtha, Bealtaine, Seachtain Leabharlanna Éireann, Seachtain Oidhreachta agus Féile

Leabhar na bPáistí. Fáiltíodh roimh réimse leathan cainteoirí, scríbhneoirí agus scéalaithe agus mí na Nollag ar deireadh tháinig an sárlaoch spóirt, Johnny Giles. Ó Nollaig i leith tá mír nua faoin Nuachtlitir seo againne ar an suíomh náisiúnta leabharlainne www.askaboutireland.ie is An Cabhán agus ár seirbhísí leabharlainne á gcur chun cinn.

The wide range of **regular ongoing events**, many organised for and in partnership with **community groups and public agencies,** continued in 2012 and included:

- Grúpaí Ceardaíochta ó mhí an Mheithimh i leabharlann Mhuinchille agus mí na Samhna i Leabharlann Cheannais Mhic Sheáin; tógadh ar an rath a bhí ar Ghrúpa Ceardaíochta Choill an Chollaigh a bunaíodh anuraidh 2011.

- Maidneacha Chaifé dóibh siúd atá faoi Bhac Radhairc. Is féidir leo siúd a bhíonn cláraithe le NCBI leas a bhaint as an leabharlann áitiúil, Teicneolaíocht Chabhraitheach is Maolaithe a úsáid agus bualadh le daoine sa chás céanna leo féin chun tuairimí agus taithí a roinnt.

- Ar an scata seoltaí leabhar; sheol Padraig McIntyre leabhar filíochta le Dochtúir Teaghlaigh i gCoill an Chollaigh, Paddy Halligan, dar teideal ‘Waitress and Other Poems.” Ball gníomhach is ea Paddy Halligan den Ghrúpa Lit Lab a thagann le chéile i Leabharlann Choill an Chollaigh. Bhí an teach lán go doras mí an Mheithimh nuair a sheol ball foireann Leabharlanna An Chabháin, Jonathan Smyth, a shaothar nua ‘Gentleman and Scholar: Thomas J. Barron 1903-1992’.



Mí na Nollag: An Laoch Spóirt John Giles ag baint sult as lucht éisteachta an Chabháin i Leabharlann Cheannais Mhic Sheáin

**Buaicphointí i gClár Imeachtaí na Leabharlainne 2012:**

| **Clár Imeachtaí na Leabharlainne** | 2012 |
|---|---|
| Léachta | 16 |
| Taispeántais | 13 |
| Ceardlanna | 55 |
| Cuairt ó Údar nó Scéalaí | 36 |
| Scéalaíocht ag an bhFoireann Leabharlainne | 79 |
| Taispeántais agus Seoltaí Leabhar | 57 |
| Ceol agus Damhsa | 7 |
| Drámaíocht | 18 |
| Cuairt ar Rang: Naíonra | 27 |
| Cuairt ar Rang: Bunscoil | 388 |
| Cuairt ar Rang: Meánscoil nó Grúpa eile Oideachais | 15 |
| Ócáidí is Cruinnithe ag Grupaí Pobail | 128 |
| Grúpaí Léitheoireachta | 37 |
| Cruinnithe Grúpaí Labhairt na Gaeilge | 32 |
| Cruinnithe Grúpaí Ceardaíochta | 80 |
| Comhairle Contae an Chabháin (Ranna Eile) Ócáidí | 29 |
| Imeachtaí i gComhar le hÁisínteachtaí Stáit | 129 |
| Obair For-Rochtana | 12 |
| Iomlán | 1158 |

| **Táscairí Seirbhíse** | **2011** | **2012** | **% Athrú** |
|---|---|---|---|
| Líon Cuairteoirí | 267,200 | 273,150 | + 2 % |
| Iomlán Uaireanta Oscailte | 9,832.00 | 9,541.75 | - 3 % |
| Ballraíocht | 12,687 | 12,279 | - 3 % |
| Stoc ar Iasacht | 192,937 | 186,676 | - 3 % |
| Rochtain Phoiblí Idirlín | 33,495 | 29,547 | - 12 % |
| Meánuaireanta Oscailte: Lánaimseartha | 41.86 | 40.47 | |
| Meánuaireanta Oscailte: Páirtaimseartha | 9.06 | 10.35 | |
| Suíomh Idirlín: Féachaint ar Leathanach | | 91,474 | |
| Suíomh Idirlín: Cuairteanna | | 32,203 | |
| Buiséad Glactha 2012 | € 1,528,159.00 | | |

## Músaem Contae an Chabháin

CLean Músaem Contae an Chabhain den tiomantas don Mhúsaem a fheabhsú, a uasghrádú agus a fhorbairt go dtí go mbeidh sé ar phríomhláithreacha oidhreachta na hÉireann ó thaobh éilimh de. Chuige sin cuireadh isteach ar chreidiúnacht iomlán ón gComhairle Oidhreachta. Mar chuid den phróiseas creidiúnaithe tá polasaithe géire anois i bhfeidhm maidir le gach aon ghné den soláthar seirbhíse agus tá measúnú déanta ar ár gcumas na polasaithe a chur i gcrích.

Ach an chreidiúnacht iomlán a bhaint amach beidh cuairteoirí cinnte de bhainistíocht éifeachtach, caighdeán seirbhíse agus ardchaighdeán cúraim do bhailiúcháin luachmhara an mhúsaeim. I ndáiríre ní féidir luach na creidiúnachta úd a mheas, táthar ag súil le dearbhú na creidiúnachta amach anseo i 2013.



Leanaí ag obair ar an nGáirdín Síochána

Cé go bhfuil an geilleagar go fíordheacair faoi láthair leathnaigh an Músaem a chuid gníomhaíochtaí i ngach aon slí. Leanadh den tionscnamh trasteorann "Nascadh Daoine, Áiteanna agus Oidhreacht" nuair a forbraíodh Gáirdín Síochána i ngáirdín mór na Leabharlainne. Tháinig an maoiniú chuige sin ó Shíocháin agus grupaí ó Thuaidh is ó Dheas ag saothrú le cheile chun gáirdín álainn inrochtana a chruthú do chuairteoirí. San áireamh tá raonta dúlra a thugann deis dóibh an timpeallacht nádúrtha a fhiosrú trí theagmháil, blas agus boladh..

Ócáid mhór le linn 2012 ab ea Bróiste Achadh an Iúir ag teacht ar ais don chontae tar éis 200 bliain, thug an Dr. Seamus McGowan léacht a mhínigh an stair agus an tábhacht a bhaineann leis. Cuireadh an-spéis go deo sa taispeántas seo a tharla trí chomhoibriú an Mhúsaem Náisiúnta agus maoiniú ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus na Gaeltachta.



Joe McLoughlin, Stiúrthóir Seirbhísí, Paddy O'Reilly, Cathaoirleach Comhairle Contae an Chabháin,Dr Jonathan Mattison, An Cabhán agus Cúnant Uladh agus Savina Donohoe, Coimeádaí an Mhúsaeim.

Cuireadh spéis freisin i sraith léachtaí a chuimsigh mórán réimsí idir áitiúla is náisiúnta. Mar shampla bhí taispeántas agus léacht a rinne comóradh ar shíniú Cúnant Uladh i 1912, léacht ar shaol an tEaspag Bedell chomh maith le léacht Bhliantúil Art Uí Ghríofa. Ba é an t-údar agus staraí Tim Pat Coogan a labhair i mbliana.

D'eagraigh an Músaem ócáid tráthnóna faoi chúram Stair Éireann is é dírithe ar Chogadh na Saoirse. Labhair saineolaithe ó Albain is ón dtír seo agus spreag a gcuid cainte díospóireacht bhríomhar ina diaidh. I rith na bliana éascaíodh saothar á léiriú ag ealaíontóirí is ceoltóirí, tharla imeachtaí agus ceardlanna do na mórfheiltí mar an Nollaig, Oíche Shamhna agus Bealtaine.

Le linn Fleadh Cheoil na hÉireann sa Chabhán don tríú bliain as a chéile tharla "Comhdháil Leáite" dha lá a d'fhiosraigh téamaí 'Imirce, Deoraíocht agus Áit Dúchais'. Ba é an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus na Gaeltachta, an tUas. Jimmy Deenihan, T.D. a d'oscail í sin go hoifigiúil agus bhí painéal staraithe agus tíreolaithe i láthair a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu.

D'fháiltigh an músaem roimh chomhdháil faoi stiúir na Comhairle Oidhreachta 'Oidhreacht i dtreo Fás Geilleagair'. Bhí deis ag gnóthaí beaga is meánacha eolas a chur ar an ról a bheadh ag acmhainní oidhreachta idir chultúrtha, ailtireachta agus nadúrtha i gcur chun cinn na turasóireachta agus i gcúrsaí miondíola agus siamsaíochta sa réigiún.

Rinneadh freastal an-mhaith ar leanaí is ar dhaoine óga i rith na bliana trí cheardlanna, grúpaí scríbhneoireachta, imeachtaí ceoil, scéalaíocht agus siúlóidí dúlra. Cuireadh turais ar siúl do ghrúpaí Scothaosta Aduaidh agus Aneas maraon le siamsaíocht agus sóláistí. Éascaíodh grúpaí ealaíona agus ceardaíochta is cuireadh taispeántais ar siúl dá gcuid saothair. Le linn Seachtain Cumsiú Sóisialta eagraíodh gníomhaíochtaí do lucht iasachta a mhaireann sa chontae. Bhí béim freisin ar ghrúpaí ag a mbeadh riachtanais speisialta.

Ar an bhfál is suntasaí b'fhéidir a fuair an músaem i mbliana bhí bailiúchán an Ginearál Sir Oliver Nugent agus táimid fíorbhuíoch dá chlann as é a thabhairt ar iasacht dúinn. Bhí mórán rudaí ón gCéad Chogadh Domhanda aige maraon le cuimhneacháin ar thréimhsí caite san Afraic Theas, sa bhFrainc agus san Ind. Acmhainn iontach oideachais agus taitnimh do ghrúpaí scoile nó do dhaoine fásta is ea na rudaí suimiúla atá anois ar taispeáint.

Cé go bhfuil acmhainní airgeadais gann faoi láthair d'éirigh le Músaem Contae an Chabháin maoiniú a fháil ó fhoinsí éagsúla chun a raibh geallta a chur i gcrích. Tá an músaem fíorbhuíoch don Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus na Gaeltachta a bhronn €9 900 chun an Gailearaí "Macalla ón tSeanaimsir" a fhorbairt. Bhronn An Roinn Gnóthaí Eachtracha €12 000 do Chúnant Uladh agus fuarthas €3,000 ón gComhairle Oidhreachta chun taifead a dhéanamh ar chuid den bhailiúchán maraon le grianghrafadóireacht. Gan na deontais speisialta úd bheadh réimse teoranta oibre ar bun sa mhúsaem. Braitheann cúrsaí foirne go mór ar an Scéim um Fhostaíocht Phobail, ar Chlár Socrú Oibre FÁS agus ar an Scéim Intéirneachtaí JobBridge. Thug an fhoireann úd seirbhís den scoth don phobal agus san am gcéanna bhí siad ag cur lena scileanna nua a mbainfear leas astu ar ball.

Mar is léir ón ngearrchuntas anso thuas ar imeachtaí na bliana, tá rún ag Músaem Contae an Chabháin seirbhís den scoth a sholáthar don chontae, í ar an seirbhís is fearr, is éagsúla agus is suimiúla dá bhfuil ar ár gcumas a cur ar fáil. Tá súil againn leanúint de na léachtaí stairiúla, comhráití a éascú ar ábhair eile mar ealaíon, scannáin agus ceol. Tá Gailearaí Éidín ag dul i dtreise agus is maith an fóram é sin do thaispeántais ealaíona idir nua-aimseartha, aitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Agus an clár á chur le chéile cuirtear gach saghas duine sa chontae san áireamh, cuimhnítear ar aois, cumas, aitheantas idir eitneach, creidimh agus cultúrtha. Dá bhrí sin tá súil againn inrochtaineacht iomlán do chách a léiriú go ceann na bliana seo chugainn agus sa todhchaí.

## Oifig Ealaíon

### Táscairí Seirbhíse

- Bronnadh **€11,400** faoin **scéim gradam ealaíon ar 20** eagraíocht agus duine aonair
- Fuarthas 41 iarratas ar fad
- Ar na faighteoirí bhí cipients included: Club Ceamara Achadh an Iúir, Cór Soiscéal Achadh an Iúir, John McManus (scríbhneoir), Michelle Harton (dearcealaíontóir)
- Bronnadh Gradam Tyrone Guthrie ar Laura O'Connor

### Na hEalaíona agus Fleadh 2012

Bhí ealaíontóirí is eagraíochtaí ealaíon an Chabháin páirteach go hiomlán i bhFleadh Cheoil na hÉireann 2012. Baineadh leas as don phobail ealaíon mar a leanas:

- 663 ócaid ar an imeall Cavan idir 10 agus 20 Lúnasa 2012
- Aird ar phróifíl ealaiontóirí – gradaim agus coimisiúin náisiúnta
- Mórtas ceantair agus saothair i measc an phobail
- Lucht éisteachta náisiúnta is idirnaisiúnta
- Cleachtas ildisciplíneach ag teacht le chéile
- Méadú ar phroifisiúntacht trí acmhainní i bpáirt lena chéile
- Íomhá na n-ealaíon: feasacht trí dhearc-chumarsáid mar bhratacha a bhain leis an bhFleadh chun na hÓcáidí ar an imeall a fhógairt, bhí a leithéid le feiscint ar Shráid Uí Chonaill. Don chéad uair bhí baint ag ócáid lasmuigh de Bhaile Atha Cliath leis an bpríomhchathair.
- Trans Art: taispeántas nua-aimsearatha idir léirithe, graffiti agus suiteáil a bhain le 40 ealaiontóir ar 11 láthair neamhghnáthach sa Chabhán. Triúr coimeádaí, (Harton, Keenan agus O'Dowd) a chruthaigh a leithéid de ghaisce buan do bhaile an Chabháin.
- Aonach ealaíon Rianta a léirigh saothar 24 ealaíontóir ón gCabhán.
- Comhoibriú idir ranna Comhairle Contae an Chabháin agus áisínteachtaí chun teacht ar fhorbairt na n-ealaíon
- Comhoibriú le pobail, eagraíochtaí agus daoine aonair.
- Ceolchoirn Iomlán Leathan agus ceardlanna trí thacaíocht ó Chiste Idirnáisiúnta Éireann.
- Léiríodh "Sweeney Under a Full Moon" saothar nua le Paul Flynn i dteannta an fhile Noel Monahan in Ardeaglais Naomh Fheilimidh, Cill Mhór.
- I measc drámaí bhí saothar nua ó Doherty, O'Rourke agus The Moogles

### Clár Ealaíon Poiblí

- Coimisiúnaíodh Gáirdín Dealbhadóireachta do Pháirc Fhoraoise Dún an Rí; ba é Joey Burns an dealbhadóir, ba í an t-ealaíontóir digiteach Kerrie Duffy a dhearaigh E- Leabhar/Aip agus bronnadh an gradam don scéal ab fhearr.
- Thacaigh Create le ceiliúradh ealaíon de chuid John Byrne in Ardeaglais Naomh Fheilim agus Pádraig le Cór Palestrina agus aoichainteoirí Create.
- Ócáid faoin aer The Rite of Spring le Compántas Rince Éiru i dteannta Fidget Feet.

**Tionscadail Náisiúnta Lá Filíochta Uile-Éireann, Oíche Chultúrtha agus Bealtaine**

**Oíche Chultúrtha**

- Bhí 18 gcinn d'ócáidí ar 12 láthair le linn Oíche Chultúrtha an Chabháin 2012.
- Tharla dhá chuairt/cheardlann ar gach ceann de sé láthair oideachais/tar éis scoile sa chlár ' Arts investigates' a stiúraigh an t-ealaíontóir Kim McCafferty.
- Comhoibriú le Páirtithe Cultúrtha i gComhairle Contae an Chabháin
- Fáiltíodh roimh mír breise a tharla Oíche Chultúrtha nuair a bhí an Grúpa Seachtrach Lucht Siúil, Cumas Speisialta Bhéal Átha na nEach agus Cumann Cathaoir Rotha na hÉireann páirteach sa chlár
- Bhí saothar Paul Galligan, Rikki van den Berg agus a gcuid mac léinn ar taispeáint nuair a d'oscail an bheirt ealaíontóir an stiúideo don phobal
- Chuir an Tionscnamh Cultúr an Chabhain ócáid trasteorann chun cinn i gCo Fhear Manach nuair a sheol Ciste Idirnáisiúnta Éireann an leabhar 'Belleek to Ballyjamesduff: Worlds and Words' curtha in eagar ag an Dr Anne F O'Reilly.
- Mar bholscaireacht seoladh 860 e-ráiteas, bhí eolas ar an suíomh idirlín ag Comhairle Contae an Chabháin agus Músaem an Chabháin. D'fhógair na meáin áitiúla na himeachtaí, san áireamh bhí The Anglo Celt agus Stáisiúin Raidió Shannonside/Northern Sound Radio trí ailt agus fógraí.
- Thar cúig sheachtaine scaipeadh 1,500 Bróisiúr Oíche Chultúrtha maraon le 150 póstaer a luaigh na láithreacha.
- Cruthaíodh ócáid ar Facebook agus tugadh cuireadh do bhreis is 714 dhuine, baineadh leas freisin as LinkedIn, Twitter, agus Culture Fox.
- Scaip na healaíontóirí móran cuireadh dá gcuid féin chuig ócáidí is bhain leas as a ngréasán féin bolscaireachta.

Bhronn an Chomhairle Ealaíon €50,000 ar oifig ealaíon Chomhairle Contae an Chabháin don bhforbairt tionscnamh. Bhí Baill Foirne na Comhairle ar an gCoiste Cultúr an Chabháin a fuair deontas €252,000 ó Chiste Idirnáisiúnta Éireann do thionscadal ealaíon pobail ina cheithre shraith. Fuarthas maoiniú freisin ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

## Amharclann an Reamhoir

Cuireadh tús maith le cúrsaí na hAmharclainne mí Eanáir 2012 nuair a léiríodh 'The Holy Show' le Padraic McIntyre a bhí ar siúl cheana féin le linn Fleadh 2011, bhí an teach lán ar feadh sé oíche an dráma.

Mí na Márta léirigh Garry Hynes oíche iontach in ómós do Pete Ward nach maireann. Ar na himeachtaí rathúla go luath sa bhliain bhí 'Tom Crean Antarctic Explorer', 'Girls' Night the Musical', 'Victor's Dung' agus Neil Delamere. I dtús an Earraigh bhí greann agus gáire mar Conal Gallen, Pat Shortt agus drámaíocht ar fheabhas mar 'Carnival at Glenaduff', 'The Real McCoy' agus 'Cash on Delivery'.

Do leanaí bhí The Wind in the Willows agus léiriú bríomhar ar Charlie and the Chocolate Factory le hAisteoirí Óga an Reamhoir. Tosaíocht ag an amharclann is ea drámaíocht a fhorbairt i measc na n-óg. Do chlár an Fhómhair/Gheimhridh bhí ceiliúradh ar Achadh an Iúir 400. Tháinig na sluaite ag éisteacht le Paul Brady mí Mean Fómhair agus mí na Samhna bhí ceolchoirm dar teideal 'A Celebration of our Town'. Ag deireadh na bliana tháinig London Classic Theatre chun léiriú álainn a dheanamh ar 'The Importance of Being Earnest', bhí dráma nua le Padraic McIntyre 'Lost Weekend', 'Ride On' le Seamus O'Rourke agus léiriú aoibhinn ar fad ab ea 'The Nutcracker' le Ballet Ireland.

Méadaítear ar an lucht féachana scannán. Bíonn scannáin á dtaispeáint go rialta oíche Máirt, orthusan a raibh tarraingt orthu bhí 'My Week with Marilyn', 'The Help', agus 'The Artist'.



John Olohan agus Pa Ryan i léiriú de chuid Nomad/Livin Dred ar 'Ride On' le Seamus O'Rourke



'The Nutcracker' le Ballet Ireland a thainig mí na Samhna



'Tom Crean Antarctic Explorer'

# Tithíocht

**Tá sé mar aidhm ag an Roinn Tithíochta go mbeidh áitreabh inacmhainne ar ardchaighdeán ann do gach aon líontí sa chontae i dtimpeallacht atá oiriúnach dóibh agus dá gcuid riachtanas féin.**

Sa Roinn Tithíochta:

- Déantar cóiríocht a sholáthar dóibh siúd a mbíonn sí uathu go fadtéarmach.
- Cuirtear Tithe Inacmhainne ar fáil dóibh siúd nach acmhainn dóibh ceannach ar an margadh oscailte.
- Stiúraítear agus cóirítear Tithíocht na Comhairle agus spreagtar tionóntaithe i leith na gcúraimí céanna.
- Tugtar Iasachtaí do dhaoine le tithe a cheannach dóibh féin.
- Cuirtear cóiríocht ar fáil don Lucht Siúil.
- Deantar próiseas ar iarratas ar Dheontais do Lucht Míchumais agus do Chúnamh Tithíochta Seanóirí.
- Cabhraítear leo siúd a mbíonn teach uathu go fadtéarmach faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos do lucht Faighte Liúntas Cíosa Forlíontach.

| | **2010** | **2011** | **2012** |
|---|---|---|---|
| Tithe ar Cíos | 109 | 98 | 142 |
| Síntí curtha le Tithe | 0 | 2 | 1 |
| Líon Oibreacha Feabhsúchán déanta | 1 | 1 | 0 |
| Líon Tithe Díolta | 2 | 1 | 5 |
| Lion Iarratas faoin Scéim Cheannaigh do Thionóntaithe | 28 | 37 | 22 |

**Coiste um Bheartas Straitéiseach Tithíochta agus Sóisialta**
**Is iad seo a leanas Baill an Choiste:**

Comh. Madeleine Argue, Cathaoirleach, Comhairle Contae an Chabháin
Comh. Andrew Boylan, Comhairle Contae an Chabháin
Comh. Grainne Brady, Comhairle Contae an Chabháin
Comh. John Paul Feeley, Comhairle Contae an Chabháin
Comh. Patricia Walsh, Comhairle Contae an Chabháin
Comh. Vincent McCaul, Comhairle Baile An Mhuinchille
PJ Dunne, Cumann Naomh Uinseann de Pól
Bob Gilbert, Pobal agus Deonach
Billy Thompson, Tuismitheoirí Aonair

**Bhí trí chruinniú ag an gCoiste um Bheartas Straitéiseach Tithíochta agus Sóisialta le linn 2012.**

## Cóiríocht don Lucht Siúil

**Is iad seo a leanas Baill an Choiste Comhairlitheach um Chóiríocht don Lucht Siúil:**
Comh. Grainne Brady, Cathaoirleach, Comhairle Contae an Chabháin
Comh. Patricia Walsh, Comhairle Contae an Chabháin
Comh. Jacqui Lewis, Comhairle Baile an Chabháin
Comh. Paddy Smith, Comhairle Contae an Chabháin
Mary Stokes, Ionadaí an Lucht Siúil
Teresa Mongan, Ionadaí an Lucht Siúil
Veronica Comiskey, Ionadaí an Lucht Siúil
Mr Bernard Joyce, Oibrí Forbartha An Lucht Siúil
Joe McLoughlin, Stiúrthóir Seirbhísí
Brian Hora, Cléireach Baile an Chabháin
Philip Coleman, Innealtóir Sinsearach, Comhairle Contae an Chabháin

Bhí cruinniú amháin ag an gCoiste Comhairlitheach um Chóiríocht don Lucht Siúil i 2012 agus cuireadh trí theaghlach de chuid an Lucht Siúil i dtithe.

**Deontais Tithíochta**

- Deontas um Athchóiriú do Lucht Míchumais: chun cóiríocht a sholáthar/cur in oiriúint de réir gá i gcás duine a bhíonn faoi mhíchumas.
- Scéim Deontas Cúnamh Soghluaiseachta: chun cóiríocht a chur in oiriúint má bhíonn fadhbanna gluaiseachta de dheasca seanaoise.
- Scéim Cúnamh Tithíochta do Sheanóirí: dírítear ar chóiríocht a fheabhsú de réir gá do lucht scothaosta a bhfuil teach cheana féin acu.

**Ag seo sonraí caiteachas €1,355,250 ar an iomlán i 2012:**

| Deontas | Líon | Méid |
|---|---|---|
| Deontas um Athchóiriú do Lucht Míchumais | 42 | €600,544 |
| Scéim Cúnamh Tithíochta do Sheanóirí | 55 | €449,688 |
| Scéim Deontas Cúnamh Soghluaiseachta | 59 | €305,018 |

**Bainistiú Eastát Tithíochta**

Feidhmíonn an Bainistiú Eastát sa Chabhán de réir trí phrionsabal (3P); Pobal, Páirtithe agus Páirtíocht. Chuige sin go léir oibríonn an Roinn Tithíochta le tionóntaithe trín Seirbhís Teagmhála Tithíochta. Tá sé mar aidhm ag an seirbhís tacú le tionóntaithe trí chomhairle a chur orthu is freisin trí iad a spreagadh chun a bheith gníomhach i saol an phobail agus chun comhoibriú le comharsana i dtreo spiorad pobail a chothú ar an eastát.

Maidir leis seo, tá tacaíocht do phobal an eastáit chomh tábhachtach céanna i mbainistiú eastát is atá an cúram a dhéantar den stoc tithíochta is den spás oscailte.

Tá Oifigeach Teagmhála Tithíochta (HLO) ag an Roinn Tithíochta ar bhonn lánaimseartha chun plé le tionóntaithe agus le grúpaí áitritheoirí. Oibríonn an HLO go dlúth le tionóntaithe is iad ag ullmhú Plean um Mhaisiú Eastáit. Cuirtear ar an eolas iad freisin maidir le gréasáin áitiúla a bheadh oiriúnach dóibh, mar shampla Pobal ar Aire agus an Fóram Pobail agus Deonaigh.

Faoi láthair tá 41 chumann áitritheoirí cláraithe go hoifigiúil in eastáit Chomhairle Contae an Chabháin. Oibríonn siad i bpáirt leis an gComhairle maidir le cúram spás poiblí agus mar shaorálaigh a fheabhsaíonn dreach an cheantair áitiúil acu féin.

Tugann an Roinn Tithíochta deontais do na grúpaí áitritheoirí agus iarrann orthu cur isteach ar Chomórtas bliantúil Gradam na nEastát.

Bíonn cúrsa Oiliúna Réamhthionóntachta ann do gach tionónta nua is d'éinne a lorgaíonn aistriú go ceantar eile. Lá oiliúna is ea é seo agus deis ag foireann na comhairle agus tionóntaithe aithne éigin a cur ar a chéile. Bíonn deis ag tionóntaithe ceisteanna a chur agus mínítear an comhaontú tionóntachta idir chearta agus dualgais. Déanann an tOifigeach Teagmhála Tithíochta coinne bualadh leo go gairid tar éis bogadh isteach chun tacaíocht is comhairle ón Roinn Tithíochta a sholáthar.

D'éirigh go han-mhaith leis an oiliúint úd mar nasc idir an fhoireann agus lucht na n-eastát. I 2012 fuair 126 teaghlach cuireadh chun oiliúint Réamhthionóntachta.

I 2012 d'eagraigh an Roinn Tithíochta Comórtas Gradam Eastát chun saothar áitritheoirí i rith na bliana a aithint, mar shampla ócáidí oidhreachta, tionscnaimh faoin dúlra, glantachán ceantar, dealbhadóireacht, ealaíon agus cúram spás oscailte.

Tharla Oíche na nGradam do na grúpaí áitritheoirí Máirt 20 Samhain 2012 i Seomra na Comhairle sa Chabhán. Thréaslaigh an Cathaoirleach, an Comhairleoir lPaddy O'Reilly leis na buaiteoirí agus bhronn duaiseanna i gcatagóirí éagsúla.

Bhí postaerí déanta ag roinnt Grúpaí Eastát sa taispeántas grianghrafadóireachta 'An Baile seo Againne, An Áit seo againne'. Léiriú maith ab ea é sin ar oibreacha feabhsúcháin déanta i rith na bliana ag comharsana le chéile, daoine óga san áireamh.

Ba iad seo a leanas na catagóirí: Eastát is Fearr, Teach agus Gáirdín is Fearr, Tionscnamh Óige agus Príomhghné Suntasach in Eastát.

## Duaiseanna i nGradaim Eastáit Chomhairle Contae an Chabháin 2012

### Toghcheantair Bhéal Tairbirt agus An Chabháin

- Eastát Údarás Áitiúla is Fearr: Catagóir A (Eastáit Mhóra)
- Céad Áit: Woodlands, Béal Átha hÉis; Dara hÁit; Céide Seangharraí, Béal Átha na nEach

### Eastát Údarás Áitiúla is Fearr: Catagóir B (Eastáit Bheaga)

- 1st Prize: Marian Row, Ballinagh; 2nd Prize; Clonmahon Place, Ballinagh

### Best Individual House and Garden

- Enda and Bridie O'Brien, Doonbeg, Ballyconnell

### Tionscnamh Óige:

- Gáirdíní Doire Goine, Béal Átha Chonaill

### Príomhghné Suntasach in Eastát

- 'Children's Den', Canon's Hill, Cill na Seanrátha

## Toghcheantair Bhaile Shéamais Dhuibh agus Coill an Chollaigh

- Eastát Údarás Áitiúla is Fearr: Catagóir A (Eastáit Mhóra)
- Céad Áit: Lisanisky, Dún an Rí; Dara hÁit; Eastát Chill Mhór, Baile Shéamais Dhuibh

### Eastát Údarás Áitiúla is Fearr: Catagóir B (Eastáit Bheaga)

- Céad Áit: Coolkill Hills, Cill na Leice; Dara hÁit; Lochview, Gamhna

### Teach Aonair agus Gáirdín

- An tUas. James Halton, Páirc Uí Ghríofa, Muinchille

### Tionscnamh Óige:

- Radharc Cabra, Dún an Rí

### Príomhghné Suntasach in Eastát:

- 'Ascaill Eastáit', Lodge View, Muinchille



Bláthcheapacha, Doonbeg, Béal Átha Chonaill



Ealaíon Sráide, New Line, Muinchille



Bláthcheapacha, Plás Clonmahon, Béal Átha na nEach

**An Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS)**
Bunaíodh an Scéim um Chóiríocht ar Cíos chun teach a sholáthar go fadtéarmach dóibh siúd a fhaigheann an Liúntas Cíosa Forlíontach (ar feadh breis is 18 mí) trí thithe a fháil dóibh san earnáil phríobháideach nó trí bhearta eile um thithe sóisialta. Bíonn an teach ar cíos ag an gComhairle ón úinéir agus íocann an tionónta cíos leis an gComhairle. Déantar an Cíos Forlíontach a chúiteamh linn ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Faoi dheireadh mí na Nollag 2012 bhí 56 thionónta RAS i dtithe deonacha agus 382 i gcóiríocht atá ar cíos ó úinéirí príobháideacha.

**Tionscadail Léas Sóisialta**
Bhunaigh An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil tionscadal um léas chun tithíocht shóisialta a sholáthar. Leathnú é seo ar an rogha atá ag Údarás Áitiúil maidir le tithíocht shóisialta a sholáthar. Faightear áitribh ar léas ón earnáil phríobháideach do theaghlaigh a bhíonn ar liosta feithimh ag Údarás Áitiúil. Dáiltear na tithe ar thionóntaithe de réir scéim dáileadh an Údarás Aitiúla.

Ar an gcuma san agus faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos éascaítear cúrsaí iarratas tithíochta do thionóntaithe Údarás Aitiúla. Faoi dheireadh na bliana 2012 bhí ocht dtionónta ar léas i gcóiríocht phríobháideach ar cíos.

## Foirgníocht Tithíochta

**Tithíochta Shóisialta**
Críochnaíodh forbairt 52 aonad tithíochta in Achadh an Iúir i 2012. Ceannaíodh roinnt aonad san Mullach (3), Dún an Rí (2) agus Coill an Chollaigh (1) faoi Cuid V de na hAchtanna um Phleanáil agus Forbairt.

**Scéim um Aischóiriú Fuinnimh**
I measc na dtionscadal a chinntíonn go mbíonn Stoc Údarás Áitiúla ar ardchaighdeán agus de réir riachtanas feidhmiú fuinnimh tá an Scéim um Aischóiriú Fuinnimh. De réir a chéile feabhsófar an feidhmiú fuinnimh sa stoc iomlán tithíochta. Rinneadh uasghrádú ar aonaid in áiteanna éagsúla ar fud an chontae i 2012.

**Tithíocht Dheonach**
Bronnadh maoiniú faoi Scéim um Chúnamh Caipitiúil chun 10 gcinn d'Aonaid Tithíochta Deonaigh i mBaile an Chabháin a cheannach. Táthar ag súil go mbeifear in ann bogadh isteach ins na haonaid chéanna go luath sa bhliain 2013.

## Seirbhísí Uisce, Dramhaíola, Comhshaoil, Seirbhísí Éigeandála agus Turasóireacht

Tá athrú anois tagtha ar dhálaí Soláthar Uisce, go hinmheánach i gComhairle Contae an Chabháin tharla atheagrú an-mhór ar an Roinn Seirbhísí Uisce. Dá réir sin athraíodh an modh ina dháiltear an seirbhís agus scaradh na seirbhísí fuíolluisce on soláthar uisce.

Go seachtrach fógraíodh Údarás nua Uisce. Ar dtús beidh siad siúd ag díriú ar mhéadair uisce tí a shuiteáil ach amach anseo tá sé i gceist go mbeidh an chomhlacht úd go hiomlán freagrach as uisce a tháirgeadh is a sholáthar agus freisin as cóireáil fuíolluisce; bainfear na freagrachtaí úd de na hÚdaráis Áitiúla ar fad. Meastar go n-athrófar sócmhainní seirbhísí uisce agus an Clár Caipitiúil chuig an chomhlacht nua faoi mhí Eanáir 2014. I rith na bliana 2013 beidh cómhráití ar siúl le hUisce Éireann faoi Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse maidir le soláthar seirbhísí don bhliain 2014.

Féachtar ar uisce mar 'sócmhainn sóisialta' agus tacaíonn cúrsaí uisce le gnéithe uilig na forbartha inmharthana (eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil).

Tá an Roinn Seirbhísí Uisce freagrach as seirbhísí Uisce agus Fuíolluisce a sholáthar ar fud an chontae.

Is iad seo a leanas na haidhmeanna atá ag an roinn:

- A chinntiú go mbíonn dóthain uisce ar caighdeán cuí ag custaiméirí idir theaghlaigh, tionscail, lucht talmhaíochta agus eile
- Dóthain córas séarachais a sholáthar chun séarach agus dramhaíl eile ar uisce a dhiúscairt go sábhálta
- An bonneagar a chinntiú chun an dá aidhm thuasluaite a chur i gcrích
- Seirbhís sofhreagrach agus éifeachtach a sholáthar don chustaiméir ag am ar bith
- Fás agus forbairt sa todhchaí a phleanáil
- Na haidhmeanna thuasluaite a chur i gcrích agus margadh maith a thabhairt don chustaiméir

Tá 17 gcinn de Scéimeanna Uisce Poiblí sa Chontae agus ocht gcinn ag brath ar Ghrúpscéimeanna Príobháideacha; sin thart ar 13,250m³ fíoruisce in aghaidh an lae. Tá 26 fhearas cóireála fuíolluisce sa Chontae. Caitheadh €10.2m ar an soláthar i 2012.

Críochnaíodh an scéim um Mhéadrú Uisce do chustaiméirí seachas teaghlaigh agus bailíodh €1.56m i 2012.

**Táscairí Seirbhíse**
Déantar tástáil ar sholáthar Uisce Poiblí is ar eisiltigh ó na fearais chóireála fuíolluisce i saotharlann chreidiúnaithe na Comhairle. Baineann táscairí seirbhíse na roinne le géilliúlacht do na Rialacháin um Uisce Inólta 2007. Is iad seo a leanas na figiúirí do na Scéimeanna Poiblí:

| | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Géilliúlacht | 98.8% | 97.8% | 98.4% | 98.8% | 99.1% | 98.4% |

**Scéimeanna Caipitiúla**
I 2010 foilsíodh Plean Nua Infheistíocht i Seirbhísí Uisce 2010-2012 in ionad an WSIP 2007-2009 a bhí cheana féin ann. Is iad seo a leanas na sonraí cuí:

**Contracts at Construction**

| | |
|---|---|
| • An Cabhán agus Muinchille RWSS Céim 2 (H) Conradh 1 Oibríocha Sibhialta Costas Measta | **€8,318,000.00** |
| • Caomhnú Uisce Céim 3 Oibríocha Ármhach | **€1,128,000.00** |
| • Caomhnú Uisce Béal Átha hÉis/An Mullach | **€1,840,000.00** |

**Conarthaí le tosú 2010-2013**

| | |
|---|---|
| Soláthar Uisce Bhéal Átha Chonaill Uasghrádú Fearas Cóireála | **€2,800,000.00** |
| Soláthar Uisce Bhéal Tairbirt Uasghrádú Fearas Cóíreála | **€1,500,000.00** |
| Scéim Soláthar Uisce Réigiún an Chabháin Céim II (H) | **€2,000,000.00** |
| Séarachas an Chabháin (H) Uasghrádú Fearas Cóireála | **€6,000,000.00** |
| Soláthar Uisce Mhuinchille Uasghrádú Fearas Cóireála | **€1,500,000.00** |
| Soláthar Uisce Dún an Rí Uasghrádú Fearas Cóireála | **€2,000,000.00** |

Críochnaíodh trí Chonradh Tógala le linn 2012 agus bhí dul chun cinn trín gCéim Phleanála déanta i 2012 ar na sé Scéim eile faoi chonradh le tosú 2010-2013.

Ina dteannta san críochnaíodh na hOibreacha Caipitiúla seo a leanas ar thalamh i 2012:

- Críochnaíodh na Píopaí Uisce ó Chrosaire Droim an Lao go Crosaire An Leacht i lár na bliana 2012 chun dóthain soláthar agus brú a chinntiú i gceantair áirithe tosaíochta i mBaile an Chabháin.

## Scéim Uisce Tuaithe

**Grúpscéimeanna Uisce**
Tá Comhairle Contae an Chabháin freagrach as riaradh deontas do Ghrúpscéimeanna Uisce agus Séarachais faoin gClár Uisce Tuaithe sa Chabhán. Caitheadh **€82 milliún** ar an gclár faoi dheireadh 2012 ó bhí an scéim faoi chúram Údarás Áitiúla thiar i 1997. Bhí tromlach na hoibre i leith caighdeán soláthar déanta faoi dheireadh na bliana 2010. Tá dul chun cinn iontach déanta le blianta beaga anuas i gcúrsaí Uisce Tuaithe agus buiséad **€708,000.00** ann do 2012. Úsáideadh freisin deontas breise **€624,500.00** a fuarthas i rith na bliana. D'éirigh go han-mhaith leis an gcomhpháirtíocht a bhunaigh agus a stiúraigh

Comhairle Contae an Chabháin ó shin le páirtithe leasmhara an Uisce Tuaithe agus torthaí an tsaothair úd anois le feiscint go soiléir.

**Nua/Uasghádú**

Leathnaíodh an gréasán Clár Uisce Tuaithe an Chabháin chun fíoruisce a bheidh ar chaighdeán an AE a sholáthar le linn 2012 chomh fada agus ab fhéidir. Caitheadh thart ar €200,000.00 ar na beartais chéanna i 2012. Ar na gréasáin a ndearnadh uasghrádú orthu sa chatagóir úd bhí na scéimeanna seo a leanas: Gleann Ghaibhle, Na Pollaí, Taobh na nEas, Cill Dalláin, Doire na Ceise, Bun Abha, Na Bilí/Leamhach, Barrachadh/Farmoyle, An Chliaifearna, Caisleán Raithin/Droichead Uí Dhálaigh, Muintir Chonnacht.

**Gradam Feabhais Innealtóirí Éireann 2012**

Aithníodh an rath a bhíonn ar Chlár Uisce Tuaithe an Chabháin ar Bhonn Náisiúnta nuair a bronnadh gradam sa Chatagóir Bonneagar Comhshaoil de chuid Innealtóirí Éireann 2012 ar fhorbairt Grúpscéim Uisce Ghleann na hÉirne. Tionscnamh i bpáirt leis an soláthraí EPS Teoranta ab ea é sin. Baineadh amach an gradam úd toisc gur léiríodh scéal rathúil a bhain le hinnealtóireacht ar bhonn sóisialta chomh maith le feabhas próisis agus foirgníochta. Dúirt leascheannaire an Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil (EPA) gur chuir na moltóirí suntas san laghdú ar uisce amú a tharla de bharr an tionscnaimh; ina theannta san léiríodh caidreamh an-mhaith oibre idir an údarás áitiúil, an pobal agus an earnáil phríobháideach innealtóireachta.



Gradaim Fheabhais Innealtóirí Éireann 2012 ar an 9 Samhain 2012 san Óstán Four Seasons, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath. Ó chlé: Tadhg Buckley (EPS – Oibrí Fearais), Dara Lynott (EPA - Stiúrthóir (Breitheamh)), Colm Brady (NFGWS), Jean Gibson (NFGWS), Brian Downes (Tobins – Innealtóirí Comhairlitheach), Mairead Sheridan (GWS Gleann na hÉirne – Bainisteoir), Francis Hartin (GWS Gleann na hÉirne – Cathaoirleach), Eoin Doyle (Stiúrthóir Seirbhíse, Comhairle Contae an Chabháin)

**Mionoibreacha Uisce agus Séarachais**
VRinneadh oibreacha éagsúla ar fud an chontae agus caitheadh **€1,132,500.00** faoin gclár úd le linn 2012. Fuarthas buiséad 75% mar a bhí **€508,000.00** ar dtús ón Roinn agus ansan arís maoiniú breise **€624,500.00** i dtreo deireadh na bliana 2012. Ar na hoibreacha a rinneadh sa chatagóir úd bhí príomhphíopaí sa Bhábhún Buí agus i mBéal Tairbirt. Oibríodh freisin ar scéimeanna séarachais ar fud an chontae go háirithe ar Fhearais Chóireála Fuíolluisce sa Chabhán, Cill na Leice, Dún an Rí, Gamhna agus Achadh an Iúir. Oibríodh freisin ar Fhearas Cóireála Fuíolluisce An Muileann Iarainn.

**Athrú ar Shocruithe Fóirdheontas**
Tá dhá shaghas fóirdheontas anois ann. Baineann **Fóirdheontas** A le costais ghinearálta chun grúpscéim a oibriú is a bhainistiú. Baineann **Fóirdheontas B** le hOibriú agus le cothabháil faoin gcóras conartha "bona fide" Dearadh/Tógáil/Oibriú dóibh siúd a mbíonn fearas cóireála dá gcuid féin acu. Tá leasú déanta ar an gcóras próiseála reamhíocaíochtaí mar a mhínítear sa mheamram a scaipter ar na grúpscéimeanna.

Is léir ón méid sin go bhfuil An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil tiomanta don gClár Uisce Tuaithe agus don obair atá ar siúl ar fud na tíre. Toradh is ea an tiomantas ar an gcur chuige páirtiochta idir na Grúpscéimeanna, An Cónaidhm Náisiúnta Grúpscéimeanna, na hÚdaráis Áitiúla agus an Roinn maidir le fíoruisce inólta a sholáthar. Dáileadh ar an iomlán €**2.5** milliún mar dheontais dá leithéid faoi dheireadh 2012.

**Deontas chun Soláthar Uisce do Theach Aonair a Chur isteach/Fheabhsú**
Faoin scéim deontas seo tugtar 75% den chostas (uasmhéid €2,031.58) chun soláthar uisce a fheabhsú. Caithfidh an t-iarratasóir féin a bheith ina chónaí sa áitreabh a tógadh ar a laghad seacht mbliana ó shin agus ní mór a chruthú nach bhféadfaí freastal air trí Ghrúpscéim nó trí Scéim Phobail. Íocadh **€23,865.00** mar dheontais dá leithéid faoi dheireadh 2012.

**Tionscnamh Caomhnú Uisce**
Lean an Fhoireann um Chaomhnú Uisce den iarracht ar Uisce gan Chuntas (UFW) a laghdú sa chontae le linn 2012. Is maith linn a rá gur tháinig laghdú níos mó ná riamh ar an bhfigiúr UFW is é ar 32.1%.

Tá Comhairle Contae an Chabháin anois i mbun Céim III den Chlár um Chaomhnú Uisce mar atá codanna den bhonneagar nach bhfuil ag feidhmiú go héifeachtach a Athnuachan.

Leagadh síos tosaíochtaí do Chéim III de réir ciorclán L6/07 agus an straitéis chontae mar a mhínítear in Alt 7 den tuairsic dheiridh um Chaomhnú Uisce Céim II.

Fostaíodh Innealtóirí Comhairlitheach Mouchel Tobin chun obair chomhairlithe a dhéanamh ar chuid de na scéimeanna úd.

Faoin gClár Infheistíochta i Seirbhísí Uisce (WSIP) 2010 go 2012 fuarthas dáileadh do na scéimeanna seo a leanas:

- Príomhphíopaí Ceantar Méadraithe Limistéar Ármhach (DMA)
- Príomhphíopaí An Mullach/Béal Átha hÉis DMA
- Príomhphíopaí Choill an Chollaigh DMA

Críochnaíodh Ármhach i 2011. Críochnaíodh Béal Átha hÉis ar chostas €290,000 agus an UFW anois faoi bhun 6%. Tosaíodh ar chóras An Mullach le súil le bheith críochnaithe faoi mhí na Márta 2013. Níl ach thart ar 30% fós le déanamh ansiúd. Tá an conradh um scrúdú suímh déanta maidir le scéim Choill an Chollaigh, bronnadh an conradh agus cuirfear tús leis mí Aibreáin 2013.

Faoi athbhreithniú bliantúil ar an gClár Infheistíochta i Seirbhísí (WSIP 2010-2012), clúdaíodh na conarthaí seo a leanas faoi dháileadh €3.18m.

- Béal Átha na nEach/Cill na Leice DMA Athnuachan Príomhphíopaí
- Scéim Soláthar Uisce Béal Átha Chonaill Athnuachan Príomhphíopaí
- Cill na Seanrátha DMA Athnuachan Príomhphíopaí

Rachfar ar aghaidh chuig céim thógála na scéimeanna atá luaite thuas le linn 2013.



Athnuachan Príomhphíopaí Béal Átha hÉis.

## Bainistiú Dramhaíola

Tá an roinn Bainistiú Dramhaíola i gComhairle Contae an Chabháin freagrach as mórán gnéithe bainistíochta mar shampla ;

- Bonneagar dramhaíola a sholáthar is a chothabháil ar fud Chontae an Chabháin (ionaid athchúrsála beir chuige, fóntais phobail, líonadh talún an chontae maraon le líonta dúnta agus laithreáin dumpála bailte).
- Rialacháin Dramhaíola agus Forfheidhmiú
- Polasaí agus Pleanáil um Bhainistiú Dramhaíola
- Bainistiú Bruscair agus Forfheidhmiú
- Feasacht agus Oideachas Comhshaoil (m.sh. An Clár Scoileanna Glasa agus An Clár Oibre Áitiúil 21)
- Seirbhís Maor Madraí
- Seirbhísí Tréadliachta
- Reiligí Dílsithe a Chothabháil
- Fo-dhlíthe um Thrádáil Ócáideach

## Bonneagar Dramhaíola

### Láithreáin Líonadh Talún

Tá Líonadh Talún agus Ionad Athchúrsála Chorr an Iúir fós ag oibriú faoi cheadúnas ón nGníomhaireacht um Chosaint Chomhshaoil (EPA). Bhí an t-ionad fóntais phobail a oibriú ag comhlacht Dramhaíola agus Athchúrsála McElvaneys i 2012.

Tá trí láithreán eile líonadh talún faoi cheadúnas EPA dúnta faoi láthair. Sin iad Coill an Chollaigh, Baile Shéamais Dhuibh agus Béal Tairbirt agus monatóireacht á déanamh orthu siúd anois de réir na gceadúnas chun a chinntiú go ngéilltear do na dálaí cuí. Tá obair athchóirithe déanta ar láithreáin Choill an Chollaigh, Baile Shéamais Dhuibh agus Béal Tairbirt.

### Ionaid Athchúrsála

Tá réimse iomlán anois ag Comhairle Contae an Chabháin maidir le bonneagar athchúrsála. Tá trí chinn d'Ionaid Athchúrsála faoi lánseol agus 30 Ionad Beir Chuige chun seirbhís athchúrsála atá saoráideach in aice láimhe a sholáthar do theaghlaigh an chontae.

### Bring Sites

| Bonneagar Athchúrsála | Líon sa Chontae | Líon ag teastail faoi 2012 |
|---|---|---|
| Ionaid Athchursála | 3 | 3 |
| Ionaid Beir Chuige | 30 | 30 |

### Rialacháin Dramhaíola agus Forfheidhmiú

Faoi réir moltaí Parlaimint agus Comhairle na hEorpa (Aibreán 2001) a leag amach critéir bhunúsacha dá leithéid, tá sé de dhualgas ar údarás áitiúil plean bliantúil um chigireacht chomhshaoil a ullmhú. Caithfear tuairisc a thabhairt ar ghníomhaíochtaí idir chigireacht

agus forfheidhmiú agus caithfear athbhreithniú a chur i gcrích go rialta chun a chinntiú go gcomhlíontar na dualgais ar fad go héifeachtúil.

Tá dhá réimse sna cigireachtaí a dhéanann an Roinn Bainistiú Dramhaíola: Cigireachtaí Rialta (san áireamh tá áitribh/áiseanna ceadaithe ag Comhairle Contae an Chabháin) agus Cigireachtaí Ócáideacha. Socraítear Cigireachtaí Rialta roimh ré de réir an Phlean Bliantúil Cigireachta ach ar an mórgóir is de dheasca Gearán Bruscair a dhéantar Cigireachtaí Ócáideacha; dá bhrí sin ní féidir ach meastachán a dhéanamh orthusan in aghaidh na bliana.

Tá na Cigireachtaí an dhéanann an Roinn Bainistiú Dramhaíola faoi réir na Rialachán Dramhaíola seo a leanas :

1 Rialacháin (Plaistigh Feirme) um Bhainistiú Dramhaíola, 2001
2 Rialacháin (Cead Bailithe) (Leasú) um Bhainistiú Dramhaíola, 2008
3 Rialacháin (Cead agus Cláru Saoráide) (Leasú) um Bhainistiú Dramhaíola, 2007
4 Rialacháin (Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach) (Leasú) um Bhainistiú Dramhaíola, 2005
5 Rialacháin (Feithiclí Deireadh Ré) um Bhainistiú Dramhaíola, 2006
6 Rialacháin (Boinn agus Boinn Dramhaíola) um Bhainistiú Dramhaíola, 2007
7 Rialacháin (Pacáistiú) um Bhainistiú Dramhaíola, 2007
8 Rialacháin (Tobhach Comhshaoil)(Mála Plaisteach) (Leasú) um Bhainistiú Dramhaíola, 2001
9 Rialacháin (Cadhnraí agus Taisc-cheallraí) (Leasú) um Bhainistiú Dramhaíola, 2008
10 Rialacháin (Deimhniú ar Dhiúscairt Stairiúil gan Cheadúnas agus ar Ghníomhaíocht Aisghabhála) um Bhainistiú Dramhaíola, 2008
11 Rialacháin (Dramhaíl Ghuaiseach) um Bhainistiú Dramhaíola 1998
12 Rialacháin (Dramhaíl Ghuaiseach a Aistriú) um Bhainistiú Dramhaíola 1998
13 Rialacháin (Diúscairt Dramhaíola trí Dhó a Chosc ) um Bhainistiú Dramhaíola, 2009
14 Rialacháin (Dramhbhia) um Bhainistiú Dramhaíola, 2009
15 Rialacháin (Dramhaíl Tionscal Eastóscach) um Bhainistiú Dramhaíola, 2009

Is de dheasca gearán a bheith faighte ó dhaoine aonair, ó Údaráis Áitiúla an Chabháin is ó áisínteachtaí nó eagraíochtaí seachtracha a dhéantar Cigireachtaí Ócáideacha. Baineann a leithéid de ghnáth le diúscairt gan chead ag láithreacha aisghabhála, dumpáil mídhleathach nó aon ghníomhaíocht gan chead i gcás dramhaíola (mar shampla dramhaíl a dhó nó a aistriú gan chead).

**Tosaíochtaí Forfheidhmithe i 2012**
San áireamh i dtosaíochtaí an Phlean Cigireachta tá na coinníollacha a leagadh síos i gCiorcláin Rialtais agus i dTreoir Polasaí an Aire maidir le bainistiú agus le forfheidhmiú dramhaíola maraon le riachtanais idir Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil.
I measc na dtosaíochtaí luaite don bhliain 2012 bhí ;

- Láithreáin Stairiúla Líonadh Talún
- Áiseanna d'Fheithiclí Deireadh Ré

**Láithreáin Stairiúla Líonadh Talún**
Faoi na Rialacháin (Deimhniú ar Dhiúscairt Stairiúil gan Cheadúnas agus ar Ghníomhaíocht Aisghabhála, 2008 caithfidh an Chomhairle measúnú priacail a dheanamh ar aon laithreán dúnta dumpála sa limistéar feidhme. Tá sé mar aidhm ag na rialacháin úd tionchar comhshaoil na láithreán stairiúla a mheas agus bearta feabhsúcháin a chur i gcrích dá réir. I 2012, tharla an próiseas um mheasúnú priacail i leith seanláithreán dumpála An Mullach agus rinneadh obair ullmhúcháin chun an próiseas céanna a chur i gcrích ar sheanláithreán dumpála Dún an Rí.

**Áiseanna Feithiclí Deireadh Ré**
Is iad na Rialacháin (Feithiclí Deireadh Ré) um Bhainistiú Dramhaíola, 2006 (I.R. Uimh. 282 de 2006) a bhaineann go príomha le feithiclí deireadh ré.

Tá na rialacháin úd i bhfeidhm ó mhí an Mheithimh 2006 agus é mar aidhm acu caighdeáin chearta comhshaoil a leagadh sios chun go ndéanfar feithiclí deireadh ré agus comhpháirteanna a aisghabháil agus a chur de lámh mar is cór ionas nach mbeidh drochthionchar comhshaoil i gceist leo. Leagtar síos freisin riachtanais bhunúsacha teicniúla maidir le Feithiclí Deireadh Ré a bhailiú, a stóráil agus a láimhseáil.
Mar gheall ar na rialacháin úd caithfidh lucht bainte gluaisteán atá i mbun gnó cheana féin airgead a chaitheamh ar a gcuid áiseanna a uasghrádu de réir na gcaighdeán nua.

Tá na caighdeáin nua i bhfeidhm ó 1 Eanáir 2007 agus sula n-aithnítear aon ghnó mar "ÁIS Chóirithe Cheadúnaithe" caithfear ceadúnas bailí dramhaíola a fháil ar dtús agus caithfear an gnó a oibriú de réir na gcaighdeán atá leagtha síos sa Dara Sceideal i Rialacháin (Feithiclí Deireadh Ré) um Bhainistiú Dramhaíola, 2006.

Is cion é faoi na hAchtanna um Bhainistiú Dramhaíola 1996-2010 gnó aistrithe bruscair nó aisghabhála (m.sh. gluaisteáin a bhaint anuas) a rith gan cheadúnas dramhaíola. Is cion é freisin muna gcomhlíontar forálacha na Rialachán (Feithiclí Deireadh Ré) um Bhainistiú Dramhaíola, 2006.

**Ceisteanna um Fhorfeidhmiú Tromchúiseach**
Déanann an Fhoireann um Fhorfheidhmiú Dramhaíola Cigireachtaí Rialta ar ghnóthaí agus ar áiseanna agus leagtar béim ar áiseanna ceadaithe ag an gComhairle faoi rialacháin éagsúla dramhaíola. Caithfear a fháil amach an bhfuil an gnó/na háiseanna ag oibriú de réir na gcoinníollacha atá sa cheadúnas dramhaíola. Ar na ceisteanna tromchúiseacha a tharlódh tá na gnéithe seo a leanas:

- Aon eachtra nó oibriú suiteála a dhéanann truailliú suntasach comhshaoil
- Suiteáil a oibriú a dhéanann truailliú suntasach comhshaoil nó a oibriú ar shlí is go bhféadfaí a leithéid a dhéanamh
- Eachtraí nó neamh-ghéilliúlacht a théann i bhfeidhm go mór ar an dtimpeallacht nó a fhéadfadh a leithéid a dhéanamh
- Coinníollacha an cheadúnais a bhriseadh ar bhonn leanúnach arís agus arís eile
- Gan eolas nó tuairiscí a chur ar fáil ar feadh tréimhsí fada gan leathscéal réasúnta, eolas bréagach nó eolas a chuirfeadh amú a sholáthar

- Gan an mhonatóireacht suntasach/tábhachtach a leagadh síos sa cheadúnas a dhéanamh
- Dumpáil mhídhleathach á déanamh ag úinéir an cheadúnais
- Dul go hard thar na teorainneacha sceite a luaitear sa cheadúnas

Smaoineofar i gcónaí ar ionchúiseamh i gcás aon cheann de na gnéithe atá mínithe anso thuas.

**Pleanáil agus Polasaí Bainistiú Dramhaíola**
Sa Phlean Réigiúnach Thoir Thuaidh um Bhainistiú Dramhaíola 2005-2010 a síneadh go 2014 aithnítear an polasaí don bhforbairt inniu agus sa todhchaí is na bearta atá riachtanach chun é a chur i gcrích.   Tá sé mar aidhm ag an réigiún cur chuige inmharthana a bhaint amach trí acmhainní a bhainistiú i dtreo coisctheacht bhruscair agus chun fuílleach dramhaíola a laghdú.

Tá an polasaí agus na haidhmeanna a bhí sa Phlean bunúsach thiar  i  2005 fós bailí. Bunaíodh iad ar phlean 15 bliana agus leagadh síos spriocanna a chuirfear i gcrích trí scéimeanna réigiúnacha ar fud an réigiúin.  Sna táblaí anso thíos tá sonraí spriocanna faoin reachtaíocht idir reatha agus molta agus tá léiriú ar chóras comhtháite um bhainistiú dramhaíola de réir deachleachtais.

**Spriocanna an Phlean Réigiúnach Thoir Thuaidh um Bhainistiú Dramhaíola go dtí an bhliain 2015**

| | | |
|---|---|---|
| **Athchúrsáil** 43% | **Aisghabháil Fuinnimh** 39% | **Cur de Lámhl** 18% |



SN Fhearnáin An Cabhán ar cuairt staidéir chuig Láithreán Dramhaíola agus Athchúrsála McElvaney i gCorr an Iúir

**Coiste Polasaí Straitéiseach Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil** Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Polasaí Straitéiseach Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil le linn 2012 chun Polasaí um Bhainistiú Dramhaíola a chur le chéile agus a fhorbairt. Is iad seo a leans baill an SPC:

**Ionadaithe Earnála:**
Colm Brady, Cónaidhm Náisiúnta Grupscéimeanna
Dr Tina Aughey, Ionadaí Comhshaoil
Bernard Engle, Pabal agus Deonach
Comh. Charlie Boylan Chairperson
Comh. Maura Maguire-Lynch
Comh. Danny Brady
Comh. Dessie Boylan
Comh. Aidan Boyle
Comh. Barry Wilson

Léiríodh na hábhair seo a leanas:

- Tionscnamh um Chaomhnú Uisce in Ármhach
- Athbhunú an Earnáil Uisce
- Pleanáil um Bhainistiú Dramhaíola; Struchtúr Nua Réigiún
- Clár Infheistíocht i Seirbhísí Uisce
- Tuairisc ar úsáid Málaí Réamhíoctha i gCabhán sa todhchaí.
- Cláru agus Cigireacht ar Dhabhaigh Mhúnlaigh
- Bainistiú Fuinnimh

**Bainistiú Bruscair agus Forfheidhmiú**
Tá dha Maor Bruscaiar lánaimseartha ag Comhairle Contae an Chabhain agus dualgais orthu idir fhorfheidhmiú agus oideachais maidir le cúrsaí bruscair.

| | |
|---|---|
| Líon Maor Bruscair Lánaimseartha | 2 |
| Líon Maor Bruscair Páirtaimseartha | 4 |
| Líon Maor Bruscair (Lán agus Páirtaimseartha) | 6 |
| Líon fíneálacha eisithe ar an láthair | 87 |
| Líon cás dlí a tugadh toisc nár íocadh fíneálacha ar an láthair | 1 |
| Líon cás dlí ar éirigh leo | 1 |

## Feasacht Chomhshaoil agus Oldeachais

**Comórtas Glantachán Earraigh an Chabáin 'Roimhe is ina Dhiaidh' 2012**
I dtaca le Glantachán Earraigh Náisiúnta mí Aibreáin, ofráladh iomlán duaiseanna €3 000 i gcomórtas 'Roimhe is ina Dhiaidh' de chuid na Comhairle, fuarthas cuid den mhaoiniú ó Dhíoltóirí Gluaisteán Muine Ealla.

Spreag Comhairle Contae an Chabháin Scoileanna, Coistí Bailte Slachtmhara, Grúpaí Pobail agus Cumainn Áitritheoirí a bheith bainteach le glantachán ina gceantar féin. Iarradh ar na dreamanna go léir pictiúirí den áit 'roimhe is ina dhiaidh' a sheoladh in éineacht lena n-iarratas. Bhíothas páirteach sa tionscnamh ar fud an chontae agus líonadh 965 mhála bruscar a bailíodh ar thaobh an bhóthair.

**Buaiteoirí Comórtas Glantachán Earraigh an Chabáin 'Roimhe is ina Dhiaidh' 2012**

1st : Coiste Sráidbhaile Killydoon (€1,000 don chéad áit)

2nd : Scoil Naisiúnta Bhaile an Mhuilinn (duais €600)

3rd : Bailte Slachtmhara Bhaile Shéamais Dhuibh (duais €500

**Tá an Clár Bruscair Bóthar a Uchtú** lárnach i gcónaí sa bhfeachtas i measc scoileanna, lucht gnó agus an pobal chun bruscar a laghdú ar bhóithre amuigh faoin dtuath. Tá breis is 140cm de bhóithre anois uchtaithe de bharr na scéime a bhí fós ag leathnú i 2012.




**Léig Bhruscair Chontae an Chabháin**
Le linn 2012, lean an Chomhairle den obair le pobail áitiúla chun slacht agus néatacht a choimeád ar dhreach na mbailte, sráidbhailte is na tuaithe. De bharr saothar an Údarás Áitiúla trí Léig Bhruscair Chontae an Chabháin, tá an pobal go maith ar an eolas faoi chosc ar thruailliú bruscair agus salachair ina gceantair fhéin.

Ag seo thíos buaiteoirí na gcatagóirí éagsúla i Léig Bhruscair Chontae an Chabháin 2012:

| | |
|---|---|
| **WGradam na mBailte:** | Muinchille |
| **Gradam Sráidbhailte Móra:** | Droichead an Bhuitléaraigh |
| **Gradam Sráidbhailte Beaga:** | Gleann Ghaibhle, Gamhna, Cill Chóige, Droichead Uí Dhálaigh agus An Cnoc Rua |

Déantar aithris go díreach ar an gcigireacht agus ar na caighdeáin mharcála a bhíonn in úsáid ag IBAL do Bhaile an Chabháin mar bíonn cigireacht ar siúl go rialta i measc 26 bhaile agus sráidbhaile sa Chontae. Scríobhtar tuairiscí agus tógtar grianghrafanna; is iad an Fhoireann um Fhorfheidhmiú Bruscair a dhéanann an obair úd.

Ó thús Léig Bhruscair an Chontae seacht mbliana ó shin tá feabhas iontach ar ghlaine na mbailte agus sráidbhailte. De bharr na scéime tá tréaniarracht déanta ag lucht gnó, cumainn fhorbartha/phobail agus go deimhin ag daoine aonair chun an bruscar a laghdú ina gceantair fhéin.

**Coiste Bailte Slachtmhara**

Tá dlúthbhaint ag Comhairle Contae an Chabháin leis na 15 Choistí na mBailte Slachtmhara atá sa Chontae. Is fíor go mbíonn ról lárnach ag na coistí úd maidir le coisctheacht bhruscair agus iad ag tacú leis an gComhairle chun an Plean um Bhainistiú Bruscair a chur i gcrích. Bíonn siad freisin ag feabhsú is ag cothabháil na bhfaichí oscailte agus an timpeallacht is conláistí nádúrtha i dtreo iad go léir a choimeád saor ó bhruscar.

Le linn 2012, bhí dhá chruinniú eolais, Meitheamh agus Samhain, ag Comhairle Contae an Chabháin le hionadaithe Coistí na mBailte Slachtmhara agus scata maith i láthair don dá ócáid. Bhronn Comhairle Contae an Chabháin maoiniú chun tacú le tionscadail bhruscair a choimeád ar siúl i mórán ceantar bailte slachtmhara.

**Clár Scoileanna Glasa**

Bíonn Comhairle Contae an Chabháin ag obair le Scoileanna agus An Taisce chun an Clár Scoileanan Glasa a chur chun cinn. Mí Bealtaine 2012 ag an Searmanas Bronnta Gradam i gCill Dhéagláin, bronnadh an Brat Glas ar 21 scoil ar an iomlán idir na ceithre chatagóir gradam a bhíonn ar fáil.

Maidir leis an ngaisce úd tá creidiúint an-mhór as a n-iarrachtaí ag dul ní hamháin do Chomhairle Contae an Chabháin ach ar ndóigh do na scoláirí, tuismitheoirí agus múinteoirí ó gach aon scoil a bhí páirteach i gclár na Scoileanna Glasa.

Anso thíos tá achoimre ar phlé na Comhairle le Clár na Scoileanna Glasa 2012:

- Seimineár do Mhúinteoirí i Seomra na Comhairle
- Maoiniú do thuras oideachais ar fheirmeacha áitiúla gaoithe
- Eagraíodh dhá Chomórtas - Póstaeir agus Taispeántas Ealaíon - don Seachtain Eorpach um Laghdú Bruscair
- Eagraíodh cuairteanna ar láithreacha fóntas pobal idir phríobháideach agus poiblí
- Thug foireann na Comhairle cuairt ar scoileanna is iad ag caint faoi bhruscar, dramhaíl, uisce, fuinnimh agus cúrsai áitiúla. Scaipeadh an scéal san Anglo Celt faoin sárobair a bhí ar siúl ag scoláirí, tuismitheoirí agus múinteoirí.

**Faighteoirí Brat Glas ag an Searmanas Bronnta Gradam Bealtaine 2012**
Tréaslaímid le scoileanna Chontae an Chabháin a fuair Brat Glas i mbliana 2012:

**An Chéad Bhrat Bruscar agus Dramhaíl**
1. Scoil Náisiúnta Bhaile na Móna, Coill an Chollaigh
2. Coláiste Bhreifne, An Cabhán
3. Scoil Náisiúnta Droichead an Bhuitléaraigh
4. Scoil Náisiúnta Fhearnáin, An Cabhán
5. Scoil Náisiúnta Chillín Chéir, Achadh an Iúir
6. Scoil Bhríde, An Cabhán
7. Coláiste Naomh Chlár, Baile Shéamais Dhuibh
8. Scoil Náisiúnta Naomh Muire, Béal Tairbirt
9. Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig, Cill na Leice
10. Scoil Náisiúnta Naomh Muire, Drong

**An Dara Brat Fuinneamh**
1. Scoil Náisiúnta Charraig na Brúise, Achadh an Iúir
2. Scoil Náisiúnta Chlochar na Trócaire, Béal Tairbirt
3. Scoil Náisiúnta Chrúbanach
4. Scoil Naisiúnta Naomh Feilim, Béal Átha na nEach
5. Scoil Náisiúnta Naomh Feilim, Coill an Chollaigh
6. Scoil Náisiúnta Naomh Muire, Ármhach

**An Tríú Brat Uisce**
1. Scoil Náisiúnta na mBuachaillí, Béal Tairbirt
2. Scoil Náisiúnta An Chill, Muinchille
3. Scoil Chuimsitheach Naomh Aodán, Muinchille**T**

**An Ceathrú Brat Taisteal**
1. Scoil Náisiúnta Naomh Cillian, An Mullach
2. Scoil Náisiúnta Mullach Odhráin



An bratach á hardú ag Scoil Náisiúnta Chrúbanach

**Ciste Páirtíochta Comhshaoil Clár Áitiúil 21**

Fuarthas ocht n-iarratas i 2012 faoin gCiste Páirtíochta Comhshaoil Clár Aitiúil 21 agus orhthusan bhí tionscnaimh idir phobail agus scoile. Tá an saothar úd Clár Áitiuil 21 fós ar siúl. Maidir le ceann amháin bhí ceardlanna dúlra agus bithéagsúlachta do scoláirí óga i 10 scoileanna i gContae an Chabháin is iad ag foghlaim faoi obair na mbeach in Éirinn.



Scoláirí Scoil Náisiúnta Droim na Cille ag foghlaim faoi Bhithéagsúlacht.

Trí na ceardlanna úd cuirtear le feasacht ar an mbithéagsúlacht agus bhain na páistí an-taitneamh as eolas ar obair na mbeach. Faightear maoiniú chucusan ó Comhairle Contae an Chabháin agus ón Roinn Comhshaoil. Buntáiste ab ea na ceardlanna dóibh siúd a bheidh ag iarraiadh brat glas bithéagsúlachta a bhaint amach agus iad ag foghlaim faoin ábhar céanna is ag fáil amach cé chomh tábhachtach is atá sé.

Seo iad na scoileanna a bhí páirteach i 2012:

1. Scoil Náisiúnta Na Bilí
2. Scoil Náisiúnta Mullach Odhráin
3. Scoil Náisiúnta Naomh Cillian, An Mullach
4. Scoil Náisiúnta Droim na Cille
5. Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig, Searcóg
6. Scoil Náisiúnta Naomh Feilim, Béal Átha na nEach
7. Scoil Náisiúnta Chrúbanach
8. Scoil Náisiúnta na mBuachaillí, Béal Tairbirt
9. Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig, Cill na Leice
10. Scoil Náisiúnta Fhearnáin, Droim Oilí



Scoláirí Scoil Náisiúnta Droim na Cille ag foghlaim faoi Bhithéagsúlacht.

**Seirbhís Maor Madraí**

Tá seirbhís éifeachtach agus gníomhach ar siúl ag an Maor Madraí ag déileáil le madraí ar strae, madraí tréigthe agus le hiompar frithshóisialta. Éilítear an tseirbhís agus caithfear Maor Madraí lánaimseartha a fhostú faoi na hAchtanna Rialú Madraí 1992-1996.
**Stiúraíonn an Maor céanna Ceadúnas Madraí freisin agus le linn 2011 eisíodh 7,886 cheadúnas ar fad.**

**Seirbhísí Tréidliachta**

Tá Oifigeach Tréidliachta fostaithe ag Comhairle Contae an Chabháin maraon le cúig chigire páirtaimseartha. Scrudaíonn/ceadaíonn/inúchann an tOifigeach Tréidliachta seamlais agus monarchana beaga feola ar fud an chontae. Rinneadh thart ar 130 scrúdu sláinteachais i 2010 maraon le 1,443 a tharla roimh agus tar éis marú 11,077 gcaora, 30,259 muc agus 3,587 stoc i seamlais a bhfuil ceadúnais acu ón Údarás Áitiúil. Seoltar samplaí faoi thuairim chug an Saotharlann Lárnach atá ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia i gContae Chill Dara ar eagla iarmhar frithbheathach no ceimiceach eile. Seoladh 83 shampla dá leithéid i rith na bliana.

## Comhshaol

Tá an roinn seo freagrach as gach a bhaineann le comhshaol sa chontae seachas ceisteanna dramhaíola (líonadh talún, bruscar, dumpáil mhídhleathach 7rl.). Toisc gur contae tuaithe sinn mar a bhful móran aibhneacha agus lochanna ní haon iontas go mbímid gafa le cáilíocht uisce agus is líonmhar iad na tionchair a theann i bhfeidhm uirthi seo. Orthusan bíonn diúscairt idir thionsclaíoch is tráchtála maraon le cóireáil uisce is fuíolluisce a fhreastalaíonn ar thithe aonair. Ar na ceisteanna comhshaoil a bhíonn faoi chaibidil againn tá caighdeán aeir agus fadhbanna a bhainean le gleo, iarratais phleanála agus fódhlíthe. Tá bainisteoir fuinnimh na Comhairle, atá freagrach as feidhmiú fuinnimh agus cleachtas fuinnimh inmharthana, ag oibriú sa roinn seo freisin.

Tá dhá ghné dár gcuid oibre maidir le cáilíocht uisce; fíoruisce inólta agus ár gcuid acmhainní nádúrtha idir aibhneacha, locha agus uisce ar bharr talún a chosaint is a fheabhsú. Is í an tsaotharlann atá suite ar Bhóthar Bhéal Átha hÉis i Cullies croílár na hoibre. Bítear ag tógaint na samplaí a bhíonn uainn agus ag déanamh clár leathan anailíse orthu. Déantar obair speisialtóireachta leis ó am go chéile agus anailís do chliaint, gné den saothar atá ag méadú. Cúis mhórtais dúinn is ea an tsaotharlann mar níl a leithéid eile ag aon údarás áitiúil lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus Corcaigh ag a bhfuil creidiúnacht ón mBord Creidiúnaithe Náisiúnta (INAB).

Déantar anailís ar na scéimeanna poiblí ar fad agus ar fhormhór na ngrúpscéimeanna faoi cheannteidil éagsúla chun a chinntiú go bhfuil uisce á soláthar atá ar chaighdeán den scoth don sláinte phoiblí mar a éilítear faoin reachtaíocht. Tá clár cuimsitheach againn chun monatóireacht a dhéanamh ar aibhneacha agus ar locha. Toisc an-chuid díobh siud a bheith sa Chabhán is léir go mbíonn breis dualgais orainne seachas mar a mbíonn ar chontaethe eile. Tógadh samplaí i 2012 ó 96 stáisiún abhainn agus ó 43 loch. Coimeádtar an t-eolas ar bhunachar sonraí chun gur féidir tuiscint a fháil ar an stádas sa chóras ar an iomlán. Tá ceithre Phlean Ceantar Abhantrach i bhfeidhm sa chontae agus ardstadas ag gach aon chorp uisce. Caithfimid na huiscí atá go han-mhaith a choimeád mar atá agus iad siúd nach mbíonn chomh maith san a fheabhsú. Sna Pleananna do Cheantair Abhantrach a chludaíonn an oileán ar fad luaitear réimse spriocanna agus dátaí cinnte leo. Caithfimid gnímh áirithe a dhéanamh i gcaitheamh na bliana chun fáil réidh le mórfhoinsí truaillithe. Orthusan bíonn eisileadh tionsclaíoch, oibreacha áirithe feirme, oibríocha um chóireáil séarachais agus córais fhuíolluisce do thithe aonair. Trí uisce a choimeád ar ardchaighdeán laghdaítear an costas a leanann fíoruisce a chóireáil agus cuirtear le gnéithe taitneamhacha an Chontae do lucht na háite is do thurasóirí araon.

Faightear gearáin ón bpobal agus déantar gach iarracht ar iad a scrúdú is a fhreagairt chomh tapaidh agus is féidir. Go minic, más léir go mbíonn baol truaillithe ann, is féidir an cheist a réiteach gan dul i muinín an dlí. Is mór an trua, afach, go mbíonn ar an gComhairle forfheidhmiú a chur i gcrích in aghaidh na bliana maidir le heachtraí áirithe.

Dála gach roinn eile laistigh den Chomhaile bímid ag iarraidh costas a laghdú agus ioncam a mhéadú. Seachas anailís uisce a dheanamh d'áisínteachtaí áirithe stáit agus don earnail phríobháideach táthar anois tar éis conradh a fháil do shamplú agus anailis ar eisileadh ar bhonn leanúnach do Chomhairle Contae Shligigh. Táthar ag súil leis an tseirbhís úd i bpáirt a leathnú i 2013 agus monatóireacht uisce idir thionsclaíoch agus locha a dhéanamh do Chomhairle Contae Mhuineacháin.

Bíonn dlúthbhaint ag an Roinn Comhshaoil le Pleanáil agus le Forbairt sa chontae agus sinn ag obair as lámh an lucht pleanála sa réimse úd. Scrúdaímid an-chuid iarratas ó thaobh an chomhshaoil de agus cumtar coinníollacha cuí pleanála a chinntíonn nach mbeidh drochthionchar ag forbairtí ar an gcomhshaol.

Ceist an-mhór ag leibhéal náisiúnta faoi láthair is ea reachtaíocht a thabhairt isteach do dhabhaigh mhúnlaigh. Faoin Acht (Leasú) Seirbhísí Uisce 2012, tá sé mar aidhm ag an gcóras cláraithe agus cigireachta d'fhearais chóireála fuíolluisce tí an caighdeán uisce idir screamhuisce agus uisce ar bharr talún (go háirithe foinsí uisce inólta) a chosaint ó chórais nach mbeadh ag oibriú mar is cóir nó b'fhéidir a bheadh as ord. Caithfidh gach aon úinéir a leithéid de chóras anois a chlárú. Cuirfidh an fhoireann comhshaoil tús le cigireacht na bhfearas cóireála fuíolluisce mí Iúil 2013 ar bhonn 48 gcigireachtaí in aghaidh na bliana. Beidh a bhformhór díobh siúd ar bun in áiteanna mar a gceaptar baol mór a bheith ann don uisce.

Go minic ní léir torthai ár gcuid oibre maidir le cáilíocht uisce. Uaireanta is próiseas mall é feabhas a chur ar an gcáiliocht uisce i loch mar shampla. Caithfear a rá, áfach, na córais atá againn á gcur san áireamh, go ndéanfar dul chun cinn mall ar bhonn leanúnach sna blianta atá romhainn go dtí go mbeidh ardstádas againn dár gcuid uiscí ar fad.

**Coiste Beartas Straitéiseach Comhshaoil, Uisce agus Seirbhísí Sláintíochta**

Is iad seo a leanas Baill an Choiste Beartas Straitéiseach Uisce agus Comhshaoil:

Comh. Charlie Boylan, Cathaoirleach, Comhairle Contae an Chabháin
Comh. Maura Maguire-Lynch, Comhairle Contae an Chabháin
Comh. Aidan Boyle, Comhairle Contae an Chabháin
Comh. Dessie Boylan, Comhairle Contae an Chabháin
Comh. Danny Brady, Comhairle Contae an Chabháin
Comh. Barry Wilson, Comhairle Baile Bhéal Tairbirt
An tUas. Bernard Engle, Pobal agus Deonach
An tUas. Colm Brady, Cónaidhm Náisiúnta Grupscéimeanna
Dr Tina Aughey, Ionadaí Comhshaoil

**An tSeirbhís Dóiteáin**

I 2012 bhí 82 Comhraiceoir áirithe Tine i 10 gcinn de stáisiúin ar fud an chontae. Le linn na bliana, earcaíodh beirt Chomhraiceoir nua agus fógraiodh folúntais ins na Briogáidí Dóiteáin sa Chabhán, Achadh an Iúir agus Dun an Rí. Táthar ag iarraidh go mbeidh 94 dhuine ar an bhfoireann iomlán dóiteáin sa Chontae. Tharla 456 fhreagra glaonna i rith na bliana agus fuarthas €119,218 mar mhuirir bhriogáid dóiteáin. Ba é 5.5 nóiméad chuig tine agus 6.0 nóimead chuig eachtraí eile an meán-am slógadh briogáide. Buíochas le Dia nár cailleadh éinne de dheasca tine/análú deataigh i mbliana. 2012.

| **Saghas Glao** | **Líon Glaonna** | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **2006** | **2007** | **2008** | **2009** | **2010** | **2011** | **2012** |
| Simné Tí | 55 | 45 | 43 | 54 | 61 | 51 | 49 |
| Tinte eile i dTithe | 44 | 48 | 51 | 54 | 43 | 25 | 37 |
| Tinte Eile | 66 | 61 | 60 | 63 | 61 | 43 | 24 |
| Portaigh/Coillte | 39 | 19 | 31 | 21 | 112 | 63 | 16 |
| Feithclí Mótair | 36 | 36 | 39 | 42 | 34 | 28 | 18 |
| Timpistí Tráchta | 87 | 90 | 77 | 88 | 85 | 62 | 57 |
| Tuilte | 18 | 6 | 20 | 22 | 20 | 22 | 15 |
| Eachtra Ceimiceach | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Seirbhísí Speisialta | 279 | 279 | 239 | 181 | 154 | 199 | 191 |
| Glaonna Bréige (go macánta) | 65 | 63 | 50 | 78 | 59 | 33 | 33 |
| Glaonna Bréige (go mailíseach) | 1 | 9 | 12 | 11 | 9 | 3 | 16 |
| **Total Calls** | **690** | **565** | **622** | **614** | **638** | **529** | **456** |

**Clár Caipitiúil**

Cheadaigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil cuntais deiridh Stáisiún Dóiteáin Muinchille agus Béal Tairbirt; íocadh €41,116 agus €51,857 chucuan faoi seach. Tá suímh ar fáil do dhá stáisiún nua i mBaile Shéamais Dhuibh agus Achadh an Iúir. Tá na cáipéisí conartha do Stáisiún Achadh an Iúir ag an Roinn faoi láthair sula ndéantar tairiscint. Tharla comhráití maidir le Stáisiún Dóiteáin Bhaile Shéamais Dhuibh. Níor dáileadh aon mhaoiniú d’fhearais dóiteáin i gClár Caipitiúil 2012.


Gradaim Fhadsheirbhíse 2012

**Bainistiú Móreigeandála**
Is é Teach na Cúirte An Chabháin an Lárionad Comhordaithe i gcás móréigeandála sa Chontae. Ar an nGrúpa Áitiúil Comhordaithe tá ionadaithe ó na trí áisínteachtaí freagartha, An Garda Síochána, Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte agus an Údarás Áitiúil. Bíonn cruinnithe acu siúd i rith na bliana agus baintrear triail as an bhfearas san ionad. Úsáideadh an t-ionad céanna mar ionad rialaithe le linn don bhFleadh Cheoil a bheith sa Chabhán.

Forbraíodh Plean Móréigeandála chun móréigeandáil a fhreagairt go héifeachtach agus go héifeachtúil. Rinneadh uasdátú ar an bPlean úd go deireanach mí Deireadh Fómhair 2012. Sa Phlean leagtar síos an córas cinntí do bhainistíocht sinsearach na n-áisínteachtaí freagartha i gcás móréigeandála fógartha.


Comhraiceoirí Tine is iad ag baint crann den bhóthar i bhFearnán

**Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bhainistiú Dóiteán agus Éigeandála**
I 2009 thosaigh an Stiúrthóireacht ar cháipéis náisúnta: Treoir Chaighdeánach Oibríochta (SOG) a fhorbrófar maidir le breis is 50 saghas eachtraí. Caithfear na SOG a chur in oiriúint do riachtanais áitiúla oibríochta. Go dtí seo eisíodh 47 chinn de SOG ar bhonn náisiúnta agus tá 41 díobh siúd déanta cheana féin ag Seirbhís Dóiteáin an Chabháin. Tá sé i gceist ag an Stiúrthóireacht Náisiúnta na cinn eile a fhorbairt agus a eisiúint le linn 2013. Éilítear breis oibre ón Seirbhís Dóiteáin mar gheall ar an dTreoir Chaighdeánach Oibríochta mar caithfear acmhainní a fháil d'oiliúint is do chleachtadh chomh maith le fearas nua.

**Oiliúint**
I 2012 eagraíodh cúrsaí oiliúna in iompar dóiteáin, tiomáint, céadfhreagairt, timpistí bóthair, feasacht uisce, oibriú sábh slabhra, goireas anála (athnuachan agus bunoiliúint), comhrac dóiteáin d'earcaithe agus láimhseáil. Bíonn oiliúint rialta 2.25 uair a chloig trí oíche in aghaidh na seachtaine do gach briogáid freisin. Téann oifigigh idir Shóisir agus Sinsir ar chursaí de chuid na Stiúrthóireacht Náisiúnta mar is cuí. Éilítear breis oibre ón Seirbhís Dóiteáin mar gheall ar an dTreoir Chaighdeánach Oibríochta maidir le hacmhainní a fháil d'oiliúint is do chleachtadh do Chomhraiceoirí Tine.


Cúrsa Caidéalaithe 2012

Tá baint ag Seirbhís Dóiteáin an Chabháin le hAthrú a Bhrú, tionscnamh trí bliana i bpáirt le Seirbhís Tarrthála agus Dóiteáin an Tuaiscirt (NIFRS), Seirbhísí Dóiteáin na sé "contae teorann" i bPoblacht na hÉireann, An Roinn Sláinte Poiblí agus Seirbhísí Sóisialta (DHSSPS), An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, (RCPRÁ), Comhoibriú is Cur le Chéile (CAWT) agus leis an eagraíocht saorálach Gaisce Poiblí a dhíríonn ar an óige.

Tharla infheistíocht i gcomhoiliúint agus i seimineáir do phearsanra seirbhísí dóiteáin ar dhá thaobh na teorann chun cur le caighdeáin maidir le fuascailt, daingniú feithicle agus laimhseáil daoine gortaithe i gcás Timpistí Tráchta ar Bhóthar (RTC). Chomhoibrigh Seirbhís Dóiteáin an Chabháin le coistí, cuireadh ionaid oiliúna maraon le fearas is pearsanra ar fáil agus bhíothas páirteach sa tionscnamh chun a chinntiú go n-éireodh leis.

Tháinig cuid den mhaoiniú ó Chiste Forbartha an hEorpa an Aontas Eorpaigh (ERDF) trín gClár Trasteorann INTERREG IVA a bhionn faoi stiúir Comhlacht Clár Speisialta an Aontas Eorpaigh (SEUPB).

De bharr an tionscnaimh ba chóir go ngearrfaí tréimhsí freagartha pearsanra Seirbhísi Dóiteáin agus Tarrthála (RTC), go mbeadh caighdeán cothrom ar bun ar fud an cheantair agus go laghdófaí an líon daoine a mharaítear is a ghortaítear ar na bóithre.

**Cleachtaí**

Mí na Márta bhí foireann ón Seirbhís Dóiteáin páirteach i bhfreachnamh timpiste tráchta in éineacht le hInstitiúid an Chabháin, Cosaint Shibhialta an Chabháin, Gardaí agus Adhlacóirí MacMahon. Díríodh d'aonghnó ar an ngéarghá atá le tiomáint sábhálta a chur ina luí ar thiománaithe óga an todhchaí. D'fhreastail breis is 800 scoláire ó scoileanna an Chontae is i gcéin maraon le mic léinn ó Institiúid an Chabháin ar cheann den dá fhreacnamh RTC a tharla an lá san in Ionad Eachrach an Chabháin.



Freachnamh RTC

**Coisctheacht Dóiteáin**

Déantar cigireacht de réir dualgas reachtúla in aghaidh na bliana ar óstáin, tithe tábhairne, bialanna, hallaí pobail, clubanna agus staisiúin pheitril. I measc dualgas na ranna tá ceadúnais bhiotáillí, rince, clubanna agus Ceadúnais Chrannchur is Imeartha a phróiseail.

Leantar de chlár chun dóiteáin a sheachaint trí shábhailteacht foirgneamh sa Chontae a fheabhsú agus trí oideachas a chur ar an bpobal maidir le riachtanais bhunúsacha don sábhailteacht. Déanann an tseribhís dóiteáin iarracht ar chuairt a thabhairt ar an dtríú rang i ngach aon bhunscoil sa chontae in aghaidh na bliana. Le linn scoilbhliain 2011/2012 tugadh cuairt ar 80 scoil agus dáileadh pacáiste eolais orthu.

Faoi na Rialacháin (Rialaithe) Foirgníochta caithfear Deimhniú um Shábháilteacht Dóiteáin a fháil chun foirgneamh seachas teach cónaithe nó foirgneamh talmhaíochta a thógáil,

chun síneadh a chur nó chun athruithe ábhartha a chur i gcrích. Ar an iomlán fuarthas 48 iarratas ar Dheimhniú um Shábháilteacht agus táillí €28,901.18 i 2012, laghdú ar an mbuaic 167 i 2007.

**Cosaint Shibhialta**

TIs é an misean Cosaint Shibhialta na an córas úd a chur chun cinn, a fhorbairt is a choimeád mar eagraíocht phroifisiúnta saorálach chun céadfhreagairt agus tacaíocht phobail a sholáthar i gcás éigeandála.



In Áras an Uacharáin Iúil 2012( Ó chlé) Gerry Smith Oifigeach Staisiúin Baile Shéamais Dhubh, Noel Burke Príomhoifigeach Doiteáin, Bean Uí hUIginn, An tUachtarán Ó hUIginn,Mel Mcloughlin Oifigeach Fo-stásiúin An Damhshraith, Jim Gibson Oifigeach Staisiúin Coill an Chollaigh

Bunaíodh Cosaint Shibhialta thiar i 1950 mar chuid de struchtúr riachtanach sibhialta um chosaint na tíre le linn baol a leanfadh dálaí cogaidh. Go tobann deireadh na 80idí bhí deireadh leis an gCogadh Fuar. Dá bhrí sin dhírigh Cosaint Shibhialta ar fheidhmeanna le linn síochána mar thaca, go bunúsach, leis na seirbhísí éigeandála.

Shínigh an tUachtarán Acht nua um Chosaint Shibhialta Nollaig 2012 trínar aisghairmeadh Acht 2002. Athbhunaíodh foireann an Bhoird maraon le bainistiú agus forbairt Chosaint Shibhialta ar bhonn náisiúnta sa Roinn Cosanta.

Cé gur eagraíocht náisiúnta í Cosaint Shibhialta mar sin féin tá Comhairle Contae an Chabháin freagrach as seirbhísi áitiúla faoin Oifigeach Cosaint Shibhialta agus Oifigeach Cúnta. Cláraíonn na baill leis an eagraíocht náisiúnta ach bíonn siad ag freastal ar a bpobal féin. Tugtar oiliúint dóibh i mórán scileanna mar gharchabhair, otharcharr, tarrtháil, comhrac tine, cothú éigeandála, cúram aslonnaithe, cuardach ar uisce is ar thalamh, monatóireacht raidíochta, bádóireacht, tiomáint agus cumarsáid. Clúdaítear freisin léarscáilíocht, rianadóireacht, tuilte agus móréigeandálaí.

Bíonn traenáil agus cleachtaí ar siúl go rialta agus bhí na baill ar dualgas don gharchabhair agus clúdach bád ag breis 100 ócáid poiblí i rith na bliana. Is go deonach a shaothraíonn na baill ar son an phobail ach bíonn siad ag foghlaim scileanna san am gcéanna. Is mór an chabhair iad do phobal ar bith.
Ar na hócáidí agus imeachtaí a raibh baint go náisiúnta ag Cosaint Shibhialta an Chabháin leo le bliain anuas agus a ndearnadh trácht orthu sna Meáin Náisiúnta bhí cuardach na Bóinne, An Léig Náisiúnta Peile, na hArdlonga, Craobh Lúthcleas Uladh, Féile Náisiúnta Drámaíochta, Fleadh Cheoil na hÉireann agus an Comórtas Náisiúnta Cosaint Shibhialta.

Chuaigh Cosaint Shibhialta an Chabháin go Contae Lú chun páirt a glacadh sa Chomórtas Réigiunach i agus san Ionad Mílaoise i nDún Dealgan. Tástáladh sé chinn de réimsí mar a bhí Druilleáil, Dúshlán Foirne, Cumarsáid, Cuardach faoin dTuath, Garchabhair, Tarrtháil agus Comhrac Tine. Bhí foirne ann leo ó Chill Mhantáin, Loch Garman, An Mhí agus Muineachán.

Ar bhonn áitiúil le bliain anuas bhí Cosaint Shibhialta páirteach i Mórshiúlta na Féile Pádraig, scileanna do Shaorálaigh agus Teagascóirí, Seónna Pobail mar Seó Talmhaíochta Achadh an Iúir, ócáidí carthanachta, Féilte mar an Fhéile na bPuimcíní , ócáidí Eachaíocha mar Fhéile an Tuaiscirt, An Chraobh Treafa, Dúshlán Chuilceach, Cluichí CLG agus Fleadh Cheoil na hÉireann sa Chabhán.



Foireann an Chabháin & Breathnadóirí Ó chlé: Noel Burke CDO, James Speares Teagascóir, Florence Snell, Maebh Rehill, Declan Smith, Nigel McDowell, Eamon Mulcahy, Gregory Weritz, Verona Fitzpatrick, Sean Kelly, Joey Hickey, Ann Hartnett, Thomas O'Rourke, Fintan Cooney Ceann Foirne, Andrew Ward Breathnadóir, An tAth Sean McDermott Teagascóir.

Bhí 121 shaorálach ó Cosaint Shibhialta an Chabháin ansiúd ag an bhFleadh chun clúdach garchabhrach a sholáthar in éineacht le Saorálaigh de chuid Cumann na Croise Deirge, Ord Málta agus Briogáid Otharcharr Naomh Eoin. Ba í seo an chead uair do na ceithre eagraíochtaí úd a bheith ag obair as lámh a chéile ag aon ócaid amháin agus ba iad saorálaigh Cosaint Shibhialta a chum plean leighis na hócáide.



Coimriú Saorálach don bhFleadh Cheoil 2012

Tharla 14 rang in aghaidh na seachtaine i 12 Ionad ar fud an chontae ó Bhlaic go Dun an Rí. Bíonn fáilte roimh chách ag na ranganna. Tá géarghá le saorálaigh sa Chosaint Shibhialta mar níor chóir go mbeadh ualach ró-throm ar éinne acu maidir leis an am a chaitear.

# Turasóireacht

**Geopháirc Domhanda Uaimheanna Marble Arch**
Leanadh den chothabháil agus den bhainistiú sa Geopháirc le linn 2012 ar an gcaighdeán céanna le blianta eile. D'éirigh go breá linn sa chigireacht a rinne an Gréasán Geopháirceanna Eorpacha i rith na bliana. Eagraíodh clár imeachtaí ó am go chéile agus foilsíodh leabhar nua a mhíníonn suímh uilig na Geopháirce.

**Branda Nua An Chabháin** Forbraíodh branda nua 'Seo é An Cabhán!' tar éis comhhairliúchán cuimsitheach le páirtithe leasmhara sa chontae. Ba iad Martin Gaffney Design a mhaoirsigh an branda chun turasóireacht agus fiontar a chur chun cinn sa chontae. Cruthaíodh suíomh nua idirlín, cuntais Facebook agus Twitter san áireamh
agus foilsíodh bróisiúr nua. Ba é An Taoiseach Enda Kenny a sheol an branda sa Chabhán mí Deireadh Fómhair.


Suíomh Idirlín Seo é An Cabhán!

**Fógraíocht**
Tharla fógraíocht do Chontae an Chabhán i meáin éagsúla, bhí trí fhógra san Angling Times (Ríocht Aontaithe), Tourism Ireland (Ríocht Aontaithe agus Stáit Aontaithe Mheiriceá, i Council Review agus Contemporary Living (ar líne).

Bhí eagarfhocal ceithre leathanach san irisleabhar aerlíne "Ireland of the Welcomes" agus bhí dhá eagarfhocal um shaoire ghearr faoin gCabhán san Irish Independent. Luadh Féile Siúlóide An Chabháin i bhforlíonadh an Earraigh Discover Ireland san Irish Independent agus san Irish Times. Ina theannta san go léir dáileadh eolas ó Thurasóireacht an Chabháin ag comhdháil Cumann Údarás Áitiúla na hÉireann san Óstán Kilmore.

**Fleadh Cheoil na hÉireann**
Don tríú bliain as a chéile tharla Fleadh Cheoil na hÉireann sa Chabhán mí Lúnasa 2012. Lean an fhéile ar feadh 10 lá agus ceapadh rath ní b'fhearr a bheith uirthi fiú ná mar a bhí cheana féin. Cruthaíodh suíomh nua idirlín agus sraith grianghafadóireachta go speisialta don bhféile Fleadh 2012.

Tharla feachtas mór thar a bhfacthas riamh sna meáin sóisialta a chuir buntáistí na Féile úd agus Contae An Chabháin go ginearálta chun cinn go mór. Bhí raidió RTÉ, Raidió na Gaeltacha, TG4, Nationwide, BBC Raidió Uladh, TV3 AM, agus Adrian Flannery (SAM) i lathair. Bhí tuairiscí sna meáin chlóite sa bhaile is i gcéin. Tháinig an tUachtarán Mícheál D Ó hUiginn go dtí An Cabhán agus d'oscail go hoifigiúil Ionad Gasóga Caisleán Sandarsan ina dhiaidh sin thug an tUachtarán cuairt ar Theach na Cúirte agus bhí an tAire Turasóireachta Jimmy Deenihan TD i láthair freisin.

**Maoiniú Féiltí Fáilte Éireann**
Lorg Turasóireacht an Chabháin maoiniú ón gclár Maoiniú Féiltí Fáilte Éireann um Fhleadh Cheoil na hÉireann agus fuarthas deontas €65,000.

**Bróisiúir**
I gcéad leath na bliana 2012 foilsíodh Treoir Siúlóide an Chabháin (5,000), bileoga Eolas Turasóireachta (10,000) agus bróisiúir Turasóireacht an Chabháin (10,000). Scaipeadh léarscáil Chontae an Chabháin freisin do thurasóirí (10,000). Níos déanaí amach sa bhliain foilsíodh an chead dornán mór (500) den bhróisiúr nua Seo é An Chabhán! maraon le suaitheantais agus pinn luaidhe ar a raibh an branda nua céanna.

**Leas as Acmhainní Nádúrtha (HNR)**
Fuarthas litreacha tairisceana um HNR agus Cnoic na Teorann i 2012. Tionscadal trasteorann is ea HNR agus tá scata tionscnamh ag Contae an Chabháin ann. Le linn 2012 cruthaíodh rianta rothaíochta do theaghlaigh i bPáirc Fhoraoise Coillidh Chaoin (€75,000), cuireadh tús le siúlóidí trasteorann (€50,000) agus le forbairt turas gluaisteán (€45,000).

Fuarthas litir thairisceana leis do Chnoic na Teorann. Bhain sí sin le maoiniú €3.8m chun Geopháirc Uaimheanna Marble Arch a fhorbairt. Bhain cuid den mhaoiniú úd le hionad cuairteoirí sa Bhoireann lasmuigh den Bhlaic.

**Caisleán Sandarsan**
Thacaigh Turasóireacht an Chabháin le Gasóga na hÉireann chun maoiniú €20, 000 a lorg ón gclár LEADER i dtreo staidéar féidirtheachta Chaisleán Sandarsan. D'éirigh leis an iarratas agus ba iad Irish Leisure Consultants a rinne an staidéar.

**Blas an Chabháin**
Tharla 'Blas an Chabháin' in Óstán Kilmore mí Deireadh Fómhair chun aird mhór a tharraingt ar tháirgíocht bhia an Chabháin. Ba í Ella McSweeney ó RTÉ a láithrigh an ócáid agus tháing breis is 10,000 ag féachaint ar a raibh ar siúl.

**Tacaíocht Phobail**
Lorg Cumann Saoire Chill na Seanrátha maoiniú um sharláthair iascaigh Fáilte Éireann chun bolscaireacht a chur chun cinn. Fuarthas €2,715 a caitheadh ar fhógraíocht, suíomh nua idirlín, painéal eolais ar an mbaile agus 5,000 cóip de bhileog nua turasóireachta.


Slí isteach don Bhoireann lasmuigh den Bhlaic


Castle Saunderson

**Galf**

Tharla Dúshlán Galf Uiscebhealaí na hÉirne mí an Mheithimh. Tháiinig 44 imreoir thar trí lá chuig an ócáid a d'eagraigh Turasóireacht an Chabháin i bpáirt le Turasóireacht Lochanna Fhear Manach.

**An Tóstal 2013**

Tosnaíodh ar bhunachar sonraí a chruthú do diaspora an Chabháin. Tá plean ar bun maidir le hócáid ollmhór a reachtáil don Tóstal i 2013 agus tréaniarracht a dhéanamh ar dhaoine a mhealladh chuig An Chabhán.

**Intereg IVA**

Faoi Intereg IVA agus i bpáirt le Comhairlí Contae Liatroma agus Fhear Mhanach seoladh iarratas chuig Comhlacht na gClár Speisialta Aontas Eorpaigh (SEUPB) ar mhaoiniú chun cursaí iascaigh a fhorbairt ach is baolach nár éirigh leis an iarratas sin.

## Airgeadas

"Eolas cruinn ar airgeadas seirbhisí uilig na Comhairle a sholáthar agus rialú inmheánach éifeachtach a chur i bhfeidhm"

Ta ról tabhachtach ag an Roinn maidir le seirbhísí Comhairle Contae an Chabháin a sholáthar. Pléitear le cuntais airgeadais oibriú na n-údarás idir incaim agus caipitiúil ar fud na Ranna Seirbhísí go léi

- Tithíocht agus Foirgníocht
- Iompar de Bhóthar agus Sábháilteacht
- Seirbhísí Uisce
- Bainistiú Forbraíochta
- Seirbhísi Comhshaoil
- Caitheamh Aimsire agus Conláistí
- Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas
- Seirbhísí Ilghnéitheacha

Is iad seo a leanas aidhmeanna Roinn Airgeadais Comhairle Contae an Chabháin:

- Spriocanna airgeadais Plean Corparáideach na Comhairle a chur i gcrích
- An bhainistíocht is an dea-chleachtas is fearr dá bhfuil ann a chur chun cinn ar fud na Comhairle
- Cúrsaí Airgeadais na Comhairle a bhainistiú
- A chinntiú go gcomhlíontar na prionsabail reachtúla agus airgeadais a bhaineann le gnóthais airgeadais na Comhairle
- Feidhmiú rialú inmheanach mar is cóir a chinntiú chun sócmhainní na heagraíochta agus cruinneas is iontaofacht na gcuntas a chosaint
- A chinntiú go bhfaightear margadh maith ar fud na heagraíochta i gcónaí

Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí is mó a bhíonn ar siúl sa Roinn Airgeadais:

- Cuntais Airgeadais
- Cuntais Bhainistíochta
- Cuntais Iníoctha
- Cuntais Infhaighte
- Airgead Tirim, Bainistiú Infheistíochta agus Ciste
- Bainistiú Fiacha
- Iniúchadh Inmheánach
- Buiséid
- Comhordú Bainistíocht Riosca
- Cúrsaí Fála
- Córais agus Rialú Airgeadais
- Cursaí Cánach
- Riarachán Sócmhainní Réadacha

- Bailiú Ioncaim Reatha
- Bainistiú Iasachtaí Tithíochta
- Riaradh Párolla, Pinsin, Liúntais Taistil agus Cothaithe

**Córas Bainistíocht Airgeadais**

Tá ról tábhachtach ag an gCóras Bainistíocht Airgeadais Agresso chun eolas cruinn ar airgeadas seirbhísí na Comhairle a sholáthar in am tráth. Bítear ag feabhsú na módúil mar chuntais iníoctha, cuntais infhaighte, bainistiú fiacha, cuntais bhainistíochta agus airgeadais, buiséid agus cúrsaí fála.

**Bailiú Ioncaim**

Eagraíodh na Bailitheoirí Ioncaim as an nua i 2009 chun ceithre cheantar a chruthú. Is iad na bailitheoirí ioncaim is mó a bhíonn ag plé le formhór lucht díolta rátaí, cíos tí is blianachtaí na Comhairle agus i gcásanna áirithe iasachtaí tithíochta agus táillí uisce. In ainneoin cúrsaí eacnamaíochta a bheith mar atá, bhí na rátaí bailiúcháin sásúil go leor don bhliain 2012.

**Rátaí**

Eisíodh ar an iomlán 2 069 Éileamh Rátaí i rith na bliana 2012 as a d'fhás iomlán €11, 170, 539.46. Ba é €56.85 an Ráta Bliantúil Luachála agus bailíodh 71% de na rátaí.

**Iasachtaí**

Tá 232 cuntas iasachtaí ag an gComhairle, as an méid sin thainig aisiocaíochtaí morgáistí €552,048.93 i 2012. Leanadh den bhfuascailt morgáistí le linn 2012 agus fuarthas €35, 574.77 uathusan. Bailíodh breis is 74% des na hiasachtaí ar fad amuigh.

**Párolla**

Sa tseirbhís úd déantar pá agus tuarastal na foirne a phróiseáil maraon le ÍMAT agus PRSI nó aon laghdaithe cuí eile agus cuntais orthu a líonadh. Tá 535 dhuine fostaithe ag Comhairle Contae an Chabháin, roinnte mar a leanas:

| | |
|---|---|
| Pá: | 137 (coicíse) |
| Tuarastal: | 19 (míosúil) |
| Tuarastal: | 255 (coicíse) |
| Comhrac Tine: | 82 |
| Comhairleoirí: | 42 |

Sa roinn párolla leis déantar próiseas ar íocaíochtaí do 291 lucht pinsin.

**Muirear ar Mhaoin Chónaithe Phríobháideach (NPPR)**

I mbuiséad na bliana 2009 bhunaigh an tAire Airgeadais muirear ar Mhaoin Chónaithe Phríobháideach. Dá bhrí sin reachtáil an tOireachtas an tAcht Rialtais Áitiúil (Muirir), 2009 mí Iúil na bliana san. Ó shin i leith gearrtar muirear €200 ar gach maoin chónaithe phríobháideach seachas príomháitreabh an teaghlaigh.

Baineann an muirear le gach Maoin Chónaithe nach í Príomháit Chónaithe an úinéara í.

Mar shampla íoctar an muirear ar Áitribh ar Cíos, Tithe Saoire agus Áitribh atá Folamh. Riartar an córas bailiúcháin ar bhonn naisiúnta, i bpáirt leis an mBord um Sheirbhísí Ríomhaireachta Rialtais Áitiúil (LGCSB). Tá suíomh idirlín ag an mBord úd www.nppr.ie mar a bhfuil eolas ar fáil faoin mhuirear maraon le córas chun maoin a chlárú agus an muirear NPPR a íoc ar líne. Bailíodh ar an iomlán €1,034,904 (i ndiaidh costas bailiúchán LGCSB) sa Chabhán (ceantair Chomhairlí Baile san áireamh) maidir leis an muirear úd i 2012.

**Muirear Teaghlaigh**

Muirear bliantúil is ea é seo faoin Acht Rialtais Aitiúil (Muirear Teaghlaigh), 2011 ar gach úinéar áitreabh cónaithe. Is ar na huinéirí féin atá sé clárú agus an muirear a íoc tar éis 1 Eanáir 2012. Le linn 2012 cuireadh breis foirne ag obair ar na réimsí Muirear Teaghlaigh agus NPPR.

Seoladh thart ar 13, 500 litreacha ag meabhrú dóibh siúd i measc Úinéirí agus/nó Chomhúinéirí áitreabh cónaithe nach raibh an muirear íoctha acu faoi Dheireadh Fómhair 2012. Faoi 31 Nollaig 2012 bhí ráta bailithe 68.62% (17,483 áitreabh) ag an gCabhán don Mhuirear Teaghlaigh. Íocadh an Muirear Teaghlaigh ar 16,353 áitreabh cónaithe agus bhí tarscaoileadh ag an bhfuílleach 1,130.

**Iniúchadh Inmheánach**

Feidhm neamhspleách is ea Iniúchadh Inmheánach a dhéanann measúnú agus iniúchadh ar éifeacht is ar éifeachtúlacht an rialú inmheánach i gComhairle Contae an Chabháin. Ar an gcuma san cuirtear le húsáid acmhainní go tíosach mar atá riachtanach chun go n-éireoidh le feidhmíocht na heagraíochta.

Sa phlean Iniúchadh Inmheánach 2012 leagtar síos clár oibre na bliana agus na réimsí atá le clúdach, réimsí riosca san áireamh. Cuireadh san áireamh acmhainní foirne agus inchur/tuairimí na Stiúrthóirí Seirbhíse, An Choiste Iniúctha is an Iniúchóir Rialtais Aitiúla. Scrúdaíodh an Oifig Mhótarchánach, Amharclann an Reamhoir, Músaem an Chontae, Láithreacha Cathartha, Oifigí Airgid agus An Chosaint Shibhialta. Díríodh ar réimsí mar Mhuirir Uisce seachas Uisce Tí/Fuíolluisce, Deontais um Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta agus Lucht Míchumais, na Córais Chíosa, Muirir Pháirceála agus Córas Airgid na Comhairle Baile maraon leis na Táscairí Seirbhíse.

Tharla oiliúint bhreise iniúchta agus forbairt foirne nuair a rinne baill fhoirne cúrsa teastas iniúchta san Oifig Riarachán Poiblí.

I gCiorclán Fin 11/2007 Feidhmiú Iniúchta in Údaráis Aitiúla iarradh go mbeadh coistí iniúchta acu i dtreo na dualgais chuí um Iniúchadh Inmheánach a mheabhrú dóibh. Bhunaigh Comhairle Contae an Chabháin an Coiste Iniúchta Meitheamh 2008. Ar an gcoiste tá triúr ball seachtracha agus beirt ionadaí tofa, mar atá molta. Is iad seo a leanas na baill:

- Con Dolan (Cathaoirleach)
- Jim Lalor
- PJ Dunne
- Comhairleoir Madeleine Argue
- Comhairleoir Gerry Murray

Bíonn an Coiste ag plé go rialta le Ger Finn – Runaí an Choiste/Stiúrthóir Seirbhísí, Des Maguire – Ceann Airgeadais agus le Sean O'Reilly – Iniúchadh Inmheánach.

Le linn 2012 bhí ceithre chruinniú acu chun rialu inmheánach, polasaí agus cleachtas maidir le seirbhísí na heagraíochta a phlé. Is de réir cairteacha glactha a dhéanann an tAonad Iniúchta Inmheánach agus an Coiste Iniúchta an saothar úd.

Freagraíodh mórán ceisteanna ón Iniúchóir Údarás Áitiúla, ar an gcuma san cinntítear clúdach iomlán. Cuid lárnach den mheasúnú a dhéantar ar an rialú is ar an riosca a ghabhann leis is ea éifeachtúlacht an iniúchta inmheánaigh.

Tá dúshlán an-mhór roimh an Chomhairle maidir le hairgeadas, imeacht ar scor is bac earcaíochta. Tá an fhreagarthacht ríthábhachtach don éifeachtúlacht is tíosacht. Mar chuid den Phlean Iniuchta Inmheánach, oibreofar I dtreo monatóireacht chun nach mbeidh dabht faoi mhargadh maith a fháil in oibriú Comhairle Contae an Chabháin.

## An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Cloítear go hiomlán sa Chomhairle le forálacha an Acht um Íoc Pras Cuntas, bítear de shíor ag athbhreithniú cleachtas agus riaradh chun géilliúlacht a chinntiú. Is í 30 lá ó fháil an sonraisc an tréimhse reachtúil le creidiúnaithe a íoc ach a mhalairt a bheith i gconradh aontaithe. I 2012 íocadh suim €124 do chreidiúnaithe mar ús ar mhallíocaíochtaí.

## Mótarcháin

Tá an Roinn Mhótarcháin i gComhairle Contae an Chabháin freagrach as:

- Ceadúnais Fheithiclí
- Ceadúnais Tiomána
- Cuntas ar Dhroimscríbhinní agus ar dhícháilíochtaí
- Deimhnithe um Shábháilteacht Bhóthair
- Cóipeanna de Leabhair Chláraithe, Fáltais agus Plátaí Trádála do cheannaithe mótar
- Próiseas ar mhalairt úinéara agus ar aisíocaíochtaí
- Teastais S103 agus CT53

Ba léir an cúlú eacnamaíochta ón laghdú ioncaim ó mhótarcháin agus ceadúnais tiomána i rith na bliana. Go hiomlán fuarthas €9,786,434. i 2012, sin laghdú €390,224.50 ar an ioncam i 2011.

Ag seo na sonraí ioncaim agus gnóthaí:

| | **Iomlán Gnóthaí** | **Iomlán Ioncaim** |
|---|---|---|
| Ceadúnais Fheithiclí | 41787 | 9,366,342 |
| Ceadúnais Tiomána | 10044 | 179,115 |
| Deimhnithe um Shábáilteacht Bhóthair | 6722 | 47428 |
| Ceadúnais Trádála | 76 | 24,928 Fála |
| Ilchineálacha | 3450 | 168,621 |
| **Iomlán** | **62079** | **€978,643,4.00** |

**Motarcháin ar Líne**

Rinneadh próiseas ar 29,322 chás ar líne agus b'shin 41.19% de ghnóthaí uilig mótarchánach an Chabháin. Tá an tseirbhís Mhótarchánach ar líne ar fáil do ghluaisteáin phríobhaideacha, gluaisrothair, tarracóirí, feithiclí díofa agus carbháin d'athnuachan is don chéad chlárú. Iarrtar ar chustaiméirí leas a bhaint as an tseirbhís ar líne ach logáil isteach ar www.motortax.ie

**Táscairí Seirbhíse**

| | |
|---|---|
| **M.1 Líon agus Céatadán Gnóthaí Mótarchánach** | **2012** |
| Líon próiseas ag an gcuntar | 43,255 |
| Líon próiseas tríd an bpost | 8,523 |
| % próiseas ag an gcuntar | 83.54% |
| % próiseas tríd an bpost | 16.46% |
| **M.2 Próiseáil Iarratas Mótarchánach tríd an bPost** | |
| Líon a ndéantar próiseas orthu an lá céanna | 3,147 |
| Líon a ndéantar próiseas orthu an dara nó an tríú lá | 2,908 |
| Líon a ndéantar próiseas orthu an ceathrú nó an cúigiú lá | 1,254 |
| Líon a ndéantar próiseas orthu tar éis cúig lá | 1,214 |
| % a ndéantar próiseas orthu an lá céanna | 36.92% |
| % a ndéantar próiseas orthu an dara nó an tríú lá | 34.12% |
| % a ndéantar próiseas orthu an ceathrú nó an cúigiú lá | 14.71% |
| % a ndéantar próiseas orthu tar éis cúig lá | 14.24% |
| **M.3 Próiseáil Iarratas ar Cheadúnais Tiomána** | |
| Líon a ndéantar próiseas orthu an lá céanna | 6,923 |
| Líon a ndéantar próiseas orthu an dara nó an tríú lá | 1,698 |
| Líon a ndéantar próiseas orthu an ceathrú nó an cúigiú lá | 545 |
| Líon a ndéantar próiseas orthu tar éis cúig lá | 1,008 |
| % a ndéantar próiseas orthu an lá céanna | 68.05% |
| % a ndéantar próiseas orthu an dara nó an tríú lá | 16.69% |
| % a ndéantar próiseas orthu an ceathrú nó an cúigiú lá | 5.36% |
| % a ndéantar próiseas orthu tar éis cúig lá | 9.91% |
| **M.4 Uaireanta oscailte don phobal** | |
| Oscailte ar an meán in aghaidh na seachtaine | 28.73 |

## Teicneolaíocht Eolais agus Cumarsáide (ICT)

Sa roinn TEC díritear ar thacú le banc leathan freastalaithe, ríomhairí PC agus goiris ilfheidhme atá sna Gréasáin Líonra Achair Lóganta (LAN) agus Líonra Achair Fairsing. Stiúraítear freisin an bonneagar cumarsáide idir sheasta agus móibíleach.

I ndiaidh bonneagar samhaltach nua  a shuiteáil i dtreo deireadh na bliana 2011, cuireadh isteach goiris samhaltacha i 2012 in ionad na seanfhreastalaithe fisiciúla a bhíodh ann. Bhí uasghrádú ar bun freisin maidir leis na Córais Oibríochta agus na Feidhmchláir.  Tá 20 freastalaí samhaltacha anois againn.  Leanfar, nuair is cuí,  de ghoiris samhaltacha a shuiteáil in ionad na seancheann fisiciúla agus de thimpeallacht shamhaltach a úsáid maidir le haon suiteáil nua nó uasghrádú feidhmchlár.

Tá córas cúltaca nua anois againn ionas go dtiocfar arís ar shonraí uilig ár gcuid córas dá dtarlódh aon chailliúint nó truailliú. Úsáidtear na modhanna is déanaí dá bhfuil ann a bhaineann le diosca, taifeadadh agus le teicneolaíocht athdhúbailte. Toisc an córas nua a bheith an-éifeachtach ar fad, laghdaítear go mór an tréimhse ama cúltaca.

Le linn 2012 tosaíodh ar thionscnamh chun a mhéad ríomhairí PC agus ab fhéidir a uasghrádú go Windows 7 maraon le huasghrádú comhlántach nuair ba ghá. Ar an gcuma san cuirfear le fadsaol mórán goireas a bheadh as seirbhís ina éagmais san.

I 2012 bhuaigh Eircom an comórtas chun seirbhís seasta gutha a sholáthar. De réir a chéile cuirfear deireadh leis an gcóras gréasán PSTN agus pléifear le glaonna trín gceangal idirlín, rud a laghdóidh an costas idir cíos líne agus glaonna. Leanfar fós de shlite a scrúdú chun costas an bhonneagair chumarsáide a laghdú más féidir.

I dteannta foireann Leabharlann Cheannais Mhic Sheáin rinneadh uasghrádú ar an ngréasán ríomhairí poiblí atá sa leabharlann. Tá na PC eiceolaíoch atá anois ar na cinn is fearr atá ar fáil agus an feidhmiú fuinnimh feabhsaithe 90%. Bhí an Cabhán ar an gcéad leabharlann sa tír a chuir isteach a leithéid agus táthar ag súil le feidhmiú fuinnimh an-tíosach ar fad dá bharr san.

Toisc an borradh mor atá faoin úsáid fón póca d'fhorbraíomar sé chinn d'Aipeanna Móibíleacha do ghoiris iPhone agus Android. D'éirigh go han-mhaith leis an Aip Rochtain an Chabháin a léiríonn spásanna páirceála Blue Bay chomh maith le háis chun páirceáil mhídhleathach nó bac rochtan a athuairisciú. Cuireadh ar aghaidh an Aip chuig Comhairle Buirge Loch Garman agus tá sé ar fáil d'aon Chomhairle eile más mian leo é a úsáid.

Ar na feidhmchláir eile a bhíonn idir lámha againn tá:

- iDocs: Córas Bainistíochta Doiciméad
- Agresso FMS (Córas Bainistíocht Airgeadais)
- Bunachair Inmheánacha
- iPlan: Córas Riarachán Pleanála
- eHeg: Deontais Ardoideachais
- iHouse agus RAS: Córas Riarachán Tithíochta
- Brabhsálaí Inlín Spásúil agus Seirbhísí eile GIS
- LabInfo: Monatóireacht ar Cháilíocht Uisce
- SMS: Teachtaireachtaí ar an Mórchóir
- Meáin Sóisialta

## Coimriú ar Chuntais

### Coimriú ar Chaiteachas agus ar Ioncam 2012

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Caiteachas (A) | 60,844 | 65,311 |
| Fáltais | | |
| Deontais Stáit | 22,728 | 26,897 |
| Earraí & Seirbhísí | 10,202 | 9,398 |
| Rátaí Tráchtála | 11,170 | 10,852 |
| Údaráis Aitiúla eile | 497 | 444 |
| Tobhach Pinsin | 1,087 | 1,119 |
| Muirear Contae | 1,365 | 1,332 |
| Ciste Rialtais Áitiúil | 13,796 | 15,270 |
| Ioncam Iomlán (B) | 60,845 | 65,312 |
| (Easnamh)/Fuílleach (B-A=C) | 1 | 1 |
| | | |
| Ioncam Túis | | |
| Fuílleach 1 Eanáir (D) | 1,662 | 1,661 |
| Ioncam Deiridh | | |
| Fuílleach 31 Nollaig (C+D+E) | 1,663 | 1,662 |
| **Caiteachas Ioncaim 2012** | | |
| | **€M** | **%** |
| Tithíocht agus Foirgníocht | 5.31 | 8.73 |
| Iompar de Bhóthar agus Sábháilteacht | 17.41 | 28.62 |
| Soláthar Uisce agus Séarachais | 11.83 | 19.44 |
| Dreasachtaí Forbartha agus Riartha | 3.54 | 5.82 |
| Cosaint Chomhshaoil | 6.88 | 11.31 |
| Caitheamh Aimsire agus Conláistí | 3.24 | 5.33 |
| Sláinte, Leas, Oideachas agus Talmhaíocht | 4.00 | 6.57 |
| Ilchineálach | 6.74 | 11.08 |
| Aistriú go Caipiteal | 1.89 | 3.11 |
| **Iomlán** | **60.84** | **100** |

**Coimriú ar Chaiteachas agus ar Ioncam Cuntas Caipitiúil 2012**

| | Caiteachas | Ioncam |
|---|---|---|
| | **2012**<br>€000 | **2012**<br>€000 |
| **Grúpa Clár** | | |
| Tithíocht agus Foirgníocht | 2,630 | 4,040 |
| Iompar de Bhóthar agus Sábháilteacht | 30,760 | 29,266 |
| Soláthar Uisce agus Séarachais | 4,512 | 5,227 |
| Dreasachtaí Forbartha agus Riartha | 4,326 | 4,047 |
| Cosaint Chomhshaoil | 2,264 | 658 |
| Caitheamh Aimsire agus Conláistí | 1,460 | 970 |
| Sláinte, Leas, Oideachas agus Talmhaíocht | 0 | 0 |
| Ilchineálach | 2,455 | 208 |
| **Iomlán** | **48,407** | **44,416** |
| **Ioncam Reatha 2012** | **€M** | **%** |
| Tithíocht agus Foirgníocht | 5.67 | 9.32 |
| Iompar de Bhóthar agus Sábháilteacht | 12.25 | 20.14 |
| Soláthar Uisce agus Séarachais | 5.36 | 8.81 |
| Dreasachtaí Forbartha agus Riartha | 1.4 | 2.30 |
| Cosaint Chomhshaoil | 1.23 | 2.02 |
| Caitheamh Aimsire agus Conláistí | 0.758 | 1.25 |
| Sláinte, Leas, Oideachas agus Talmhaíocht | 3.71 | 6.10 |
| Ilchineálach | 3.04 | 5.00 |
| Rátaí | 11.17 | 18.36 |
| Ciste Rialtais Aitiúil | 13.8 | 22.68 |
| Muirear Contae | 1.36 | 2.24 |
| Tobhach Pinsin | 1.09 | 1.79 |
| Iomlán | 60.84 | 100 |

## Eagrú agus Riarachán

**Ceannáras na Comhairle,** Teach na Cúirte, Sráid Fhearnáin, An Cabhán
Sonraí Teagmhála

**Contact Details**

| | |
|---|---|
| Teil: | 049 437 8300 |
| Faics: | 049 436 1565 |
| Rphost: | info@cavancoco.ie |
| Suíomh: | www.cavancoco.ie |

**Chun cúnamh a fháil maidir le rochtain eolais agus seirbhísí de chuid Údarás Áitiúla an Chabháin glaoigh orainn led thoil ag 049 437 8300**

| | |
|---|---|
| Airgeadas agus Bainistíocht Agresso | Teil: 049 437 8300 |
| Ionaid Beir Chuge | Teil: 049 437 2700 |
| Príomh-Oifigeach Dóiteáin | Teil: 049 437 8468 |
| Comhshaol | Teil: 049 437 1429 |
| Tithíocht | Teil: 049 437 8333 |
| Oifig Mhótarchánach | Teil: 049 437 8430 |
| Rátaí | Teil: 049 437 8358 |
| Bóithre/Innealtóirí Ginearálta | Teil: 049 437 8341 |
| Seirbhísí Uisce | Teil: 049 437 8300 |
| Oifig Ealaíon, Ionad Fhearnáin, An Cabhán | Teil: 049 437 8546 |
| Corparáideach agus Daonacmhainní | Teil: 049 437 8601 |
| | Faics: 049 436 1565 |
| Bord Forbartha Contae/Pobal agus Fiontar | Teil: 049 437 8602 |
| Oifig Ginealaigh | Teil: 049 436 1094 |
| Seirbhís Leabharlainne | Teil: 049 437 8500 |
| Oifig Phleanála | Teil: 049 437 8600 |
| | Faics: 049 437 8729 |
| Oifig Thurasóireachta | Teil: 049 433 1942 |
| Amharclann an Reamhoir, Achadh an Iúir | |
| | Teil: 049 854 7074 |
| Músaem an Chontae, Baile Shéamais Dhuibh | Teil: 049 854 4070 |
| | Faics: 049 854 4332 |
| Ceantar Bóithre Choill an Chollaigh , Teach na Cúirte | Teil: 049 966 5135 |
| Ceantar Bóithre an Chabháin, Muine Ealla | Teil: 049 437 8700 |
| Ceantar Bóithre Bhéal Tairbirt, Béal Átha Chonaill | Teil: 049 952 6121 |
| Uisce an Chabháin Thiar, An Crianach, Béal Tairbirt | Teil: 049 952 2101 |
| Uisce an Chabháin Thiar, Muinchille | Teil: 049 555 2395 |
| Ceantar Bóithre Bhaile Shéamais Dhuibh, Achadh an Iúir | Teil: 049 854 7013 |
| Comhairle Baile an Chabháin, Sráid Halla an Bhaile | Teil: 049 437 8690 |
| | Faics: 049 433 1393 |
| | Rphost: tcinfo@cavantc.ie |
| | Suíomh: www.cavantc.ie |

| | |
|---|---|
| **Leabharlanna Lánaimseartha** | |
| Leabharlann Cheannais Mhic Sheáin, Sráid Fhearnáin | Teil: 049 437 8500 |
| An Ceannáras, Sráid Fhearnáin, An Cabhán | Teil: 049 437 8505 |
| Leabharlann Choill an Chollaigh, Teach an Mhargaidh | Teil: 042 966 5779 |
| Leabharlann Mhuinchille, Sráid an Droichid | Teil: 049 555 9873 |
| | |
| **Leabharlanna Páirtaimseartha** | Teil: 049 433 5905 |
| Leabharlann Bhéal Atha Chonaill, Sráid na hEaglaise | Teil: 049 952 6844 |
| Leabharlann Bhaile Shéamais Dhuibh, Páirc Percy French | Teil: 049 854 5184 |
| Leabharlann Bhéal Tairbirt, Halla an Bhaile | Teil: 049 952 2683 |
| Leabharlann Chill na Seanrátha, Ionad Pobail | Gan Fón |
| Leabharlann Dhún an Rí, Halla Mhuire | Gan Fón |
| Leabharlann Achadh an Iúir, Bóthar Choill an Chollaigh | Teil: 049 854 8456 |